Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

14223/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0345(COD)**

**ENV 1088**
**SAN 580**
**COMPET 848**
**CONSOM 274**
**AGRI 596**
**CODEC 1634**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 541 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 541 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 541 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.10.2022
COM(2022) 541 final

2022/0345 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 541 final} - {SWD(2022) 541 final} - {SWD(2022) 544 final}

# CLÁR

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN .......... 2

1. COMHTHÉACS AN TOGRA .......... 2

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT .......... 5

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR .......... 6

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA .......... 12

5. EILIMINTÍ EILE .......... 12

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Glacadh an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh[1] (UWWTD) in 1991. Is é is cuspóir don Treoir seo 'an comhshaol a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha fuíolluisce a sceitear ó fhoinsí uirbeacha agus ó thionscail shonracha'. Ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéantar an fuíolluisce a thagann ó gach ceirtleán ina bhfuil os cionn 2 000 áitritheoir a bhailiú agus an chóireáil de réir chaighdeáin íosta an Aontais. Ní foláir do na Ballstáit 'limistéir íogaire' a ainmniú freisin, de réir na gcritéar a áirítear sa Treoir, a bhfuil feidhm ag caighdeáin agus sprioc-amanna níos déine maidir leo. Ina theannta sin, tuairiscíonn na Ballstáit gach 2 bhliain maidir le cur chun feidhme na Treorach. Foilsíonn an Coimisiún an fhaisnéis sin i dtuarascálacha dhébhliantúla.

Rinneadh grinn-mheastóireacht[2] REFIT ('an Mheastóireacht') ar an Treoir a thabhairt chun críche in 2019 agus deimhníodh léi gur tháinig laghdú suntasach ar scaoileadh truailleán mar thoradh ar chur chun feidhme na Treorach seo. Ar fud an Aontais, déantar cóireáil i gcórais láraithe ar fhuíolluiscí a thagann ó thart ar 22 000 cathair, is é sin an méid truaillithe a chruthófaí de thoradh 520 milliún coibhéis daonra (CD)[3]. Is féidir na hiarmhairtí ar cháilíocht an uisce i lochanna, aibhneacha agus farraigí an Aontais a fheiceáil agus a bhrath.

Tá an tsimplíocht a bhaineann le ceanglais na Treorach ar cheann de na príomhchúiseanna le héifeachtacht na Treorach, simplíocht lena gceadaítear forfheidhmiú éasca. Sa lá atá inniu ann, déantar bailiú leormhaith ar sciar 98 % d'fhuíolluiscí an Aontais agus déantar cóireáil leormhaith ar sciar 92 % díobh, fiú más fíor go mbíonn deacrachtaí fós ag líon teoranta Ballstát comhlíonadh iomlán a bhaint amach. Le cistí an Aontais soláthraítear tacaíocht riachtanach chun cabhrú leis na Ballstáit na leibhéil infheistíochta is gá a bhaint amach. Ar an meán gach bliain leithdháiltear EUR 2 bhilliún chun infheistíochtaí a dhéanamh i soláthar agus sláintíocht an uisce san Aontas. De réir na Meastóireachta, chonacthas dea-thoradh ar an gcur chuige seo ina gcomhcheanglaítear forfheidhmiú agus tacaíocht airgeadais, agus chuidigh sé le **leibhéil arda chomhlíontachta** leis an Treoir a áirithiú de réir a chéile.

Is cuideachtaí poiblí iad na hoibreoirí gléasraí fuíolluisce (60 % díobh) atá ar úinéireacht ag údaráis inniúla phoiblí. Is féidir leo a bheith ina gcuideachtaí príobháideacha freisin atá ag oibriú d'údarás poiblí inniúil nó do chuideachtaí measctha. Is cuid de mhargadh 'faoi chuing' iad ós rud é nach féidir le daoine agus gnólachtaí atá nasctha leis an líonra poiblí a n-oibreoirí a roghnú. Leis an Meastóireacht agus an próiseas comhairliúcháin araon deimhníodh go bhfreagraíonn an earnáil go príomha do cheanglais dhlíthiúla.

Sainaithníodh sa Mheastóireacht go bhfuil trí phríomhshraith dúshlán fós ann, agus úsáidtear iad mar bhonn chun na fadhbanna don mheasúnú tionchair a shainiú:

1 IO L 135, 30.5.1991

2 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2019) 700, *Meastóireacht ar Threoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh.*

3 Is é an 'choibhéis daonra' (CD) an t-aonad caighdeánach a úsáid chun an truailliú a thomhas. Tugtar tuairisc leis ar an meánmhéid truaillithe a scaoileann duine amháin in imeacht lá amháin. Anuas ar ábhair a scaoileann saoránaigh an Aontais, déantar cóireáil freisin i saoráidí cóireála láraithe ar fhuíolluiscí ó FBManna atá nasctha leis na líonraí bailithe poiblí.

**1. Truailliú atá fágtha ó fhoinsí uirbeacha**: leis an Treoir spriocdhírítear ar thruailliú ó fhoinsí tí a bhailítear agus a chóireáiltear i saoráidí láraithe. Is lú an aird a thugtar ar fhoinsí truaillithe uirbigh eile, arb iad atá ag éirí ceannasach anois (cathracha níos lú ina mbíonn níos lú ná 2 000 CD, saoráidí díláraithe, truailliú ó uisce báistí). Tá na teorainnluachanna maidir le roinnt truailleán a chóireáil as dáta anois i gcomparáid leis an dul chun cinn teicniúil a rinneadh ó 1991, agus tháinig truailleáin nua chun cinn amhail micreaphlaistigh nó micreathruailleáin, ar ábhair iad atá inn ann dochar a dhéanamh don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí ar leibhéal an-íseal tiúchana cheana féin.

2. **An Treoir a ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip[4]:** ó glacadh an Treoir, tháinig dúshláin shochaíocha nua chun cinn. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip leagtar síos cuspóirí uaillmhianacha beartais chun an t-athrú aeráide a chomhrac, feabhas a chur ar chiorclacht gheilleagar an Aontais agus laghdú a chur ar an díghrádú comhshaoil. Is gá iarrachtaí breise a dhéanamh in earnáil an fhuíolluisce chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: laghdú a chur ar astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hearnála (34,45 milliún tona Co2in$_2$in aghaidh na bliana - is é sin sciar thart ar 0,86 % de líon iomlán astaíochtaí an Aontais), laghdú a chur ar thomhaltas fuinnimh na hearnála (sciar thart ar 0,8 % den mhéid fuinnimh iomlán a úsáidtear san Aontas) agus an earnáil a dhéanamh níos ciorclaí tríd an mbainistiú sloda a fheabhsú (go háirithe trí aisghabháil níos fearr ar nítrigin agus fosfar agus ar ábhar orgánach a d'fhéadfadh a bheith luachmhar) agus athúsáid uisce cóireáilte a mhéadú go sábháilte.

**3. Leibhéal rialachais neamhleor agus míchothrom:** Léirítear sa Mheastóireacht agus sna staidéir ó ECFE go mbíonn difríochtaí móra ann i leibhéil feidhmíochta agus trédhearcachta na n-oibreoirí ó cheann go chéile. Ina theannta sin, i dtuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí[5] cuireadh i dtábhacht nach gcuirtear i bhfeidhm go leormhaith an prionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as'. D'fhéadfaí feabhas a chur na modhanna faireacháin agus tuairiscithe go háirithe trí thuilleadh digitithe a úsáid. Ar deireadh, le géarchéim COVID-19 a tharla le déanaí chonacthas gur foinse an-ghasta agus iontaofa d'fhaisnéis úsáideach don tsláinte phoiblí iad na fuíolluiscí i gcás ina ndéantar dea-chomhordú ar na húdaráis inniúla sláinte agus bainistithe fuíolluisce.

Tá an t-athbhreithniú ar an Treoir ar cheann de na nithe atá le déanamh faoin bplean gníomhaíochta um thruailliú nialasach_. Is é is príomhchuspóir dó aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite ar bhealach costéifeachtach agus, ag an am céanna, an Treoir a choimeád chomh simplí agus is féidir chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí a ceanglas a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an athbhreithniú ar UWWTD meastar go dtiocfaidh laghdú breise ar sceitheadh truaillithe ó fhoinsí uirbeacha. Ar an gcaoi sin, tá nasc díreach aige le hathbhreithniú na liostaí truailleán faoin Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil[6] agus faoin Treoir maidir le Screamhuisce[7] – dhá 'fho-'Threoir den Treoir Réime maidir le hUisce[8] , lena rialaítear

[4] COM(2019) 640 final
[5] Tuarascáil Speisialta 12/2021: *An Prionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as': Cur i bhfeidhm neamhréireach ar fud bheartais agus ghníomhaíochtaí comhshaoil an Aontais*
[6] IO L 348, 24.12.2008
[7] IO L 372, 27.12.2006
[8] IO L 327, 22.12.2000

leibhéil inghlactha na dtruailleán i dobharlaigh uisce dromchla agus screamhuisce. Mar thoradh ar an athbhreithniú ar UWWTD imreofar tionchar dearfach ar na hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí,[9] agus ar an athbhreithniú ar an Treoir um Uisce Snámha[10]. Tá nasc aige freisin leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha[11] agus leis an athbhreithniú gaolmhar ar an Rialachán maidir le PRTR Eorpach[12], de bhrí go mbailítear roinnt astaíochtaí tionsclaíocha i líonraí bailithe poiblí. Maidir le gníomhaíochtaí breise a áirítear san athbhreithniú ar UWWTD chun micreathruailleáin a laghdú a thuilleadh agus go háirithe cinn a thagann ó úsáid táirgí íocshláinte agus táirgí cúraim phearsanta, rannchuideoidh siad le cur chun feidhme fónta na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht agus na Straitéise Cógaisíochta[13].

Léirítear go soiléir sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[14] gur gá an earnáil fuíolluisce uirbigh a chomhtháthú níos fearr leis an ngeilleagar ciorclach. Baineann sé sin le hábhar go háirithe i gcás na Treorach maidir le Sloda Séarachais[15], lena rialaítear úsáid sloda séarachais sa talmhaíocht agus lena mbaineann impleachtaí don togra maidir le cáilíocht na hithreach a fógraíodh i Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh do 2030.

Tá naisc dhíreacha leis an Straitéis Bhithéagsúlachta de bhrí go n-imrítear tionchar tairbheach díreach ar na héiceachórais nuair a laghdaítear truailliú an uisce. Gníomhaíochtaí a dhéantar i gcathracha glasa, amhail na cinn sin a eascraíonn as an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra[16], is féidir ní hamháin dea-ghnáthóga a chruthú leo do phailneoirí, éin agus speicis eile, ach cuidíonn siad go díreach freisin le huisce báistí agus truailliú gaolmhar a rialú, agus ag an am céanna feabhas a chur ar cháilíocht na beatha. Rannchuideofar leis an oiriúnú i leith na haeráide ach bainistiú níos fearr a dhéanamh ar cháilíocht agus cainníochtaí uisce i gceantair uirbeacha.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Mar gheall ar an réaltacht gheopholaitiúil nua ní mór don Aontas dlús as cuimse a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan chun deireadh a chur lena spleáchas ar sholáthróirí neamhiontaofa agus ar bhreoslaí iontaise luaineacha. I gcomhréir le cuspóirí phlean REPower EU[17] agus le togra dlíthiúil 2022 COM(2022)222 lena leasaítear an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, ina sainaithnítear cheana féin gur saoráidí 'atá le spriocdhíriú' iad saoráidí cóireála fuíolluisce, leis an athbhreithniú ar an Treoir meastar go rannchuideofar go díreach leis na cuspóirí sin trí chuspóir soiléir intomhaiste a shocrú chun neodracht fuinnimh a bhaint amach in earnáil na cóireála fuíolluisce faoi 2040. De réir an mhéid a chonacthas sna Ballstáit is forbartha, is féidir an cuspóir sin a bhaint amach trí mheascán gníomhaíochtaí a dhéanamh chun an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabal 'Tosaíocht na hÉifeachtúlachta Fuinnimh', agus tríd an bhfuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, go háirithe bithghás ó shloda, rud ar féidir a chur in ionad allmhairí gáis nádúrtha.

[9] IO L 164, 25 Meitheamh 2008
[10] IO L 64, 04 Márta 2006
[11] IO L 334, 17.12.2010
[12] IO L 33, 4.2.2006
[13] COM(2020) 761 final.
[14] COM(2020) 98 final.
[15] IO L 181, 4 Iúil 1986.
[16] COM/2022/304 final.
[17] COM(2022) 108 final.

Tá an cuspóir seo go hiomlán comhsheasmhach cuspóir aeráidneodrachta an Aontais mar a áirítear i Dlí Aeráide an Aontais[18] arna chomhcheangal leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill[19], lena gceanglaítear ar na Ballstáit laghdú a chur ar a gcuid astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ó earnálacha neamh-CTA de réir cuspóirí náisiúnta. Tá sé comhsheasmhach freisin leis an togra athmhúnlaithe de chuid na Treorach maidir le Fuinneamh Inathnuaite a rinneadh le déanaí[20] ina n-áirítear mar sprioc bhliantúil laghdú 1,7 % ar an tomhaltas fuinnimh do gach comhlacht poiblí, agus le togra 2021 le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite[21] agus le Plean REPowerEU ina n-áirítear cuspóir méadaithe arb é sciar 45 % den fhuinneamh a bheith ina fhuinneamh inathnuaite faoi 2030. D'fhéadfadh an tionscnamh rannchuidiú freisin le cuspóir REPower EU ó thaobh méadú a chur ar an leibhéal bithmheatáin a tháirgtear san Aontas go dtí 35 bhilliún méadar ciúbach in 2030, agus le togra COM/2021/805 ón gCoimisiún le haghaidh rialachán arb é is aidhm dó astú meatáin a laghdú.

Tá athbhreithniú na Treorach seo go hiomlán i gcomhréir le tograí críochnaitheacha na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, go hairithe na tograí maidir le dul i ngleic leis an truailliú, agus go sonrach Togra 2.7 chun 'Foinsí uisce a chosaint agus truailliú na n-aibhneacha agus an aigéin a chomhrac, lena n-áirítear taighde a dhéanamh ar an truailliú ó ábhair mhicreaphlaisteacha agus an truailliú de dheasca ábhair mhicreaphlaisteacha a chomhrac'.

Ar deireadh, leis an togra seo rannchuideofar go díreach le prionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[22]. Tá an tAontas tiomanta freisin do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ar ceann díobh SDG 6 maidir le rochtain do chách ar shláintíocht agus sláinteachas atá leormhaith agus cothrom.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

An UWWTD atá ann faoi láthair tá sé bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)[23], ina luaitear *go ndíreoidh beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol ar ardleibhéal cosanta a bhaint amach agus aird á tabhairt ar éagsúlacht na staideanna i réigiúin éagsúla an Aontais. Beidh sé bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar na prionsabail gur cheart beart coisctheach a dhéanamh, go dtabharfar tosaíocht do bhearta chun damáiste don chomhshaol a cheartú ag an bhfoinse agus gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as.* Dá bhrí sin ní mór gníomhaíocht a dhéanamh i réimse an bhainistithe fuíolluisce de réir na bpríomhfhorálacha sin agus i bhfianaise na hinniúlachta comhroinnte leis na Ballstáit. Ciallaíonn sé sin nach féidir leis an Aontas reachtaíocht a rith ach amháin agus aird cuí á tabhairt ar phrionsabail an riachtanais, na coimhdeachta agus na comhréireachta.

[18] IO L 243, 9.7.2021.
[19] IO L 156, 19.6.2018.
[20] IO L 315, 14.11.2012.
[21] COM/2021/557 final.
[22] COM/2021/102 final.
[23] IO C 326, 26.10.2012

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá sé rí-thábhachtach i gcónaí go ngníomhóidh an tAontas chun a áirithiú go mbeidh na daoine go léir a chónaíonn san Aontas in ann tairbhe a bhaint as cáilíocht fheabhsaithe uisce sna haibhneacha, sna lochanna, sa screamhuisce agus sna farraigí. De bhrí go bhfuil sciar 60 % de dhobharlaigh an Aontais de chineál trasteorann, is gá an leibhéal céanna cosanta a áirithiú i ngach áit agus de réir na rithime céanna, chun go seachnófaí an baol go gcuirfí i gcontúirt iarrachtaí a dhéanann roinnt Ballstát mar thoradh ar an easpa dul chun cinn a dhéanann Ballstáit eile. Léiríodh sa Mheastóireacht go raibh an Treoir ina húdar uathúil spreagtha ó thaobh infheistíochtaí sna bonneagar is gá.

Deimhníodh freisin leis an Meastóireacht gur féidir le gníomhaíocht an Aontais **leibhéal cothrom cosanta don chomhshaol agus do shláinte an duine** a áirithiú ar fud na mBallstát go léir. Tá UWWTD á chur chun feidhme le 30 bliana anuas, agus lena linn sin caomhnaíodh nó, i roinnt gcásanna, feabhsaíodh cáilíocht na láithreacha uisce snámha (is é sin láithreacha turasóireachta agus áineasa), cáilíocht an amhuisce a úsáidtear chun uisce óil a tháirgeadh agus cáilíocht na ndobharlach i gcoitinne. Le paindéim COVID-19 le déanaí léiríodh idirspleáchas na mBallstát i dtéarmaí scaipeadh víreas. Rachadh sé chun tairbhe don Aontas ar fad rianú éifeachtach, tapa agus comhchuibhithe a áirithiú ar fhachtóirí pataigineacha san fhuíolluisce. In éagmais gníomhaíocht chomhchuibhithe chomhtháite san Aontas, ní fhéadfaí cineálacha nua víreas a rianú agus suirbhé a dhéanamh maidir le **paraiméadair shláinte** ábhartha eile san fhuíolluisce ach amháin i líon beag Ballstát, agus é sin sna Ballstáit is forbartha is dócha.

Ba cheart a áirithiú go gcuirfear feabhas ar an **rochtain ar shláintíocht** do gach duine a bhfuil cónaí orthu san Aontas. Ina theannta sin ba cheart a áirithiú go mbeidh **rochtain chothrom ar an bpríomhfhaisnéis** ag cách (faoi fheidhmíocht eacnamaíoch agus chomhshaoil na n-oibreoirí fuíolluisce). Tá na Ballstáit uile ag tabhairt aghaidh ar na hiarmhairtí a bhaineann leis an **athrú aeráide**, go háirithe i ndáil lena gcórais hidreolaíocha. Tá athruithe tagtha ar thitim shéasúrach na báistí, rud a chuireann méadú – anuas ar thuilte - ar na rioscaí truaillithe mar thoradh ar uiscí báistí neamhchóireáilte (forsceitheadh uisce stoirme agus rití chun srutha uirbeacha). Ar an gcaoi chéanna, faightear sna Ballstáit go léir truailleáin atá ag teacht chun cinn amhail micreathruailleáin nó micreaphlaistigh. Is amhlaidh atá an cás freisin maidir leis an gcuid is mó de na hualaí eile ó fhoinsí uirbeacha a théann i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce sna Ballstáit go léir. Anuas air sin, tá na cúiseanna leis na fadhbanna a shainítear thar a bheith cosúil lena chéile ó Bhallstát go chéile.

Ar deireadh, léirítear sa Mheastóireacht go raibh caighdeáin an Aontais ina spreagadh ríthábhachtach maidir le forbairt a dhéanamh ar **thionscadal uisce san Aontas atá iomaíoch go domhanda**. Ó glacadh an Treoir, cruthaíodh roinnt mhaith cuideachtaí atá ar thús cadhnaíochta i réimse na cóireála fuíolluisce agus tá siad i mbun a gcuid seirbhísí a onnmhairiú timpeall an domhain. Dá ndéanfaí tuilleadh nuachóirithe ar chaighdeáin an Aontais, cuir i gcás trí cheanglais nua a thabhairt isteach maidir le micreathruailleáin nó úsáid fuinnimh, thabharfaí spreagadh don **nuálaíocht** agus ar deireadh thiar do **bharainneacht scála**.

- **Comhréireacht**

Áirítear sa rogha thosaíochta **pacáiste comhréireach** beart ar leis a sholáthraítear **an 'luach ar airgead' is fearr** as measc na roghanna féideartha go léir (féach Roinn 7.1 den mheasúnú

tionchair chun tuilleadh sonraí a fháil). Caitheadh dua ar leith ionas go dtiocfaí ar an réiteach is fearr bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- an measúnú costais agus tairbhe (nó an anailís ar chost-éifeachtúlacht i gcás micreathruailleán, d'éagmais modh iontaofa chun luach airgid a chur ar an na sochair): **na sochair ar ar cuireadh luach airgid, bíonn siad níos airde go córasach ná an costas** a bhaineann le gach beart aonair de chuid na rogha tosaíochta sna Ballstáit go léir;

- **laghdú ar an ualach riaracháin agus in-fhorfheidhmitheacht:** trí gan ach líon teoranta saoráidí nó ceirtleán a spriocdhíriú, is féidir torthaí suntasacha a fháil i ndáil le paraiméadair thábhachtacha amhail laghdú truaillithe, úsáid fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ag an am céanna an t-ualach riaracháin a choinneáil ar leibhéal comhréireach agus leibhéal ard in-fhorfheidhmitheachta a áirithiú;

- **cur chuige rioscabhunaithe** a thabhairt isteach i gcás an chuid is mó de na bearta atá beartaithe, rud a chuideoidh lena áirithiú go ndéanfar na infheistíochtaí sna háiteanna is mó ina bhfuil gá leo.

Nuair ba déanamh amhlaidh chun teacht ar réitigh optamacha áitiúla, cuireadh solúbthacht ar fáil na húdaráis náisiúnta nó áitiúla. Is amhlaidh atá an cás, mar sampla, chun an cuspóir maidir le neodracht fuinnimh a bhaint amach nó chun astaíochtaí ó uisce báistí a laghdú a bhuí le pleananna comhtháite bainistithe uisce.

- **An rogha ionstraime**

Is fearr is féidir cuspóir an tionscnaimh a shaothrú trí athmhúnlú ar an Treoir arb í – mar a léirítear i Meastóireacht REFIT – an ionstraim dhlíthiúil is iomchuí chun bailiú agus cóireáil fuíolluisce uirbigh a rialáil.

Le treoir ceanglaítear ar na Ballstáit a cuspóirí a bhaint amach agus an beart a chur chun feidhme ina gcórais náisiúnta dlí shubstaintigh agus nós imeachta. Bíonn saoirse níos mó ag na Ballstáit faoin gcur chuige sin agus beart de chuid an Aontais á chur i bhfeidhm acu ná mar a bhíonn i gcás rialacháin, sa mhéid is gur féidir leis na Ballstáit an bealach is iomchuí a roghnú chun na bearta sa Treoir a chur chun feidhme.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh meastóireacht REFIT ar UWWTD in 2019. As measc na dtrí phríomhdhúshlán a sainaithníodh sa Mheastóireacht (féach thuas), léiríodh sa mheasúnú ar éifeachtacht na Treorach **gur éirigh léi laghdú a chur ar ualaí na dtruailleán spriocdhírithe** ó fhoinsí pointí uirbeacha (fuíolluisce intíre/uirbeach agus truailliú tionsclaíoch atá comhchosúil leis). Tháinig laghdú 61 %, 32 % agus 44 % faoi seach idir na blianta 1990 agus 2014 ar ualaí éilimh bithcheimicigh ar ocsaigin, ualaí nítrigine agus ualaí fosfair. Is léir gur chuir sé sin feabhas ar cháilíocht na ndobharlach san Aontas.

Léiríodh sa mheasúnú ar chomhleanúnachas go bhfuil an Treoir comhleanúnach go hinmheánach ar an iomlán. Oibríonn UWWTD ar an iomlán ar bhonn sineirge le píosaí eile reachtaíochta de chuid an Aontais agus rannchuidíonn sé go láidir chun cuspóirí na **Treorach Réime maidir le hUisce**, na **Treorach maidir le hUisce Snámha** agus na **Treorach maidir le hUisce Óil**[24] a bhaint amach. Is ann do roinnt cásanna forluite teoranta ó thaobh cé na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le UWWTD i gcomparáid leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Go ginearálta, níl aon saincheisteanna ann maidir le comhleanúnachas le beartais nua de chuid an Aontais; féadfaidh raon feidhme a bheith ann, áfach, chun feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht idir UWWTD agus beartais aeráide agus fuinnimh.

Léiríodh san anailís ar ábharthacht agus éifeachtacht go bhfuil gá le hidirghabháil leanúnach go háirithe ó tharla go bhfuil fuíolluisce uirbeach a chóireáiltear go míchuí nó nach gcóireáiltear ar cheann de na príomhchúiseanna go dteipeann ar uiscí an Aontais ar a laghad stádas maith a bhaint amach faoin Treoir Réime maidir le hUisce. Thairis sin, is mar shaincheist atá ag éirí níos tábhachtaí a bhreathnaíonn an pobal eolaíochta, lucht ceaptha beartas agus an pobal i gcoitinne ar an mborradh atá faoin bhfianaise ar **éilleáin ar ábhar imní iad atá ag teacht chun cinn**, lena n-áirítear micreathruailleáin amhail táirgí cógaisíochta agus micreaphlaistigh sna dobharlaigh.

A mhéid a bhaineann le féidearthachtaí geilleagair chiorclaigh, tá forálacha teoranta in UWWTD maidir le hathúsáid fuíolluisce agus sloda nó aisghabháil comhpháirteanna luachmhara. Níor forfheidhmíodh go dian riamh na forálacha sin, i bpáirt mar gheall ar easpa caighdeán láidir comhchuibhithe a bheith ann ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus mar gheall ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine.

Leis an measúnú breisluacha AE, ar lena linn a rinneadh breithniú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann UWWTD prionsabal na coimhdeachta, léiríodh gur aithin na páirtithe leasmhara go forleathan go raibh gá i gcónaí leis an Treoir, agus go mbainfeadh tionchair dhiúltacha leis an Treoir a tharraingt siar. Leis an Treoir tugtar tacaíocht don chosaint a thugtar do thart ar 60 % d'abhantracha uisce trasteorann an Aontais ó na héifeachtaí díobhálacha a thagann de sceitheadh fuíolluisce. Ar deireadh, sainaithníodh sa Mheastóireacht, agus cuireadh ar áireamh san athbhreithniú ar an Treoir, féidearthachtaí éagsúla chun an digitiú a shimpliú agus a úsáid ar bhealach níos fearr.

Cuireadh feabhas ar an Meastóireacht tar éis na moltaí ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála (tuairim an 17 Iúil 2019) go háirithe maidir leis an méid a bhaineann leis na príomhchúiseanna atá leis na deacrachtaí comhlíontachta i roinnt de na Ballstáit, leis an gcomhthéacs níos leithne a imríonn tionchar ar cháilíocht uiscí an Aontais, agus leis an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le truailleáin. Atreisíodh na conclúidí agus soláthraíodh tuilleadh mionsonraí maidir le cás gach Ballstáit.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuireadh i bhfeidhm ar an Meastóireacht, agus ansin ar an measúnú tionchair, próiseas comhairliúcháin críochnúil a raibh ar áireamh ann éagsúlacht gníomhaíochtaí comhairliúcháin difriúla, mar a leagadh amach sa straitéis chomhairliúcháin. Is éard a bhí sna modhanna a roghnaíodh chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agallaimh leathstruchtúrtha,

[24] IO L 435, 23.12.2020

ceardlanna idirghníomhacha, comhairliúchán poiblí leathan ar líne chun teacht ar réimse mór páirtithe leasmhara maidir le hábhair éagsúla agus comhairliúchán i scríbhinn maidir le faisnéis fhíorasach agus toimhdí maidir le samhaltú. Reáchtáladh comhdháil deiridh le páirtithe leasmhara chun tuairimí a fháil maidir leis na roghanna beartais éagsúla a mhol an Coimisiún.

Mhair an comhairliúchán poiblí ar líne ar feadh 12 sheachtain, ón 28 Aibreán go dtí an 21 Iúil 2021. Fuarthas 285 fhreagra san iomlán, agus tíolacadh 57 pháipéar seasaimh. Le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar líne bailíodh tuairimí na bhfreagróirí maidir leis na fadhbanna a bhaineann le truailliú fuíolluisce agus maidir le conas is fearr aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin. Leis na ceisteanna éilíodh ar na rannpháirtithe scór a bhronnadh ar bhearta molta de réir scála ó 1 (an ceann is lú lena gcomhaontaítear/an ceann is lú is éifeachtach) go dtí 5 (an ceann is mó lena gcomhaontaítear/an ceann is mó is éifeachtach).

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit roinnt uaireanta. Le linn cruinniú sonrach le saineolaithe na mBallstát fuarthas cuidiú chun dea-chleachtais agus roghanna féideartha a shainaithint i dtús an phróisis. Críochnaíodh an méid trí chomhairliúchán sonrach le gach Ballstát in 2020 chun bonnlíne láidir a thógáil (féach an méid thíos). Ina theannta sin, reáchtáladh ceithre cheardlann théamacha ar líne in 2021 maidir le (i) faireachán agus tuairisciú; (ii) fuíolluisce agus sloda; (iii) costas agus tairbhí; agus (iv) faireachán comhtháite ar uisce. Tionóladh comhdháil deiridh ar líne leis na páirtithe leasmhara an 26 Deireadh Fómhair 2021 chun na príomhroghanna agus céad torthaí an mheasúnaithe tionchair a chur i láthair (312 rannpháirtí ó 226 eagraíocht in 27 mBallstát).

Ar an iomlán, thángthas ar chomhaontú ginearálta i measc na bpáirtithe leasmhara maidir leis an ngá atá ann chun an Treoir a athbhreithniú agus a nuachóiriú agus maidir leis na príomhroghanna atá le breithniú don anailís sa mheasúnú tionchair. Ar an mórgóir tugann na páirtithe leasmhara tacaíocht mhaith do na bearta a áirítear sa rogha thosaíochta, fad is go bhfeictear roinnt miondifríochtaí ag brath ar na roghanna agus ar na grúpaí páirtithe leasmhara.

Mar shampla, chonacthas comhaontú leathan i measc na bpáirtithe leasmhara maidir leis an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar shaincheist na micreathruailleán ón bhfuíolluisce. Cé is moite de roinnt páirtithe leasmhara gnó (cuid de thionscal na gceimiceán agus na dtáirgí cógaisíochta), thug na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear gnólachtaí a bhaineann le hearnáil an uisce, tacaíocht don cheanglas micreathruailleáin a bhaint den fhuíolluisce. D'áitigh formhór na bpáirtithe leasmhara freisin go raibh sé tábhachtach na bearta a dhéanamh ag an bhfoinse ach freisin gur gá an prionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' a chur i bhfeidhm níos fearr trí fhreagracht airgeadais a chur ar tháirgeoirí as na costais a bhaineann leis na cóireálacha breise is gá chun micreathruailleáin a chóireáil. Fuair cur chuige na freagrachta leathnaithe táirgeoirí (EPR) tacaíocht leathan ó thromlach na bpáirtithe leasmhara, seachas na tionscail táirgí cógaisíochta agus cheimiceacha nach bhfuil i bhfabhar córas den sórt sin , go háirithe ar an bhforas gur cheart do na gníomhaithe uile atá rannpháirteach sa slabhra soláthair (ón tionscal go dtí na tomhaltóirí) an fhreagracht airgeadais a roinnt nó gur cheart do na húdaráis phoiblí dul faoi.

Fuarthas tacaíocht leathan i gcomhair iniúchtaí fuinnimh, fad is gur thug na Ballstáit nó údaráis áitiúla níos lú tacaíochta do chuspóirí agus spriocanna AE-bhunaithe ná mar a thug páirtithe leasmhara eile. San aiseolas breise a fuair na hionadaithe is tábhachtaí ón tionscal uisce léiríodh go raibh toil ann go n-áireofaí spriocanna aeráidneodrachta agus spriocanna neodrachta fuinnimh araon le sprioc-am níos giorra (2030) ná an sprioc atá beartaithe sa tuarascáil seo. Thug an chuid is mó de na Ballstáit níos forbartha tacaíocht do sprioc uile-

Aontais atá ar aon dul lena sprioc féin. Ar deireadh, d'iarr na páirtithe leasmhara tuilleadh soiléireachta maidir le gnéithe áirithe amhail na critéir chun ainmniú a dhéanamh ar limistéir 'íogaire' atá faoi réir an eotrófaithe.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Seachas an comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, úsáideadh na príomhfhoinsí faisnéise seo a leanas chun an measúnú tionchair a chur i dtoll a chéile:

**Samhlacha arna bhforbairt ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC)**: In imeacht roinnt blianta, tá JRC tar éis samhlacha maidir le cáilíocht agus cainníocht uisce san Aontas a fhorbairt. Cuireadh na samhlacha sin in oiriúint do na ceisteanna a bhaineann leis an Meastóireacht agus an measúnú tionchair.

**Comhairliúchán le saineolaithe *ad hoc***: faoi chomhcheannasaíocht JRC agus Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil (AS ENV), chuathas i gcomhairle le mionchuibhreannas saineolaithe maidir le ceisteanna beartais sonracha (Córais Aonair Iomchuí – frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, forsceitheadh ábhar agus rití chun srutha uirbeacha ó chomhchóras séarachais, cothaithigh, micreaphlaistigh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa). I gcás gach saincheiste, ullmhaíodh tuarascáil agus úsáideadh í go díreach sa mheasúnú tionchair nó chun samhail JRC a fheabhsú. Meastar go bhfoilseofar na tuarascálacha go léir sna míonna atá le teacht.

Tacaíocht ón **Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta** (ECFE): Chomhoibrigh AS ENV le ECFE chun modheolaíocht tairbhí a fhorbairt don mheasúnú tionchair. Tá ECFE tar éis roinnt tuarascálacha a chur i dtoll a chéile freisin ag tacú le Meastóireacht REFIT. Ina theannta sin, sholáthair ECFE anailís ar na saincheisteanna a bhaineann le trédhearcacht agus rialachas.

**Grinn-Chomhairliúchán leis na Ballstáit:** eagraíodh comhairliúchán sonrach le gach Ballstát in 2020 chun cás bonnlíne daingean a bhunú agus chun fianaise a bhailiú maidir leis na dea-chleachtais. I gcás gach tíre, rinneadh comhad a réamh-chomhlíonadh leis na hipitéisí a raibh sé beartaithe ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde iad a úsáid i gcomhthéacs an tsamhaltaithe. Sholáthair gach Ballstát míreanna ionchuir *ad hoc* le linn an chomhairliúcháin seo.

Chun tacú leis an measúnú tionchair, bronnadh dhá chonradh tacaíochta do **chomhairleoirí seachtracha**, ceann amháin don mheasúnú tionchair ginearálta agus ceann eile i ndáil leis an bhféidearthacht go mbunófaí córas freagrachta leathnaithe táirgeoirí do mhicreathruailleáin.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair. Tá an bhileog achoimre agus an tuairim dhearfach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála dar dáta an 3 Meitheamh 2022 ar fáil tríd an nasc seo a leanas: Clár Dhoiciméid an Choimisiúin (europa.eu)

I gcás gach faidhbe a ardaíodh sa Mheastóireacht, sainaithníodh roghanna beartais ar bhonn na ndea-chleachtas i bhfeidhm sna Ballstáit agus ar bhonn grinn-chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Caitheadh i dtraipisí go luath sa phróiseas roghanna nach bhfuair tacaíocht ó na páirtithe leasmhara nó roghanna a bhí ró-chasta le cur chun feidhme. Forbraíodh leibhéil éagsúla uaillmhéine ó leibhéal íseal (bearta nach gcuirtear i bhfeidhm ach

ar shaoráidí níos mó) go dtí leibhéal ard (na bearta céanna ach iad curtha i bhfeidhm ar shaoráidí níos lú)[25] agus leibhéal idirmheánach uaillmhéine bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe (bearta nach ndéantar ach amháin i gcás ina bhfuil riosca ann don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí).

I gcás roinnt saincheisteanna, léiríodh sa chomhairliúchán go bhfuil teorainn leis na roghanna – mar shampla i gcás saoráidí neamhláraithe (i.e. córais aonair iomchuí), ó thaobh na trédhearcachta nó i ndáil le faireachán ar pharaiméadair shláinte. Le haghaidh fadhbanna eile (uiscí báistí troma nó úsáid fuinnimh), i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, cuireadh dóthain solúbthachta ar fáil chun go bhféadfaí na réitigh is éifeachtúla ó thaobh costais de a cheapadh ar an leibhéal áitiúil.

Rinneadh measúnú ar thionchar na roghanna trí úsáid a bhaint as samhail de chuid JRC a forbraíodh cheana agus a úsáideadh le haghaidh Meastóireacht REFIT. Mar phointí comparáide forbraíodh **cás bunlíne** (lena nglactar leis go bhfuil an Treoir atá ann cheana á comhlíonadh go hiomlán, maille le sprioc-amanna breise do roinnt Ballstát) agus **cás uasta indéanta**.

I gcás gach faidhbe, bhí rogha na rogha tosaíochta bunaithe ar roinnt critéar: costas/tairbhí, costas/éifeachtacht, leibhéal na ranníocaíochta le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an laghdú ar thruailliú uisce, an in-fhorfheidhmitheacht agus laghdú ar an ualach riaracháin. Áirítear sa rogha thosaíochta **pacáiste comhréireach** beart ar leis a sholáthraítear **an 'luach ar airgead' is fearr** as measc na roghanna féideartha go léir.

Cuirfear na príomhbhearta seo a leanas i bhfeidhm de réir a chéile go dtí 2040.

Leathnófar **raon feidhme** na Treorach chuig ceirtleáin ina bhfuil **os cionn 1 000 CD**

Forbrófar **caighdeáin nua** le haghaidh saoráidí neamhláraithe (**córais aonair iomchuí)** agus ceanglófar ar na Ballstáit **cigireacht éifeachtach** a chur ar bun le haghaidh na saoráidí sin.

Chun laghdú a chur ar an truailliú de dheasca uiscí báistí, ceanglófar ar na Ballstáit **pleananna comhtháite bainistithe uisce** a bhunú agus a chur chun feidhme i ngach ceirtleán mór agus sna ceirtleáin os cionn agus sna ceirtleáin sin ina bhfuil os cionn 10 000 CD agus a bhfuil riosca ann don chomhshaol. Tabharfar tús áite do **bhearta coisctheacha** lena n-áirítear bonneagair ghlasa agus do **bharrfheabhsú** a dhéanamh ar na córais bailithe, stórála agus cóireála fuíolluisce atá ann cheana trí úsáid níos fearr a bhaint as an digitiú bunaithe ar chaighdeáin agus sonraíochtaí atá sainithe go soiléir.

Déanfar an méid cothaitheach a scaoiltear a laghdú a thuilleadh le **teorainnluachanna níos déine** ó thaobh nítrigin agus fosfar a chóireáil. Cuirfear na caighdeáin nua seo i bhfeidhm go córasach maidir leis na saoráidí níos mó go léir ina bhfuil os cionn 100 000 CD ach, ina theannta sin, sna saoráidí go léir ina bhfuil os cionn 10 000 CD agus atá suite i limistéir ina bhfuil an t-eotrófú ina shaincheist i gcónaí.

[25] Socraíodh an tairseach le haghaidh saoráidí 'níos mó' ag 100 000 CD, á chur san áireamh go ndéantar sciar 46 % den ualach a ghintear a chóireáil i líon measartha íseal saoráidí 'níos mó' (974). Socraíodh 10 000 CD mar thairseach eile de bhrí go ndéantar sciar 81 % den ualach a chóireáil i líon 7 527 saoráid os cionn 10 000 CD

Bunófar **teorainnluachanna nua** do **mhicreathruailleáin** a dteastaíonn **cóireáil bhreise** uathu. Bheadh feidhm aige seo ar dtús maidir leis na saoráidí níos mó go léir agus ansin maidir le saoráidí ina bhfuil os cionn 10 000 CD agus a bhfuil riosca ann don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí ar bhonn critéir shoiléire shimplí.

Bunófar córas **freagrachta táirgeoirí** lena spriocdhíreofar táirgí cógaisíochta agus táirgí cúraim phearsanta – arb iad an dá phríomhfhoinse de mhicreathruailleáin dhíobhálacha – chun **costas cóireála breise na micreathruailleán a chumhdach** agus chun táirgeoirí a **spreagadh** le **táirgí nach bhfuil chomh díobhálach céanna**[26] a chur ar mhargadh an Aontais.

Ceanglófar ar na Ballstáit faireachán agus **rianú níos fearr a dhéanamh ag an bhfoinse ar thruailliú tionsclaíoch**. Déanfar amhlaidh chun méadú a chur ar na féidearthachtaí maidir le sloda agus uisce cóireáilte a athúsáid, agus chun laghdú a chur ar an riosca go ndéanfaí substaintí neamh-inchóireáilte a scaoileadh isteach sa chomhshaol agus go dtarlódh mífheidhmiú i ngléasraí cóireála.

Bunófar cuspóir ó thaobh **neodracht fuinnimh** a bhaint amach faoi 2040 ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh na saoráidí fuíolluisce go léir ina bhfuil os cionn 10 000 CD, i gcomhréir leis na dea-chleachtais atá i bhfeidhm cheana i roinnt Ballstát; go sonrach, beidh ar an méid fuinnimh a chaitear san earnáil a bheith cothrom leis méid na cumhachta in-athnuaite a tháirgtear san earnáil; chun rannchuidiú leis an gcuspóir sin; beidh gá le **hiniúchtaí fuinnimh**[27] a dhéanamh sna saoráidí go léir ina bhfuil os cionn 10 000 CD

Chun **rialachas na hearnála** a fheabhsú, iarrfar ar oibreoirí fuíolluisce **táscairí feidhmíochta trédhearcacha a shocrú** agus faireachán a dhéanamh orthu.

Feabhsófar an **rochtain ar shláintíocht** ar bhealach a bheidh go hiomlán comhsheasmhach leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hUisce Óil a glacadh le déanaí, ar treoir í lenar cuireadh feabhas ar an rochtain ar an soláthar uisce.

Feabhsófar **faireachán agus tuairisciú** chun úsáid níos fearr a bhaint as na deiseanna a chuireann **an digitiú** ar fáil.

Ceanglófar ar na Ballstáit comhoibriú a eagrú idir a gcuid **údarás inniúil sláinte agus fuíolluisce** ionas go mbeidh faireachas buan ar bun maidir leis na príomh-pharaiméadair sláinte poiblí, amhail víris éagsúla ar nós SARS-Covid-2 a bheith i láthair sna huiscí.

Roghnaíodh 2040 mar sprioc-am chun **dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit** na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh. Cuirfear cuspóirí eatramhacha ar áireamh ann chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme an Treoir de réir a chéile agus chun a áirithiú go ndéanfar beart ag céim luath i gcás ina dtarlaíonn moilleanna i roinnt Ballstát.

---

[26] Bheadh an córas atá beartaithe cosúil leis na córais atá ar bun le haghaidh dramhaíl sholadach a bhainistiú: bheadh freagracht airgeadais ar allmhaireoirí agus táirgeoirí as cóireáil a dhéanamh ar an truailliú a ghintear mar thoradh ar an gcuid táirgí. Sa chás sin, is iad táirgí cógaisíochta agus táirgí cúraim phearsanta an dá phríomhfhoinse micreathruailleán.

[27] Áireofar sna hiniúchtaí sainaithint chórasach ar an bhféidearthacht go ndéanfaí fuinneamh in-athnuaite a úsáid nó a tháirgeadh ar bhealach cost-éifeachtach i gcomhréir leis na critéir faoi Iarscríbhinn VI den togra ón gCoimisiún le haghaidh athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (COM(2021) 558 final).

Faoi 2040, tráth a mheastar go mbeidh na bearta uile ar bun, is féidir príomhthionchair na rogha tosaíochta a achoimriú mar a leanas:

- I dtéarmaí **truailliú uisce**, i gcomparáid leis an mbunlíne, chuirfí laghdú 4,8 milliún CD (nó 105 014 thona) le haghaidh an éilimh bhitheolaíoch ar ocsaigin (BOD) ar an méid iomlán truaillithe, laghdú 56,4 milliún CD (nó 229 999 dtona) le haghaidh nítrigine (N), laghdú 49,6 milliún CD (nó 29 678 dtona) le haghaidh fosfair (F), laghdú 77,4 milliún CD le haghaidh ualach tocsaineach na micreathruailleán agus laghdú 24,8 milliún CD le haghaidh *E. Coli*. Chuirfí laghdú 9 % ar astaíochtaí micreaphlaisteach, go príomha trí ghníomhaíochtaí o thaobh bainistiú níos fearr ar uiscí báistí.

- Ach a ndéanfar na bearta atá beartaithe chun neodracht fuinnimh a bhaint amach agus an chóireáil bhreise ar nítrigin, chuirfear laghdú 4,86 milliún tona ar **astaíochta gás ceaptha teasa** (**is é sin sciar 37,32 % den na hastaíochtaí ón earnáil atá inseachanta**), rud atá i gcomhréir le cuspóirí Dhlí Aeráide an Aontais agus an phacáiste aeráide 'Oiriúnach do 55'.

- Ó 2040 ar aghaidh, bheadh an **costas iomlán** ar leibhéal EUR 3 848 mbilliún in aghaidh na bliana, méid atá **faoi bhun na sochar ar ar cuireadh luach airgid agus a meastar a bheidh ann** (EUR 6 643 bhilliún in aghaidh na bliana faoi 2040). Tá an chonclúid sin bailí ar leibhéal an Aontais ach i gcás gach Ballstáit freisin. Meastar go gcumhdófar an costas breise sin trí mheascán beart, mar atá, taraifí uisce (sciar 51 %), buiséid phoiblí (sciar 22 %) agus an córas nua freagrachta tairgeoirí (sciar 27 %) le haghaidh micreathruailleáin a chóireáil.

Maidir leo siúd dá ndéantar difear, is iad na **hoibreoirí fuíolluisce** atá freagrach as bailiú, cóireáil, faireachán agus diúscairt cheart a dhéanamh ar na sruthanna dramhaíola éagsúla. Beidh tionchar díreach ag athruithe ar UWWT orthu. Beidh gá le hinfheistíochtaí breise go háirithe chun cothaithigh a bhainistiú ar bhealach níos fearr ach freisin chun micreathruailleáin a chóireáil. Beidh gá freisin le hinfheistíochtaí chun an neodracht fuinnimh a bhaint amach, fiú i gcás ina ndéanfar brabús as na hinfheistíochtaí sin sa mheántéarma/san fhadtéarma.

Déantar difear **don daonra** ó tharla gurb iad na daoine a íocann taraifí uisce agus cánacha chun tacú leis an earnáil cóireála fuíolluisce. Faoi 2040, meastar go mbeidh méadú **2.3 % ar leibhéal an Aontais** ar an meán tar éis teacht ar na **taraifí uisce**, le roinnt difríochtaí le sonrú idir na Ballstáit ag brath ar straitéisí maoinithe na mBallstát. Mar a shonraítear sa Mheasúnú Tionchair, an méadú sin lena bhfuiltear ag coinne, **ní dhéanfaidh sé difear** d'**inacmhainneacht** foriomlán na seirbhísí uisce in aon Bhallstát. Tá sé rí-thábhachtach go n-áirithítear rochtain thrédhearcach ar fhaisnéis faoi ghníomhaíochtaí cóireála fuíolluisce lena n-áirítear maidir leis an nasc idir cúrsaí uisce, cúrsaí fuinnimh agus cúrsaí aeráide. Is chun tairbhe don phobal a rachaidh uisce glan óil agus snámha, stádas feabhsaithe éiceolaíoch na n-uiscí, bithéagsúlacht chaomhnaithe agus feabhsuithe ar fhrithghníomhacht na sláinte poiblí i gcás ráigeanna a d'fhéadfadh brúchtadh.

Rachaidh sé go díreach chun tairbhe don **tionscal teicneolaíochta uisce agus cóireála** caighdeáin níos láidre a bheith ann maille le bearta chun raon feidhme na Treorach a leathnú chuig ceirtleáin níos lú, chun oibríochtaí a bharrfheabhsú agus chun laghdú a chur ar úsáid an fhuinnimh agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Mar thoradh ar an rogha thosaíochta tiocfaidh **deiseanna nua gnó** chun cinn chun teicnící cóireála nua a fhorbairt le linn laghdú a chur ar úsáid an fhuinnimh agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Cuirfear borradh faoin nuálaíocht,

lena gcoinneofar ar bun buntáiste comparáideach do thionscal uisce an Aontais. Beidh ar **thionscail na dtáirgí cúraim phearsanta agus na dtáirgí cógaisíochta** eagraíochtaí nua le haghaidh 'freagracht táirgeoirí' a bhunú agus beidh orthu oibríochtaí na n-eagraíochtaí sin a mhaoiniú. Beidh rogha ag na tionscail sin na costais nua sin a chur le praghsanna a gcuid táirgí (uasmhéadú 0.59 %) nó laghdú ar chur ar chorrlaigh bhrabúis a gcuid táirgí (tionchar uasta meánach 0.7 %).

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir leis na conclúidí ó Mheastóireachta REFIT, cuirfear isteach sa Treoir athbhreithnithe roinnt **soiléirithe agus simplithe**. Is amhlaidh atá an cás mar shampla le haghaidh uiscí báistí agus córais aonair iomchuí, ar ina leith a thabharfaidh na ceanglais nua soiléiriú maidir lena bhfuiltear ag coinne ó na Ballstáit. Scriosfar roinnt **airteagal atá imithe i léig** den téacs amhail an deis chun limistéir 'is lú is íogair' a ainmniú nó laghdú a chur ar na ceanglais i limistéir chósta – dhá dheis nach n-úsáidtear ach i réigiún amháin de chuid Ballstáit amháin. Rinneadh iarrachtaí freisin chun **an tuairisciú a theorannú go dtí eilimintí riachtanacha**, ar eilimintí iad a úsáidfear ansin chun measúnú comhlíontachta a dhéanamh nó chun an dul chun cinn maidir le laghduithe astaíochtaí a rianú. Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin in éindí le húsáid uirlisí digiteacha, meastar go gcuirfear teorainn leis an ualach riaracháin agus ag an am céanna go bhfeabhsófar cáilíocht na sonraí a bhaileofar agus go ngéarófar an luas faoina mbaileofar iad.

- **Cearta bunúsacha**

Mar thoradh ar an togra meastar go gcuirfear feabhas ar chearta bunúsacha tríd an rochtain ar shláintíocht a fheabhsú go háirithe do dhaoine ar an imeall agus do dhaoine leochaileacha, agus é sin ar bhealach atá go hiomlán comhsheasmhach leis an Treoir maidir le hUisce Óil a athbhreithníodh le déanaí (lena n-áirítear forálacha dá samhail maidir le rochtain ar uisce).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Maidir leis an ráiteas airgeadais a bhaineann le himpleachtaí buiséadacha an togra seo agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá don, tá siad comhtháite sa ráiteas airgeadais reachtach le haghaidh an phacáiste maidir le truailliú nialasach a thíolactar mar chuid den togra le haghaidh athbhreithniú na liostaí truailleán a théann i bhfeidhm ar uiscí dromchla agus screamhuisce.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I dTábla 2 thíos tugtar achoimre ar an bpleanáil cur chun feidhme le haghaidh na bpríomhghníomhaíochtaí a áirítear sa rogha thosaíochta. Faoi 2025 bheadh gníomhaíochtaí faireacháin breise ar bun: baineann siad sin le hábhair thionsclaíocha a scaoiltear, le paraiméadair a bhaineann leis an tsláinte, le heochairtháscairí feidhmíochta oibreora, maille le gníomhaíochtaí chun trédhearcacht a fheabhsú. Beidh bunachair sonraí náisiúnta agus Aontais ar bun a mbeidh ar áireamh iontu na heilimintí go léir is gá chun an chomhlíontacht a sheiceáil, agus sainaithneofar 'daoine leochaileacha agus imeallaithe' mar aon le bearta chun rochtain ar shláintíocht a fheabhsú.

Féadfar táscairí éagsúla chun **rath a thomhas** a bhaint as tuarascálacha de chuid na mBallstát:

- an ráta comhlíontachta atá ann cheana agus an t-achar go dtí an sprioc in aghaidh an Bhallstáit agus in aghaidh an leibhéil chóireála, rudaí a thabharfaidh sár-fhorbhreathnú ar chur chun feidhme na Treorach;

- líon na saoráidí atá feistithe le modhanna breise cóireála le haghaidh nítrigine/fosfair agus micreathruailleán, agus an laghdú gaolmhar ar an méid nítrigine/fosfair a scaoileadh agus an t-ualach tocsaineach;

- úsáid fuinnimh na mBallstát agus na hastaíochtaí gaolmhara gás ceaptha teasa;

- líon na gceirtleán a chumhdaítear le pleananna bainistithe comhtháite le haghaidh forsceitheadh uiscí stoirme agus ritî chun srutha uirbeacha agus comhlíontacht na gceirtleán le cuspóir an Aontais;

- na bearta a rinne na Ballstáit chun rochtain ar shláintíocht a fheabhsú agus córais aonair iomchuí a rialú níos fearr, agus achoimre ar na príomhtháscairí sláinte a ndearnadh suirbhé orthu sna Bhallstáit.

Úsáidfear sonraí eile chun tomhas sonrach a dhéanamh ar thionchair UWWTD. Orthu sin áirítear, go háirithe, sonraí a thagann ó na Treoracha Réime Uisce agus Mara maidir le cáilíocht an uisce sna huiscí glactha (aibhneacha, lochanna agus farraigí). In Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an measúnú tionchair soláthraítear tuilleadh sonraí faoi pharaiméadair a d’fhéadfaí a thuairisciú chun an chomhlíontacht a mheasúnú agus chun rath na Treorach a thomhas.

Tá coinne faoi 2030 leis an gcéad ghrinn-mheastóireacht ar an Treoir athbhreithnithe, tráth is ceart don chuid is mó de na hinfheistíochtaí a bheith déanta sna saoráidí níos mó. Leis an gcéad mheastóireacht sin ba cheart go mbeifí in ann measúnú a dhéanamh ar an rath a bhí ar an Treoir athbhreithnithe agus ar na dúshláin atá fós ann i ndáil lena cur chun feidhme. Más gá, d’fhéadfaí bearta ceartaitheacha a bheartú chun a áirithiú go ndéantar an Treorach athbhreithnithe a chur chun feidhme go hiomlán. D’fhéadfaí smaoineamh ar meastóireacht eile a dhéanamh roimh 2040 chun athbhreithniú féideartha ar an Treoir a ullmhú.

| | **2025** | **2030** | **2035** | **2040** |
|---|---|---|---|---|
| **Forsceitheadh uisce stoirme agus ritî chun srutha uirbeacha (uiscí báistí)** | Faireachán ar bun | Pleananna comhtháite ar bun le haghaidh ceirtleáin ina bhfuil > 100 000 CD + limistéir i mbaol arna sainaithint | Pleananna comhtháite ar bun le haghaidh ceirtleáin atá i mbaol agus ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD | Sprioc tháscach Aontais i bhfeidhm le haghaidh gach ceirtleáin ina bhfuil > 10 000 CD |
| **Córais iomchuí aonair** | Cigireacht rialta ar bun sna Ballstáit go léir + Tuairisciú do na Ballstáit ina bhfuil líon ard córas aonair iomchuí | Caighdeáin an Aontais le haghaidh córais aonair iomchuí | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ceirtleáin ar scála beag** | Tairseacha nua 1 000 CD | Tá gach ceirtleán ina bhfuil > 1 000 CD comhlíontach | | |
| **Nítrigin agus fosfar** | Sainaithint na limistéar i mbaol (ceirtleáin ina bhfuil 10 000 CD go 100 000 CD) | Sprioc eatramhach le haghaidh Nítrigin/Fosfar a bhaint de shaoráidí ina bhfuil > 100 000 CD + Caighdeáin nua | Baint Nítrigine/Fosfair sna saoráidí go léir ina bhfuil os cionn 100 000 CD + Sprioc eatramhach le haghaidh limistéir atá i mbaol | Baint Nítrigine/Fosfair ar bun sna limistéir go léir atá i mbaol (ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD) |
| **Micreathruailleáin** | Ag bunú scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeoirí | Sainaithníodh limistéir i mbaol (10 000 CD go 100 000 CD) + Sprioc eatramhach ar bun le haghaidh saoráidí ina bhfuil os cionn 100 000 CD | Na saoráidí go léir ina bhfuil > 100 000 CD feistithe + spriocanna eatramhacha ar bun le haghaidh limistéir atá 'i mbaol' | Na saoráidí go léir atá i mbaol agus atá feistithe le hardteicneolaíocht chóireála |
| **Fuinneamh** | Iniúchtaí fuinnimh le haghaidh saoráidí ina bhfuil os cionn 100 000 CD | Iniúchtaí le haghaidh saoráidí ina bhfuil os cionn 10 000 CD Sprioc eatramhach ar bun | Sprioc eatramhach ar bun le haghaidh neodracht fuinnimh | Neodracht fuinnimh bainte amach agus comhlíonadh an laghdú gaolmhar ar gháis ceaptha teasa |

***Tábla 2: Pleanáil cur chun feidhme le haghaidh phríomhbhearta na rogha tosaíochta***

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

***Airteagal 1 – Ábhar***

Leathnaíodh cuspóirí na Treorach chun go n-áireofaí, i dteannta cosaint chomhshaoil, cosaint shláinte an duine, laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, feabhsú rialachas agus trédhearcacht na hearnála, rochtain níos fearr ar shláintíocht agus – tar éis ghéarchéim COVID le déanaí – faireachán rialta ar pharaiméadair atá ábhartha maidir leis an tsláinte phoiblí i bhfuíolluisce uirbeach.

***Airteagal 2 – Sainmhínithe***

I gcomhréir leis na conclúidí ón Meastóireachta REFIT, rinneadh na sainmhínithe atá ann cheana a shoiléiriú de bheagán. Cuireadh isteach roinnt sainmhínithe a bhaineann leis na hoibleagáidí nua de chuid na Treorach, amhail 'rití chun srutha uirbeacha', 'forsceitheadh uisce stoirme', 'comhchórais séarachais agus córais séarachais ar leithligh', 'micreathruailleán', 'sláintíocht', frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha', etc.

***Airteagal 3 – Córais bailithe fuíolluisce***

Leathnaítear an oibleagáid maidir le bunú córas bailithe fuíolluisce chuig gach ceirtleán ina a bhfuil 1 000 CD nó os a cionn. Tugtar isteach oibleagáid nua chun a chinntiú go mbíonn teaghlaigh nasctha le córais bailithe fuíolluisce i gcás inarb ann dóibh.

*Airteagal 4 – Córas aonair nó córas iomchuí eile (IAS) (nua)*

Airteagal nua is ea é seo a chuirtear go páirteach in ionad iar-Airteagal 3. Coinnítear ar bun an fhéidearthacht go mbainfí úsáid as córais aonair iomchuí ach teorannaítear í go dtí cásanna eisceachtúla. Chuige sin, tugadh isteach oibleagáidí nua:

ní mór córais aonair iomchuí a dhearadh, a fhormheas agus a rialú i gceart;

Ní mór údair mhionsonraithe lena n-úsáid a sholáthar nuair is uathu a thagann níos mó ná sciar 2 % den ualach tuairiscithe i gceirtleáin ina bhfuil 2 000 CD agus níos mó ná sin.

*Airteagal 5 – Pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh (nua)*

Leis an airteagal nua seo tugtar isteach an oibleagáid maidir le pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh a bhunú go háitiúil chun truailliú ó uiscí báistí a chomhrac (rití chun srutha uirbeacha agus forsceitheadh uisce stoirme). Maidir leis an méid táscach atá sna pleananna, chomh maith leis na cuspóirí táscacha atá iontu agus atá le coigeartú de réir imthosca áitiúla, tá siad bunaithe ar na cleachtais is fearr atá ar bun agus sonraítear iad in Iarscríbhinn V. Caithfear na pleananna a tharraingt suas le haghaidh gach ceirtleáin ina bhfuil 100 000 CD nó níos mó agus le haghaidh gach ceirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD i gcás ina mbíonn uisce stoirme a fhorsceitear agus rití chun srutha uirbeacha ina riosca don chomhshaol nó do shláinte an duine.

*Airteagal 6 – Cóireáil thánaisteach (iar-Airteagal 4)*

Maidir leis an oibleagáid chun cóireáil thánaisteach a dhéanamh ar an bhfuíolluisce uirbeach sula scaoiltear isteach sa chomhshaol é, leathnaítear í chuig gach ceirtleán a bhfuil 1 000 CD nó níos mó (i gcomparáid le 2 000 CD agus níos mó sa Treoir atá ann cheana).

*Airteagal 7 – Cóireáil threasach (iar-Airteagal 5)*

Leasaíodh na príomhoibleagáidí san Airteagal seo ionas go bhfuil an chóireáil threasach ina cóireáil éigeantach anois do na saoráidí níos mó go léir a dhéanann cóireáil ar ualach atá cothrom le 100 000 CD nó níos mó. Caithfear cóireáil threasach a dhéanamh freisin ar ábhair a sceitear ó cheirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD i limistéir arna sainaithint ag na Ballstáit mar limistéir atá íogair i leith an eotrófaithe.

Beidh ar na Ballstáit sainaithint a dhéanamh ar limistéir atá íogair i leith an eotrófaithe trína liosta reatha de 'limistéir íogaire' a forbraíodh faoi iar-Airteagal 5 a thabhairt cothrom le dáta. Rinneadh na hoibleagáidí eile san Airteagal seo a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta.

*Airteagal 8 – Cóireáil cheathartha (nua)*

Leis an airteagal nua seo tugtar isteach an oibleagáid chun cóireáil bhreise a dhéanamh ar an bhfuíolluisce uirbeach chun deireadh a chur leis an speictream is leithne is féidir de mhicreathruailleáin. Déanfar an chóireáil sin ar na gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh go léir a dhéanann cóireáil ar ualach atá cothrom le 100 000 CD nó níos nó faoin 31 Nollaig 2035 ar a

dhéanaí. Faoin 31 Nollaig 2040, déanfar í freisin i ngach ceirtleán ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD i limistéir ina bhfuil tiúchan nó carnadh na micreathruailleán ina riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol. Beidh ar na Ballstáit na limistéir sin ina gcríoch a shainaithint de réir critéir a shonraítear san Airteagal seo.

*Airteagal 9 – Freagracht leathnaithe táirgeoirí (nua)*

Leis an airteagal nua seo tugtar isteach an oibleagáid ar tháirgeoirí (lena n-áirítear allmhaireoirí) chun rannchuidiú le costais na cóireála ceathartha dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Treoir i gcásanna ina gcuireann siad ar mhargadh na mBallstát táirgí as a n-eascraíonn, ag deireadh a saolré, truailliú fuíolluisce uirbigh ag micreathruailleáin. Suífear an ranníocaíocht airgeadais sin ar bhonn chainníochtaí agus thocsaineacht na dtáirgí a chuirtear ar an margadh.

*Airteagal 10 - Na ceanglais íosta maidir le heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí (nua)*

Leis an Airteagal seo bunaítear na ceanglais íosta maidir le hEagraíochtaí um Fhreagracht Táirgeoirí a cheanglaítear faoi Airteagal 9(5).

*Airteagal 11 – Neodracht fuinnimh na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh (nua)*

Leis an airteagal nua seo tugtar isteach an oibleagáid chun an neodracht fuinnimh a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta sna saoráidí cóireála go léir ina bhfuil os cionn 10 000 CD Faoin 31 Nollaig 2040, beidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbíonn an méid iomlán fuinnimh in-athnuaite a tháirgtear i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ar an leibhéal náisiúnta cothrom leis an méid iomlán bliantúil fuinnimh a úsáidtear sna gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh go léir den sórt sin. Chun cuidiú ó thaobh an cuspóir sin a bhaint amach, déanfar iniúchtaí fuinnimh go tráthrialta ar ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh, lena spriocdhíreofar go háirithe ar shainaithint agus úsáid na hacmhainneachta atá ann chun bithgháis a tháirgeadh, agus astaíochtaí meatáin á laghdú ag an am céanna.

*Airteagal 12 – Comhar trasteorann (iar-Airteagal 9)*

Leasaíodh an tAirteagal seo de bheagán: cuirtear mír 2 nua isteach, lena gceanglaítear – i gcás inar gá sin – go n-iarrtar ar an gCoimisiún tacú le plé idir na Ballstáit. Leasaíodh mír 1 chun an oibleagáid maidir le fógra a thabhairt láithreach i gcás truaillithe theagmhasaigh a chur isteach chun an méid a tharla le déanaí le linn an teagmhais dá ngairtear‘abhainn Odder’ a chur san áireamh.

*Airteagal 13 – Dálaí aeráide áitiúla (iar-Airteagal 10)*

Níor tugadh an t-alt cothrom le dáta ach amháin mar gheall uimhriú nua na n-airteagal.

*Airteagal 14 – Fuíolluisce neamhthí a sceitear (iar-Airteagal 11)*

Leasaíodh an tAirteagal seo chun a áirithiú go rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhairle, sula n-eiseoidh siad údarú chun fuíolluisce neamhthí a sceitheadh isteach i gcórais bailithe fuíolluisce, le hoibreoir gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh dá ndéanann an sceitheadh fuíolluisce sin difear. Ina theannta sin, ní mór faireachán rialta a áirithiú ar an truailliú tionsclaíoch in ionraonta agus asraonta na saoráidí cóireála ionas go ndéanfar bearta iomchuí

chun foinse/foinsí an truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Orthu sin áirítear, más gá, an t-údarú arna eisiúint a tharraingt siar.

*Airteagal 15 – Athúsáid uisce agus sceitheadh fuíolluisce uirbigh (iar-Airteagal 12)*

Leasaíodh mír 1 chun: Ceanglaítear ar na Ballstáit cur chun cinn córasach a dhéanamh ar athúsáid fuíolluisce chóireáilte ó gach gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh.

I mír 3, déantar an oibleagáid chun údarú a bhunú le haghaidh sceitheadh ábhar ó ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a leathnú chun go n-áireofar anois gach ceirtleán ina bhfuil 1 000 CD agus os a chionn.

*Airteagal 16 – Sceitheadh ábhar tionsclaíoch in-bhithdhíghrádaithe (iar-Airteagal 13)*

Tugadh mír 1 cothrom le dáta (uimhriú nua). Leasaíodh mír 2 lena áirithiú go bhfuil na ceanglais a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh sceitheadh ábhar den sórt sin ar a laghad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos faoi chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 17 – Faireachas ar fhuíolluisce uirbeach (nua)*

Leis an airteagal nua seo bunaítear córas náisiúnta faireacháin fuíolluisce uirbigh chun faireachán a dhéanamh ar pharaiméadair sláinte poiblí ábhartha san fhuíolluisce uirbeach. Chuige sin, faoin 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí, beidh ar na Ballstáit struchtúr comhordúcháin a bhunú idir na húdaráis atá freagrach as an tsláinte phoiblí agus as cóireáil fuíolluisce uirbigh. Is é an struchtúr sin a chinnfidh na paraiméadair a mbeidh faireachán le déanamh orthu agus an mhinicíocht agus an modh a bheidh le cur i bhfeidhm.

Thairis sin, go dtí go suífidh na húdaráis sláinte poiblí inniúla nach baol don daonra paindéim SARS-CoV-2, déanfar faireachán ar fhuíolluisce uirbeach ó sciar 70 % ar a laghad den daonra náisiúnta.

Ar deireadh, i gcás gach ceirtleáin ina bhfuil 100 000 CD agus níos mó, beidh ar na Ballstáit faireachán rialta a dhéanamh freisin ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha sna asraonta de chuid gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh.

*Airteagal 18 – Measúnú agus bainistiú riosca (nua)*

Is airteagal nua é seo. Tá an oibleagáid ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na rioscaí don chomhshaol agus do shláinte an duine a eascraíonn as sceitheadh ábhar fuíolluisce uirbigh, agus, i gcás inar gá, bearta breise a dhéanamh anuas ar cheanglais íosta na Treorach seo chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin, i gcás inarb iomchuí, bailiú agus cóireáil fuíolluisce ó cheirtleáin ina bhfuil níos lú ná 1 000 CD, cóireáil threasach nó cheathartha a chur i bhfeidhm i gceirtleáin ina bhfuil níos lú ná 10 000 CD, agus gníomhaíocht bhreise chun truailliú uiscí báistí a laghdú i gceirtleáin ina bhfuil níos nú ná 10 000 CD

*Airteagal 19 – Rochtain ar shláintíocht (nua)*

Is airteagal nua é seo. Ceanglófar ar na Ballstáit rochtain do chách ar shláintíocht a fheabhsú agus a choinneáil ar bun, go háirithe do dhaoine leochaileacha agus imeallaithe.

Faoin 31 Nollaig 2027, beidh ar na Ballstáit freisin sainaithint a dhéanamh ar chatagóirí daoine nach bhfuil rochtain acu ar shláintíocht nó a bhfuil rochtain theoranta acu ar shláintíocht, measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun rochtain ar shaoráidí sláintíochta a fheabhsú do dhaoine den sórt sin agus spreagadh a thabhairt do shaoráidí sláintíochta atá inrochtana saor in aisce agus go sábháilte a bhunú i spásanna poiblí le haghaidh gach ceirtleáin ina bhfuil 10 000 CD nó os a chionn.

***Airteagal 20 – Sloda (iar-Airteagal 14)***

Tugadh an t-airteagal cothrom le dáta: caithfear sloda a chóireáil, a athchúrsáil agus a aisghabháil nuair is iomchuí i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola mar a shainmhínítear sa Treoir Réime Dramhaíola[28] agus le ceanglais na Treorach maidir le Sloda [29], agus ní mór é a dhiúscairt i gcomhréir le ceanglais na Treorach Réime Dramhaíola. Chun rátaí arda aisghabhála a áirithiú, go háirithe i gcás ábhair chriticiúla amhail fosfar, tabharfar sainordú don Choimisiún rátaí íosta aisghabhála a shocrú.

***Airteagal 21 – Faireachán (iar-Airteagal 15)***

Tugadh isteach oibleagáidí nua: Beidh ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh anois ar thruailliú ó ritíí chun srutha uirbeacha agus ó fhorsceitheadh uiscí stoirme, ar thiúchan agus ar ualaí na dtruailleán rialáilte sa Treoir seo in asraonta na ngléasraí cóireála fuíolluisce, agus ar mhicreaphlaistigh a bheith ann (lena n-áirítear sloda). Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, caithfear faireachán rialta a dhéanamh ar thruailleáin thionsclaíocha áirithe in ionraonta agus asraonta na ngléasraí cóireála fuíolluisce.

***Airteagal 22 – Faisnéis maidir leis an bhfaireachán ar an gcur chun feidhme (iar-Airteagal 16)***

Is airteagal nua é seo. Déantar forálacha a bhaineann le tuairisciú a shimpliú agus cuirtear córas nua ina n-ionad nach bhfuil tuairisciú iarbhír i gceist leis ach lena ndéantar nuashonrú ar thacar sonraí náisiúnta ar a bhfuil rochtain ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus ag an gCoimisiún. Leis sin áiritheofar go ndéanfar an córas níos éifeachtaí trí aga moille fada a sheachaint idir an dáta tagartha na sonraí a thuairiscítear agus dáta iarbhír an tuairiscithe.

Leis an airteagal seo ceanglaítear ar na Ballstáit tacair sonraí a bhunú lena mbailítear sonraí atá ábhartha don fhuíolluisce uirbeach faoin Treoir seo. Is féidir é sin a bhaint amach, mar shampla, trí fhaireachán a dhéanamh ar thorthaí na bparaiméadar a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo, ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, ar pharaiméadair ábhartha shláinte, etc., ach freisin trí bhearta a dhéanamh chun rochtain ar an tsláintíocht a áirithiú, etc.

Ní mór bunú na dtacar sonraí sin a bheith comhsheasmhach leis na tacair sonraí arna mbunú faoi Airteagal 18 den Treoir athmhúnlaithe maidir le hUisce Óil[30]. Déantar foráil freisin chun go soláthróidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil tacaíocht.

***Airteagal 23 – Clár náisiúnta cur chun feidhme (iar-Airteagal 17)***

---

[28] IO L 312, 22.11.2008, lgh. 3–30.
[29] IO L 181, 4.7.1986, lgh. 6–12.
[30] IO L 435, 23.12.2020, lgh. 1– 62.

Leasaíodh an tAirteagal. Coinnítear ar bun an oibleagáid chun clár náisiúnta a tharraingt suas le haghaidh an Treoir seo a chur chun feidhme, agus forordaítear an t-íosmhéid ábhair a bheidh sa chlár sin. Ní mór an méid seo a leanas ar a laghad a bheith sna cláir sin: (i) measúnú ar leibhéal chur chun feidhme na Treorach i ndáil lena hoibleagáidí éagsúla; (ii) sainaithint agus pleanáil na n-infheistíochtaí is gá maidir le cur chun feidhme den sórt sin; (iii) meastachán ar na hinfheistíochtaí is gá chun athnuachan a dhéanamh ar an mbonneagar cóireála fuíolluisce uirbigh atá ann cheana; agus (iv) foinsí féideartha cistiúcháin a shainaithint.

Ceanglófar ar na Ballstáit a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta gach 5 bliana ar a laghad agus iad a chur in iúl don Choimisiún, mura féidir leo a léiriú go gcomhlíonann siad Airteagail 3, 4, 6, 7 agus 8 den Treoir seo.

***Airteagal 24 – Faisnéis don phobal (nua)***

Is airteagal nua é seo. Beidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh faisnéis leormhaith agus cothrom le dáta ar fáil ar líne maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce uirbigh. I dtaca le príomhfhaisnéis amhail leibhéal comhlíontachta an bhonneagair cóireála fuíolluisce uirbigh le ceanglais na Treorach seo, toirt an fhuíolluisce uirbigh a bhailítear agus a chóireáiltear in aghaidh na bliana don teaghlach, etc., ní mór do phríomhfhaisnéis den sórt sin a bheith inrochtana ar a laghad uair sa bhliain ag na daoine go léir atá nasctha le córas bailithe fuíolluisce, san fhoirm is iomchuí, mar shampla ar na sonraisc.

***Airteagal 25 – Rochtain ar an gceartas (nua)***

Tá an t-airteagal nua seo i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus déanann sé Coinbhinsiún Aarhus a chur chun feidhme maidir leis an rochtain ar an gceartas. Ba cheart don phobal agus d' Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) a bheith in ann athbhreithniú dlíthiúil a dhéanamh ar na cinntí a dhéanann na Ballstáit faoin Treoir seo.

***Airteagal 26 – Cúiteamh (nua)***

Tugtar isteach airteagal nua maidir le cúiteamh, chun a áirithiú, i gcás inar tharla dochar don tsláinte go hiomlán nó go páirteach mar thoradh ar shárú a rinneadh ar bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, go mbeidh an pobal lena mbaineann in ann cúiteamh sa damáiste sin a éileamh agus a fháil ó na húdaráis inniúla ábhartha agus, i gcás ina sainaithneofar iad, ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as an sárú.

***Airteagal 27 – An tarmligean a fheidhmiú (nua)***

Is airteagal caighdeánach nua é seo chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

***Airteagal 28 – Nós imeachta coiste (iar-Airteagal 18)***

Is airteagal caighdeánach nua é seo chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

***Airteagal 29 – Pionóis (nua)***

Leis an airteagal nua seo sonraítear íosmhéid na bpionós, ionas go mbeidh siad éifeachtach, comhréireach athchomhairleach, gan dochar do Threoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil[31].

*Airteagal 30 – Meastóireacht (nua)*

Leis an airteagal nua seo leagtar amach an creat le haghaidh meastóireachtaí a dhéanfar ar an Treoir amach anseo (mar a fhoráiltear le haghaidh threoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr). Tá sé beartaithe go ndéanfar an chéad mheastóireacht tráth nach túisce ná 10 mbliana tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo.

*Airteagal 31 – Athbhreithniú (nua)*

Gach 5 bliana ar a laghad, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chur chun feidhme na Treorach seo, agus beidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil léi, i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 32 – Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha (nua)*

Is airteagal nua é seo agus tugtar forálacha isteach leis chun cás sonrach Mayotte a chur san áireamh, agus chun an leibhéal cosanta comhshaoil a fhorchuirtear le hiar-Airteagal 5 a choinneáil ar bun go dtí go mbeidh feidhm ag ceanglais nua Airteagal 7.

*Airteagal 33 – Trasuí (iar-Airteagal 19)*

Leanann an t-airteagal seo an teimpléad caighdeánach.

*Airteagal 34 — Teacht i bhfeidhm (nua)*

Leanann an t-airteagal seo an teimpléad caighdeánach. Foráiltear go dtiocfaidh an Treoir i bhfeidhm 20 lá tar éis a foilsithe san Iris Oifigiúil.

*Airteagal 35 – Seolaithe (iar-Airteagal 20)*

Fanann an t-airteagal seo gan athrú.

*Scriosadh iar-Airteagal 6*

Scriosadh an tAirteagal seo ar mhaithe le simplíocht, de bhrí gur annamh a úsáideann na Ballstáit an rogha chun 'limistéir is lú is íogair' a ainmniú. Ina theannta sin, dá gcoinneofaí an rogha seo i dtéacs athbhreithnithe na Treorach laghdófaí an leibhéal ginearálta cosanta comhshaoil atáthar ag lorg leis an athbhreithniú ar an Treoir.

*Scriosadh iar-Airteagal 7*

Mar thoradh ar an oibleagáid chun cóireáil chuí a dhéanamh ar fhuíolluisce uirbeach sula sceitear é ní mór do na Ballstáit dlí reatha an Aontais a chomhlíonadh, agus dá bhrí sin tá ábharthacht na forála seo teoranta (go dlíthiúil). Ní choinnítear an oibleagáid chun cóireáil

---

[31] IO L 328, 6.12.2008, lgh. 28–37.

iomchuí fuíolluisce uirbigh a áirithiú faoin 31 Nollaig 2027 ach amháin i ndáil le Mayotte, agus é sin mar fhoráil idirthréimhseach.

*Scriosadh iar-Airteagal 8*

Scriosadh an tAirteagal seo toisc go bhfuil sé imithe i léig anois – sa lá atá inniu ann beidh ar na Ballstáit ceanglais Airteagal 4 a chomhlíonadh. Bhí nasc ag an airteagal seo freisin leis an gcoincheap 'limistéir is lú is íogair', ar coincheap é a scriosadh den Treoir.

*Iarscríbhinn I*

*Cuid A – Córais bailithe fuíolluisce*

Fanann gan athrú.

*Cuid B – Ábhair a sceitear ó ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh isteach in uiscí glactha*

Arna nuashonrú agus tagairtí nua inti, maille le ceanglais íosta maidir le cóireálacha tánaisteacha (Tábla 1), treasacha (Tábla 2) agus ceathartha (Tábla 3 nua).

*Cuid C – Sceitheadh ábhar tionsclaíoch*

Arna leasú agus leagtar síos léi anois na híoschoinníollacha faoinar féidir údaraithe a eisiúint le haghaidh sceitheadh ábhar neamhthí dtagraítear in Airteagal 13. Déantar an nasc leis an Treoir[32] maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

*Cuid D – Modhanna tagartha chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí*

Rinneadh nuashonrú ar cheanglais maidir le faireachán a dhéanamh ar sceitheadh ábhar ó chóireáil fuíolluisce uirbigh. I gcás ceirtleáin ina bhfuil 100 000 CD agus os a chionn, ní mór aon sampla amháin a dhéanamh in aghaidh an lae.

*Iarscríbhinn II*

Comhfhreagraíonn an Chuid A seo don iar-Iarscríbhinn II maidir le sainaithint 'limistéar is lú is íogair' – coinníodh ar bun agus nuashonraíodh iad. Ina theannta sin, cuireadh isteach liosta de na limistéir atá le háireamh ag na Ballstáit mar limistéir atá íogair i leith an eotrófaithe.

*Iarscríbhinn III – Liosta táirgí a chumhdaítear le hAirteagal 9 maidir freagracht leathnaithe táirgeoirí (nua)*

Is iad na táirgí a chumhdaítear le hAirteagal 9 maidir le freagracht leathnaithe táirgeoirí na táirgí sin a thagann faoi raon feidhme ceann de na píosaí reachtaíochta de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn seo (táirgí cógaisíochta agus táirgí cosmaideacha).

*Iarscríbhinn IV – Earnálacha tionsclaíocha*

[32] IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17–119.

Iar-Iarscríbhinn III – fanann sí gan athrú.

***Iarscríbhinn V – Ábhar an phlean chomhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh faoi Airteagal 5 (nua)***

San iarscríbhinn seo liostaítear an t-íosmhéid ábhair a bheidh sa phlean comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh arna ullmhú de bhun Airteagal 5. Ní mór a bheith ar áireamh sna pleananna sin anailís ar staid tosaigh limistéar draenála an ghléasra cóireála fuíolluisce uirbigh, sainiú na gcuspóirí ó thaobh laghdú a chur ar an truailliú ó fhorsceitheadh uisce stoirme agus ó rití chun srutha uirbeacha don limistéar sin agus sainaithint na mbeart atá le déanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ní mór a bheith ar áireamh sna cuspóirí: (i) sprioc tháscach lena léirítear nach mó ná sciar 1 % é forsceitheadh uisce stoirme de thoirt agus ualach bliantúil an fhuíolluisce uirbigh a bhailítear, ar sciar é a bheidh le ríomh le linn dálaí tirime aimsire; agus (ii) céimniú amach sceitheadh rití neamhchóireáilte chun srutha uirbeacha trí chórais bailithe fuíolluisce ar leithligh a úsáid, mura léirítear go bhfuil siad ar cháilíocht leordhóthanach ionas nach mbeidh éifeachtaí díobhálacha acu ar cháilíocht na n-uiscí glactha.

***Iarscríbhinn VI – Faisnéis don phobal (nua)***

San iarscríbhinn seo soláthraítear an fhaisnéis atá le soláthar don phobal faoi Airteagal 24 nua.

***Iarscríbhinn VII (nua)***

Is iarscríbhinn chaighdeánach í seo ina liostaítear an Treoir aisghairthe agus na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh uirthi, chomh maith le dátaí a dtrasuí agus a gcur i bhfeidhm.

***Iarscríbhinn VIII (nua)***

Is é seo an tábla comhfhreagrais nua idir Treoir 91/271/CEE ón gComhairle agus an togra nua le haghaidh Treoir athmhúnlaithe.

↓ 91/271/CEE (oiriúnaithe)

2022/0345 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ~~lena mbunaítear~~ ar ⌦Fheidhmiú⌫ an ⌦ Aontais ⌫ Eorpaigh ~~Chomhphobail Eorpaigh~~, agus go háirithe ⌦ Airteagal 192(1) ⌫ ~~130s~~ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[33],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[34],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Rinneadh Treoir 91/271/CEE[35] ón gComhairle a leasú go suntasach roinnt uaireanta[36]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart í a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

↓ 91/271/CEE aithris 1 (oiriúnaithe)

~~De bhrí gur iarradh ar an gCoimisiún sa Rún ón gComhairle an 28 Meitheamh 1988 maidir leis an Muir Thuaidh agus uiscí eile sa Chomhphobal[37] a chosaint tograí a chur isteach i~~

[33] IO C […], […], lch. […].

[34] IO C […], […], lch. […].

[35] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

[36] Féach Iarscríbhinn VII, Cuid A.

gcomhair bearta atá riachtanach ar leibhéal an Chomhphobal chun fuíolluisce uirbeach a chóireáil;

---

| ➔ 91/271/CEE aithris 2 (oiriúnaithe) |
|---|

De bhrí gur minic a bhíonn tionchar ag truailliú, mar gheall ar chóireáil neamhdhóthanach fuíolluisce i mBallstát amháin, ar uiscí i mBallstáit eile; de bhrí, i gcomhréir le Airteagal 130r, gur gá gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Chomhphobail;

---

| ➔ 91/271/CEE aithris 3 |
|---|

De bhrí go bhfuil gá ginearálta le cóireáil thánaisteach fuíolluisce uirbigh ionas nach mbeadh diúscairt fuíolluisce uirbigh nach ndearnadh cóireáil leordhóthanach air ag déanamh díobháil don chomhshaol;

---

| ➔ 91/271/CEE aithris 4 |
|---|

De bhrí gur gá, i limistéir íogaire, cóireáil níos déine a éileamh; de bhrí go bhféadfaí a mheas go mbeadh cóireáil phríomhúil iomchuí i roinnt limistéar nach bhfuil ag pointe comh híogair sin;

---

| ➔ 91/271/CEE aithris 5 |
|---|

De bhrí gur cheart fuíolluisce neamhthí a thagann isteach i gcórais bhailithe chomh maith le sceitheadh fuíolluisce agus diúscairt sloda ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh a bheith faoi réir rialacha nó rialachán agus/nó údaruithe sonracha;

---

| ➔ 91/271/CEE aithris 6 |
|---|

De bhrí gur cheart go mbeadh sceitheadh fuíolluisce thionsclaíoch in-bhithmhillte ó earnálacha tionsclaíocha áirithe nach dtagann isteach i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh sula ndéantar é a scaoileadh isteach in uiscí glactha faoi réir ceanglas iomchuí;

---

| ➔ 91/271/CEE aithris 7 |
|---|

De bhrí gur cheart athchúrsáil sloda a eascraíonn as cóireáil fuíolluisce a spreagadh; de bhrí gur cheart diúscairt an tsloda go huiscí dromchla a chéimniú amach;

---

| ➔ 91/271/CEE aithris 8 |
|---|

De bhrí gur gá faireachán a dhéanamh ar ghléasraí cóireála, ar uiscí glactha agus ar dhiúscairt sloda chun a áirithiú go gcosnaítear an comhshaol ar éifeachtaí díobhálacha sceitheadh fuíolluisce;

---

37 IO L 209, 9.8.1988, lch. 3.

↓ 91/271/CEE aithris 9

~~De bhrí go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear faisnéis maidir le diúscairt fuíolluisce agus sloda ar fáil don phobal i bhfoirm tuarascálacha tréimhsiúla;~~

↓ 91/271/CEE aithris 10

~~De bhrí gur cheart do na Ballstáit cláir náisiúnta a bhunú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun an Treoir seo a chur chun feidhme;~~

↓ 91/271/CEE aithris 11

~~De bhrí gur cheart Coiste a bhunú chun cabhrú leis an gCoimisiún maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo agus lena hoiriúnú don dul chun cinn teicniúil,~~

⇩ nua

(2) Le Treoir 91/271/CE leagtar síos i dTreoir 91/271/CEE an creat dlíthiúil maidir le bailiú, cóireáil agus sceitheadh fuíolluisce uirbigh agus le sceitheadh fuíolluiscí in-bhithdhíghrádaithe ó earnálacha tionsclaíocha áirithe. Is é is cuspóir di an comhshaol a chosaint ar dhochar díobhálach mar thoradh ar sceitheadh fuíolluisce uirbigh nach bhfuil dóthain cóireála déanta air. Ba cheart don Treoir seo leanúint den chuspóir céanna a shaothrú, agus ag an am céanna rannchuidiú le cosaint na sláinte poiblí, nuair a dhéantar, mar shampla, fuíolluisce uirbeach a sceiteadh isteach in uiscí snámha nó i ndobharlaigh a úsáidtear chun uisce óil a bhaint astu, nó nuair a úsáidtear fuíolluisce uirbeach mar tháscaire le haghaidh paraiméadair atá ábhartha don tsláinte phoiblí. Ba cheart go gcuirfí feabhas leis, freisin, ar an rochtain ar shláintíocht agus ar phríomhfhaisnéis a bhaineann le rialachas na ngníomhaíochtaí bailithe agus cóireála fuíolluisce uirbigh. Ar deireadh, leis an Treoir seo ba cheart go rannchuideofaí le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a dhíothú de réir a chéile de ghníomhaíochtaí bailithe agus cóireála fuíolluisce uirbigh, go háirithe trí tuilleadh laghdaithe a chur ar astaíochtaí nítrigine ach freisin tríd an éifeachtúlacht fuinnimh agus táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin ba cheart go rannchuideofaí le baint amach cuspóir 2050 maidir le Neodracht Aeráide a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38].

(3) In 2019, rinne an Coimisiún meastóireacht ar Threoir 91/271/CEE ón gComhairle faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála[39] (an 'mheastóireacht'). Leis an mbeart sin, léiríodh gur ghá forálacha áirithe na Treorach a thabhairt cothrom le dáta. Sainaithníodh trí fhoinse thábhachtacha as a dtagann an chuid eile den ualach

[38] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

[39] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, SWD (2019) 700, Achoimre Feidhmiúcháin ar an Meastóireacht ar Threoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (SWD(2019) 701 final).

truaillithe ó fhuíolluisce uirbeach ar foinsí iad a d'fhéadfaí a sheachaint, is é sin forsceitheadh uiscí stoirme agus rití chun srutha uirbeacha, córais aonair a d'fhéadfadh a bheith ag mífheidhmiú (i.e. córais ina gcóireáiltear fuíolluisce tí nach dtéann isteach i gcórais bailithe fuíolluisce) agus ceirtleáin bheaga nach gcumhdaítear go hiomlán le Treoir 91/271/CEE. Leis na trí fhoinse truaillithe sin cuirtear brú suntasach ar dhobharlaigh dhromchla san Aontas. Thairis sin, i dtuarascáil na meastóireachta cuireadh i dtábhacht freisin an gá atá le feabhas a chur ar thrédhearcacht agus rialachas na ngníomhaíochtaí fuíolluisce uirbigh, an gá atá ann go dtapófaí an deis a chuireann an earnáil cóireála fuíolluisce uirbigh ar fáil chun leas a bhaint as a hacmhainneacht le haghaidh fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus céimeanna nithiúla a thabhairt i dtreo na neodrachta fuinnimh mar rannchuidiú leis an aeráidneodracht, agus an gá atá ann comhchuibhiú a dhéanamh ar an bhfaireachas fuíolluisce uirbigh ar pharaiméadair shláinte, amhail víreas COVID-19 agus athraithigh, mar thacaíocht le gníomhaíocht sláinte poiblí.

(4) Cuireann ceirtleáin bheaga brú suntasach ar sciar 11 % de na dobharlaigh dhromchla san Aontas[40]. Chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr leis an truailliú ó cheirtleáin den sórt sin, agus chun cosc a chur ar sceitheadh fuíolluisce uirbigh neamhchóireáilte isteach sa chomhshaol, ba cheart go n-áireofaí i raon feidhme na Treorach seo gach ceirtleán ina bhfuil 1 000 coibhéis daonra (CD) agus os a chionn.

(5) Chun cóireáil éifeachtach ar fhuíolluisce uirbigh a áirithiú sula sceitear isteach sa chomhshaol é, ba cheart na fuíolluiscí uirbeacha go léir ó cheirtleáin ina bhfuil 1 000 CD agus os a chionn a bhailiú i gcórais bailithe láraithe. I gcás ina mbíonn córais den sórt sin ar bun cheana féin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gach foinse fuíolluisce uirbigh nasctha leo.

(6) Ar bhonn eisceachtúil, i gcás inar féidir a léiriú nach dtiocfadh aon tairbhe comhshaoil as córas bailithe fuíolluisce uirbigh láraithe a bhunú ná go mbeadh costas as cuimse i gceist lena bhunú, ba cheart a cheadú do na Ballstáit córais aonair a úsáid chun fuíolluisce uirbeacha chóireáil, chomh fada agus a áirithítear leo an leibhéal céanna cóireála agus a chuirtear ar fáil le cóireáil thánaisteach agus threasach. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit cláir náisiúnta a bhunú chun córais aonair a úsáidtear ar a gcríoch a shainaithint agus ba cheart dóibh na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur leor dearadh na gcóras sin, go ndéantar na córais a chothabháil go cuí agus go mbíonn siad faoi réir rialú rialta comhlíontachta. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir le córais aonair a úsáidtear chun fuíolluisce uirbeach a bhailiú agus a stóráil, go mbíonn siad neamh-thréscaoilteach agus díonach i gcoinne sceitheadh leachta, agus go ndéantar faireachán agus cigireacht ar na córais go tráthrialta agus de réir eatraimh rialta.

(7) Le linn na báistí, is as forsceitheadh uiscí stoirme agus rití chun srutha uirbeacha a thagann méid nach beag den chuid eile den truailliú a sceitear isteach sa chomhshaol. Meastar go dtiocfaidh méadú ar na hastaíochtaí sin mar thoradh ar éifeachtaí comhcheangailte an uirbithe agus an athraithe atá ag teacht de réir a chéile ar thitim shéasúrach na báistí atá ceangailte leis an athrú aeráide. Ba cheart sainiú a dhéanamh ar leibhéal áitiúil ar na réitigh chun an fhoinse truaillithe sin a laghdú, agus na dálaí

---

[40] EEA report, European waters: Assessment of status and pressures 2018, No 7/2018. [Tuarascáil EEA, Uiscí na hEorpa: Measúnú ar stádas agus ar fhoinsí brú 2018, Uimh. 7/2018.]

áitiúla sonracha á gcur san áireamh. Ba cheart iad a bhunú ar bhainistiú comhtháite cainníochtúil agus cáilíochtúil uisce i limistéir uirbeacha. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbunófar pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh ar an leibhéal áitiúil le haghaidh gach ceirtleáin ina bhfuil 100 000 CD agus os a chionn ó tharla gurb iad na ceirtleáin sin is cúis le sciar suntasach den truailliú a astaítear. Thairis sin, ba cheart pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce a chur ar bun le haghaidh ceirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD agus inar baol don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí forsceitheadh uiscí stoirme nó rití chun srutha uirbeacha.

(8) Chun cost-éifeachtúlacht na bpleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce a áirithiú, tá sé tábhachtach go mbeidh siad bunaithe ar dhea-chleachtais i limistéir uirbeacha forbartha. Dá bhrí sin, na bearta atá le cur sa mheá, ba cheart dóibh a bheith bunaithe ar anailís chríochnúil ar na dálaí áitiúla agus ba cheart dóibh tosaíocht a thabhairt do chur chuige coisctheach arb é is aidhm dó teorainn a chur le bailiú uiscí báistí neamhthruaillithe agus oiread úsáide agus is féidir a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana. Agus tús áite á thabhairt d'fhorbairtí 'glasa', níor cheart bonneagar nua liath a bheartú ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis. Chun cosaint a thabhairt don chomhshaol, go háirithe an comhshaol cósta agus muirí, agus don tsláinte phoiblí i gcoinne dochar díobhálach mar thoradh ar sceitheadh fuíolluisce uirbigh nach bhfuil dóthain cóireála déanta air, ba cheart cóireáil thánaisteach a dhéanamh ar an bhfuíolluisce uirbeach go léir ó cheirtleáin ina bhfuil 1 000 CD agus os a chionn.

(9) Léiríodh sa mheastóireacht gur baineadh amach laghduithe suntasacha ar astaíochtaí nítrigine agus fosfair trí Threoir 91/271/CEE a chur chun feidhme. Mar sin féin, de réir na meastóireachta tá na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ina gconairí thábhachtacha trína sceitear na truailleáin sin isteach sa chomhshaol, rud a thugann ann go díreach d'eotrófú na ndobharlach agus na bhfarraigí san Aontas. Is féidir cuid den truailliú sin a sheachaint de bhrí go léirítear, mar thoradh ar an dul chun cinn teicneolaíoch agus ar na dea-chleachtais atá ar bun, go bhfuil na teorainnluachanna astaíochta a bunaíodh faoi Threoir 91/271/CEE maidir le nítrigin agus fosfar as dáta agus gur cheart iad a neartú. Ba cheart cóireáil threasach a fhorchur go córasach ar na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh go léir ina bhfuil 100 000 CD agus os a chionn, de bhrí go bhfuil gléasraí den sórt sin ina bhfoinse thábhachtach den chuid eile den nítrigin agus fosfar a sceitear.

(10) Ba cheart don chóireáil threasach a bheith ina cóireáil shainordaitheach freisin sna ceirtleáin ina bhfuil 10 000 CD agus os a chionn agus a sceitear ábhar i limistéir atá faoi réir, nó atá i mbaol, an eotrófaithe. Chun a áirithiú go gcomhordaítear na hiarrachtaí chun an eotrófú a theorannú ar leibhéal na n-abhantrach ábhartha le haghaidh an dobharcheantar ina iomláine, ba cheart na limistéir ina meastar an t-eotrófú a bheith ina shaincheist de réir na sonraí atá ar fáil faoi láthair a liostú sa Treoir seo. Ina theannta sin, chun comhleanúnachas a áirithiú idir reachtaíocht ábhartha an Aontais, ba cheart do na Ballstáit sainaithint a dhéanamh ar limistéir eile ar a gcríoch atá faoi réir, nó i mbaol, an eotrófaithe, go háirithe ar bhonn na sonraí a bhailítear faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], faoi

[41] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] agus faoi Threoir 91/676/CEE ón gComhairle[43]. Athneartú na dteorainnluachanna, sainaithint níos comhleanúnaí agus níos cuimsithí ar na limistéir atá íogair i leith an eotrófaithe, agus an oibleagáid chun cóireáil threasach a dhéanamh sna saoráidí móra uile, is bearta iad sin a rannchuideoidh, i gcomhcheangal le chéile, leis an eotrófú a theorannú. Ó tharla mar thoradh air sin go mbeidh gá le hinfheistíochtaí breise ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit chun an bonneagar is gá a bhunú.

(11) Baineadh úsáid as eolas eolaíoch a fuarthas le déanaí mar bhonn le roinnt straitéisí de chuid an Choimisiúin[44] agus san eolas sin cuirtear i dtábhacht an gá atá le gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt shaincheist na micreathruailleán, ar ábhar é a bhraitear anois in uiscí uile an Aontais. Tá cuid de na micreathruailleáin sin contúirteach don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol fiú i gcainníochtaí beaga. Dá bhrí sin ba cheart cóireáil bhreise, i.e. cóireáil cheathartha, a thabhairt isteach chun a áirithiú go mbainfear speictream mór micreathruailleán ón bhfuíolluisce uirbeach. Ba cheart cóireáil chathrach a dhíriú i dtosach ar mhicreathruailleáin orgánacha, ar cuid shuntasach iad den truailliú iad agus ar ina leith a ceapadh teicneolaíochtaí bainte ábhair cheana. Ba cheart an chóireáil a fhorchur ar bhonn chur chuige an réamhchúraim i gcomhcheangal le cur chuige rioscabhunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do gach gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh ina bhfuil 100 000 CD agus os a chionn cóireáil cheathartha a sholáthar, ó tharla gur ó na saoráidí sin a thagann sciar suntasach den ábhar micreathruailleán a sceitear isteach sa chomhshaol agus ó tharla gur próiseas costéifeachtach é micreathruailleáin a bhaint ar an scála sin sna gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh. I gcás ceirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit cóireáil cheathartha a dhéanamh i limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá íogair i leith an truaillithe ó mhicreathruailleáin ar bhonn critéir shoiléire, ar critéir iad ba cheart a bheith a shonrú. Ba cheart a áireamh sna limistéir sin suíomhanna ina bhfaightear cóimheasa caolúcháin ísle mar thoradh ar fhuíolluisce uirbeach cóireáilte a sceitear isteach sna dobharlaigh, nó ina n-úsáidtear na dobharlaigh ghlactha chun uisce óil a tháirgeadh nó mar uiscí snámha. Chun an bheith in ann an ceanglas maidir le cóireáil cheathartha a sheachaint le haghaidh ceirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a léiriú nach bhfuil rioscaí ann don chomhshaol ná don tsláinte phoiblí ar bhonn measúnú riosca caighdeánaithe. Chun go mbeidh dóthain ama ag na Ballstáit an

[42] Treoir 2008/56/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíochtaí Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

[43] Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

[44] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. A European Strategy for Plastics in a Circular Economy [Straitéis Eorpach um Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach] (COM/2018/028 final); Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol (COM(2019) 128 final); Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí (COM(2020) 667 final); Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách - Plean Gníomhaíochta an Aontais: 'I dTreo Truailliú Nialasach don Aer, d'Uisce agus don Ithir' (COM/2021/400 final).

bonneagar is gá a phleanáil agus a sholáthar, ba cheart go mbeadh feidhm de réir a chéile ag an gceanglas maidir le cóireáil cheathartha go dtí 2040, maille le cuspóirí soiléire eatramhacha.

(12) Chun a áirithiú go leanfaidh na hábhair a sceitear ó ghléasraí cóireála fuíolluisce de bheith ag comhlíonadh na gceanglas maidir le cóireáil thánaisteach, threasach agus cheathartha, ba cheart samplaí a ghlacadh i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus ba cheart do na samplaí sin na luachanna paraiméadracha a leagtar amach inti a chomhlíonadh. Chun go gcuirfí san áireamh na hathrúcháin theicniúla a d'fhéadfadh a bheith sna torthaí ó na samplaí sin, ba cheart uaslíon samplaí nach bhfuil i gcomhréir leis na luachanna paraiméadracha sin a leagan síos.

(13) Beidh impleachtaí ó thaobh costas breise de ag baint leis an gcóireáil cheathartha is gá chun micreathruailleáin a bhaint den fhuíolluisce uirbeach, amhail costas a bhaineann le faireachán agus le hardtrealamh nua atá le suiteáil i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh áirithe. Chun an costas breise sin a chumhdach agus i gcomhréir leis an bprionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' a chuirtear in iúl in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé fíor-riachtanach, maidir leis na táirgeoirí a chuireann ar mhargadh an Aontais táirgí ina bhfuil substaintí a fhaightear, ag deireadh a saolré, mar mhicreathruailleáin i bhfuíolluisce uirbeach (substaintí micreathruaillitheacha'), go nglacfaidh siad an fhreagracht as an gcóireáil bhreise is gá chun na substaintí sin a bhaint, ar substaintí iad a gineadh i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí gairmiúla. Córas freagrachta leathnaithe táirgeoirí is ea an modh is iomchuí chun é sin a bhaint amach, de bhrí go gcuirfeadh sé teorainn leis an tionchar airgeadais ar an gcáiníocóir agus ar na taraifí uisce, agus ag an am céanna sholáthrófaí dreasacht leis chun táirgí níos glaise a fhorbairt. Is iad iarmhair na dtáirgí cosmaideacha agus na dtáirgí cógaisíochta príomhfhoinsí na micreathruailleán a fhaightear san fhuíolluisce uirbeach agus óna dteastaíonn cóireáil bhreise (cóireáil cheathartha). Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag freagracht leathnaithe tairgeoirí maidir leis an dá ghrúpa táirgí sin.

(14) Mar sin féin, ba cheart go mbeifí in ann díolúintí a fháil ón bhfreagracht leathnaithe táirgeoirí i gcás ina gcuirtear táirgí ar an margadh i gcainníochtaí beaga, i.e. méid is lú ná 2 thona táirgí, ó tharla go mbeadh an t-ualach breise riaracháin ar an táirgeoir i gcásanna den sórt sin díréireach i gcomparáid leis na tairbhí don chomhshaol. Anuas air sin, ba cheart go mbeifí in ann díolúintí a fháil nuair is féidir leis an táirgeoir a léiriú nach ngintear aon mhicreathruailleáin ag deireadh shaolré táirge. D'fhéadfadh sé gurb amhlaidh atá an cás mar shampla nuair is féidir a chruthú go bhfuil go bhfuil na hiarmhair ó tháirge in-bhithdhíghrádaithe go tapa san fhuíolluisce agus sa chomhshaol, nó nach sroicheann na hiarmhair na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun critéir mhionsonraithe a bhunú chun sainaithint a dhéanamh ar na táirgí a chuirtear ar an margadh agus nach ngintear micreathruailleáin díobh san fhuíolluisce ag deireadh a saolré. Le linn dó na critéir sin a fhorbairt, ba cheart don Choimisiún faisnéis eolaíoch nó faisnéis theicniúil eile atá ar fáil a chur san áireamh, lena n-áirítear caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta.

(15) Chun cásanna de shaobhadh inmheánach sa mhargadh a sheachaint, ba cheart íoscheanglais maidir le cur chun feidhme na freagrachta leathnaithe táirgeoirí a bhunú sa Treoir seo, fad is gur cheart eagrú praiticiúil an chórais a chinneadh ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart go mbeadh ranníocaíochtaí na dtáirgeoirí comhréireach le

cainníochtaí na dtáirgí a chuireann siad ar an margadh agus leis an nguais a bhaineann lena gcuid iarmhar. Ba cheart go gcumhdódh, ach níor cheart go sáródh, na ranníocaíochtaí na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faireacháin le haghaidh micreathruailleán, a bhaineann le bailiú, tuairisciú agus fíorú neamhchlaonta staidrimh maidir le cainníochtaí agus guais na dtáirgí a chuirtear ar an margadh, agus a bhaineann le cur i bhfeidhm na cóireála ceathartha ar an bhfuíolluisce uirbeach ar bhealach éifeachtúil agus i gcomhréir leis an Treoir seo. Ó tharla go ndéantar comhchóireáil ar an bhfuíolluisce uirbeach, is iomchuí ceanglas a thabhairt isteach chun go rachadh táirgeoirí isteach in eagraíocht láraithe atá in ann a gcuid oibleagáidí faoin bhfreagracht leathnaithe táirgeoirí a chur chun feidhme thar a gceann.

(16) Léiríodh sa mheastóireacht freisin go bhfuil an deis ann in earnáil na cóireála fuíolluisce chun a tomhaltas fuinnimh féin a laghdú go suntasach agus a cuid fuinnimh in-athnuaite féin a tháirgeadh, mar shampla trí úsáid níos fearr a bhaint as na dromchlaí atá ar fáil i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh i gcomhair fuinneamh gréine a tháirgeadh nó trí bhithghás a tháirgeadh ó shloda. Léiríodh sa mheastóireacht freisin nach féidir a bheith ag coinne ach le dul chun cinn páirteach san earnáil sin in éagmais oibleagáidí dlíthiúla soiléire. Sa chomhthéacs sin, maidir leis an méid iomlán fuinnimh a úsáidtear sna gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh, atá ar chríocha náisiúnta na mBallstát, agus ina gcóireáiltear ualach ina bhfuil 10 000 CD agus os a chionn, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a áirithiú nach sáróidh sé sin an méid fuinnimh a tháirgeann na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45]. Ba cheart an cuspóir sin a bhaint amach de réir spriocanna eatramhacha faoin 31 Nollaig 2040. Má bhaintear amach sprioc sin na neodrachta fuinnimh, beifear ag rannchuidiú le laghdú 46 % a chur ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa inseachanta ón earnáil, agus ag an am céanna beifear ag tacú le cuspóirí aeráidneodrachta 2050 agus cuspóirí gaolmhara náisiúnta agus Aontais a bhaint amach, [amhail na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46]. Cuideofar freisin le spleáchas fuinnimh an Aontais a laghdú, ar ceann de na cuspóirí é a chuirtear in iúl i bPlean 'REPower EU' an Aontais[47], trí tháirgeadh AE-bhunaithe bithgháis nó fuinnimh gréine a spreagadh agus ag an am céanna trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a fheabhsú i gcomhréir leis an prionsabal 'Tosaíocht don Éifeachtúlacht Fuinnimh'[48], rud a chiallaíonn lánaird a thabhairt ar bhearta ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh cost-éifeachtúla le linn beartas fuinnimh a mhúnlú agus cinntí infheistíochta ábhartha á ndéanamh. Tá sé i gcomhréir

---

45 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

46 Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

47 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Plean REPowerEU (COM/2022/230 final).

48 Moladh (AE) 2021/1749 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 maidir le Tús Áite don Éifeachtúlacht Fuinnimh: ó phrionsabail go cleachtas — Treoirlínte agus samplaí dá cur chun feidhme sa chinnteoireacht in earnáil an fhuinnimh agus níos faide i gcéin

freisin le Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle[49] agus le Treoir (AE) 2018/2001 ina gcáilítear láithreáin cóireála fuíolluisce uirbigh mar 'sprioclimistéir' le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, rud a chiallaíonn gur suíomh é atá ainmnithe mar áit atá rí-oiriúnach chun gléasraí a shuiteáil chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh**.** Chun cuspóir na neodrachta fuinnimh a bhaint amach trí bhearta optamacha le haghaidh gach gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh agus le haghaidh an chórais bailithe fuíolluisce, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar iniúchtaí fuinnimh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2012/27/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] gach 4 bliana. Ba cheart a áireamh sna hiniúchtaí sin sainaithint deiseanna maidir le húsáid nó táirgeadh cost-éifeachtach fuinnimh in-athnuaite de réir na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2012/27/AE.

(17) Ó tharla, mar thoradh ar chineál trasteorann an truaillithe uisce, gur gá do chomharsana Ballstáit nó tríú tíortha dul i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú den sórt sin agus bearta a shainaithint chun dul i ngleic le foinse an truaillithe, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a chéile nó an tríú tír a chur ar an eolas i gcás ina mbíonn tionchar, nó inar dócha go mbeidh tionchar, ar cháilíocht an uisce de chuid Ballstát eile nó de chuid tríú tír ag truailliú uisce a thagann ó sceitheadh fuíolluisce uirbigh i mBallstát amháin nó i dtríú tír. Ba cheart an fógra sin a thabhairt láithreach i gcás truailliú teagmhasach a dhéanann difear suntasach do dhobharlaigh níos faide síos le sruth. Ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas agus, más gá, ba cheart don Choimisiún a bheith rannpháirteach sna cruinnithe ar iarraidh ó na Ballstáit. Tá sé tábhachtach freisin dul i ngleic leis an truailliú trasteorann ó thríú tíortha a roinneann na dobharlaigh chéanna le roinnt de na Ballstáit. Chun déileáil le truailliú a thagann ó, nó a shroicheann, na tríú tíortha, féadfar an comhar agus an comhordú le tríú tíortha a dhéanamh faoi chuimsiú Choinbhinsiún Uisce[51] Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) nó Choinbhinsiúin réigiúnacha ábhartha eile amhail na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha nó Aibhneacha.

(18) Chun cosaint ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir leis na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a tógtar chun ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, go ndéantar iad a dearadh, a thógáil, a oibriú, agus a chothabháil chun feidhmíocht leordhóthanach a áirithiú faoi na gnáthdhálaí aeráide áitiúla go léir.

(19) Glacann gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh fuíolluisce neamhthí isteach freisin, lena n-áirítear fuíolluisce tionsclaíoch, ar ábhar é a d'fhéadfadh raon truailleán nach gcumhdaítear go sainráite le Treoir 91/271/CEE, amhail miotail throma, micreaphlaistigh, micreathruailleáin agus ceimiceáin eile. I bhformhór na gcásanna, is bocht an tuiscint agus an t-eolas atá ann maidir le truailliú den sórt sin, ar truailliú é a

---

[49] Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (IO L 328, 21.12.2018, lch. 210).

[50] Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n- aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

[51] Coinbhinsiún UNECE maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta arna leasú le, maille le cinneadh VI/3 lena sonraítear an nós imeachta aontachais.

d'fhéadfadh meath a chur ar fheidhmiú an phróisis cóireála agus rannchuidiú le truailliú na n-uiscí glactha, ach anuas air sin a d'fhéadfadh cosc a chur ar aisghabháil sloda agus athúsáid fuíolluisce chóireáilte. Dá bhrí sin ba cheart do na Ballstáit faireachán agus tuairisciú a déanamh go tráthrialta ar thruailliú neamhthí den sórt sin a théann isteach sna gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh agus sceitear isteach i ndobharlaigh. Chun cosc a chur ag an bhfoinse ar thruailliú ó sceitheadh fuíolluisce neamhthí, ba cheart d'ábhair a scaoiltear ó thionscail nó ó fhiontair atá nasctha le córais bailithe fuíolluisce a bheith faoi réir réamhúdarú. Chun a áirithiú go mbíonn córais bailithe fuíolluisce agus gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh in ann, go teicniúil, an truailliú a thagann isteach a ghlacadh agus a chóireáil, ba cheart dul i gcomhairle leis na hoibreoirí a bhainistíonn na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a ghlacann an fuíolluisce neamhthí sula n-eiseofar na ceadanna sin agus ba cheart do na hoibreoirí sin a bheith in ann na ceadanna sin a cheadú chun a bheith in ann iad a oiriúnú dá gcuid bpróiseas cóireála. I gcás ina sainaithnítear gurb ann do thruailliú neamhthí sna huiscí atá ag teacht isteach, ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun an truailliú a laghdú ag an bhfoinse, tríd an bhfaireachán ar thruailleáin sna córais bailithe fuíolluisce a fheabhsú ionas gur féidir foinsí an truaillithe a shainaithint agus, i gcás inar gá, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na húdaruithe a soláthraíodh do na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ábhartha atá nasctha. Tá an brú atá ar acmhainní uisce an Aontais ag dul i méid ar feadh an ama, agus mar thoradh air sin bíonn ganntanas uisce buan nó sealadach ann i roinnt limistéar san Aontas. D'fhéadfaí feabhas a chur ar chumas an Aontais freagairt do na brúnna méadaitheacha ar acmhainní uisce trí athúsáid níos leithne a bhaint as fuíolluisce uirbeach cóireáilte, lena dteorannófaí an méid uisce úir a bhaintear as dobharlaigh dhromchla agus screamhuisce. Dá bhrí sin, ba cheart athúsáid fuíolluisce uirbigh chóireáilte a spreagadh agus a chur i bhfeidhm nuair is iomchuí, á chur san áireamh ag an am céanna gur gá a áirithiú go gcomhlíontar na cuspóirí maidir le dea-stádas éiceolaíoch agus ceimiceach na ndobharlach glactha, mar a shainmhínítear i dTreoir 2000/60/CE. Le hathneartú na gceanglas maidir le fuíolluisce uirbeach a chóireáil, agus leis na gníomhaíochtaí chun gur fearr an faireachán, rianú agus laghdú a dhéantar ar thruailliú ag an bhfoinse, imreofar tionchar ar cháilíocht an fhuíolluisce uirbigh chóireáilte, agus dá bhrí sin tacófar le hathúsáid uisce. I gcás inarb é an t-uisciú talmhaíochta is cuspóir don athúsáid uisce, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [52].

(20) Chun cur chun feidhme cuí na Treorach seo a áirithiú agus go háirithe ó thaobh urramú na dteorainnluachanna astaíochta, tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar fhuíolluisce uirbeach cóireáilte a sceitear isteach sa chomhshaol. Ba cheart an faireachán a dhéanamh trí chóras sainordaitheach réamhúdaraithe a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun an fuíolluisce chun an fuíolluisce uirbeach cóireáilte a sceitheadh isteach sa chomhshaol. Ina theannta sin, chun cosc a chur ar sceitheadh neamhbheartaithe bithmheán plaisteach isteach sa chomhshaol ó ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ina n-úsáidtear an teicníc sin, tá sé riachtanach go gcuirtear ar áireamh sna húdaruithe um sceitheadh oibleagáidí sonracha maidir le faireachán a dhéanamh go leanúnach agus sceitheadh ábhar den sórt sin a chosc.

---

[52] Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (IO L 177, 5.6.2020, lch. 32).

(21) Chun cosaint an chomhshaoil a áirithiú, ba cheart fuíolluisce neamhthí in-bhithdhíghrádaithe a sceitear go díreach isteach sa chomhshaol ó earnálacha tionsclaíocha áirithe a bheith faoi réir réamhúdaraithe ar an leibhéal náisiúnta agus faoi réir ceanglais iomchuí. Ba cheart a áirithiú leis na ceanglais sin go mbíonn ábhair a sceitear go díreach isteach sa chomhshaol faoi réir cóireáil thánaisteach, threasach agus cheathartha de réir mar is gá chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.

(22) De réir Airteagal 168(1) CFAE, le gníomhaíocht an Aontais comhlánaítear beartais náisiúnta agus tá sí le díriú ar an tsláinte phoiblí a fheabhsú agus ar ghalair a chosc. Chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as sonraí ábhartha sláinte poiblí ón bhfuíolluisce uirbeach, ba cheart faireachas fuíolluisce uirbigh a bhunú agus a úsáid chun críocha coisctheacha nó luathrabhaidh, mar shampla i ndáil le víris shonracha i bhfuíolluisce uirbeach a bhrath agus sin a úsáid mar chomhartha go bhfuil eipidéimí nó paindéimí ag teacht chun cinn. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé agus comhordú buan a bhunú idir na húdaráis inniúla atá freagrach as an tsláinte phoiblí agus na húdaráis inniúla atá freagrach as bainistiú an fhuíolluisce uirbigh. I gcomhthéacs an chomhordaithe sin, ba cheart liosta a bhunú ina bhfuil paraiméadair ábhartha le haghaidh sláinte phoiblí a bhfuil faireachán le déanamh orthu san fhuíolluisce uirbeach, agus ina sonraítear minicíocht agus suíomh na samplála. Leis an gcur chuige sin bainfear tairbhe as, agus comhlánófar, tionscnaimh eile de chuid an Aontais i réimse na cosanta sláinte poiblí, amhail faireachán comhshaoil lena n-áirítear faireachas fuíolluisce[53]. Ar bhonn faisnéis a bailíodh le linn phaindéim COVID-19 agus ar bhonn taithí a fuarthas ó chur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún maidir le cur chuige comhchoiteann i leith faireachas córasach a bhunú ar SARS-CoV-2 agus a chuid athraitheach i bhfuíolluiscí san Aontas[54] (an 'moladh'), ba cheart a cheangal ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar pharaiméadair sláinte a bhaineann le SARS-CoV-2 agus a chuid athraitheach. Chun a áirithiú go n-úsáidtear modhanna comhchuibhithe, ba cheart do na Ballstáit, a mhéid is féidir, úsáid a bhaint as modhanna samplála agus anailíse a leagtar amach sa mholadh maidir le faireachán ar SARS-CoV-2 agus a chuid athraitheach.

(23) Aithníonn an tAontas an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar shaincheist na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) agus in 2017 ghlac sé Plean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne AMR[55]. De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), déantar fuíolluisce a aithint agus a dhoiciméadú mar cheann de phríomhfhoinsí oibreán frithmhiocróbach agus a gcuid meitibilítí, chomh maith le baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus a gcuid a géinte. Chun méadú a chur ar an eolas atá ann ar na príomhfhoinsí AMR, is gá oibleagáid faireacháin a thabhairt isteach maidir le AMR a

---

53 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Údarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte a thabhairt isteach, an chéad chéim eile i dtreo Aontas Sláinte na hEorpa a thabhairt chun críche (COM (2021) 576 final).

54 Moladh (AE) 2021/472 ón gCoimisiún an 17 Márta 2021 maidir le cur chuige coiteann chun faireachas córasach ar SARS-CoV-2 agus a athraithigh i bhfuíolluiscí a bhunú san Aontas Eorpach (IO L 98, 19.3.2021, lch. 3).

55 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa: *A European One Health Action Plan against Antimicrobial Resistance* (AMR) [Plean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha (AMR)] (COM/2017/0339 final).

bheith i bhfuíolluisce uirbeach chun ár n-eolas eolaíoch a fhorbairt a thuilleadh agus b'fhéidir gníomhaíocht leordhóthanach a dhéanamh amach anseo.

(24) Chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint, ba cheart do na Ballstáit na rioscaí a bhaineann le bainistiú fuíolluisce uirbigh a shainaithint. Ar bhonn na sainaitheanta sin, agus i gcás inar gá chun ceanglais reachtaíocht uisce an Aontais a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh le haghaidh fuíolluisce uirbeach a bhailiú agus a chóireáil is déine ná na bearta sin is gá chun na híoscheanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh. Ag brath ar an gcás, ar na bearta níos déine sin féadfar a áireamh, *inter alia*, córais bailithe fuíolluisce a bhunú, pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh a fhorbairt nó cóireáil thánaisteach, threasach nó cheathartha a dhéanamh ar an bhfuíolluisce uirbeach i gcás ceirtleáin nó gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh nach sroicheann na tairseacha CD lena ngníomhachtaítear cur i bhfeidhm na gceanglas caighdeánach. Féadfar a áireamh orthu freisin cóireáil níos forbartha ná an chóireáil is gá chun urraim a thabhairt do na híoscheanglais le haghaidh fuíolluisce uirbeach cóireáilte a dhíghalrú chun Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh[56].

(25) Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 agus an sprioc ghaolmhar lena gceanglaítear ar na Ballstáit 'rochtain do chách ar shláintíocht agus sláinteachas leordhóthanach agus cothrom a bhaint amach agus deireadh a chur le dífhaecú faoin aer, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na mban agus na gcailíní agus iad siúd atá i gcásanna leochaileacha' faoi 2030[57]. Thairis sin, i bPrionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[58] sonraítear go bhfuil ag cách an ceart chun rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha ar ardchaighdeán, lena n-áirítear uisce agus sláintíocht. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcomhréir leis na moltaí i dTreoirlínte EDS maidir le Sláintíocht agus Sláinte[59] agus le forálacha an Phrótacail maidir le hUisce agus Sláinte[60] ba cheart do na Ballstáit dul i ngleic le saincheist na rochtana ar shláintíocht ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart sin a dhéanamh trí bhíthin gníomhaíochtaí arb éard is cuspóir dóibh feabhas a chur ar an rochtain ar shláintíocht do chách, mar shampla trí shaoráidí sláintíochta a chur ar bun i spásanna poiblí, agus freisin trí spreagadh a thabhairt d'infhaighteacht saoráidí sláintíochta iomchuí in áitribh riaracháin phoiblí agus i bhfoirgnimh phoiblí saor in aisce agus\nó an costas a bhaineann leo a dhéanamh inacmhainne do chách. Le saoráidí sláintíochta ba cheart a bheith in ann fual, faecas agus fuil mhíosta an duine a bhainistiú agus a dhiúscairt go sábháilte. Ba cheart iad a bhainistiú go sábháilte, rud a thugann le tuiscint gur cheart iad a bheith inrochtana i gcónaí, lena n-áirítear do dhaoine a bhfuil riachtanais ar leith acu, amhail leanaí, daoine aosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean, agus gur iad a lonnú i suíomh lena n-áirithítear an riosca is lú do shábháilteacht na n-úsáideoirí, agus gur cheart go mbeadh siad sábháilte lena n-úsáid go teicniúil agus ó thaobh sláinteachais

---

[56] Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena n-aisghairtear Treoir 76/160/CEE (IO L 64, 4.3.2006, lch. 37.

[57] Rún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 (A/70/L.1)

[58] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún lena mbunaítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (COM/2017/0250 final).

[59] Treoirlínte EDS maidir le Sláintíocht agus Sláinte, 2018.

[60] Prótacal maidir le hUisce agus Sláinte a ghabhann le Coinbhinsiún 1992 maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta, an 17 Meitheamh 1999.

de. Anuas air sin ba cheart go mbeadh líon leordhóthanach saoráidí den sórt sin ann chun a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais na ndaoine agus nach mbeidh amanna feithimh rófhada ann.

(26) I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal '*A Union of Equality: EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation*' [Aontas Comhionannais: Creat straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach], ina n-iarrtar go méadófar rochtain éifeachtach chothrom ar sheirbhísí riachtanacha, aithníodh cás sonrach na gcultúr mionlach, amhail Romaigh agus an Lucht Siúil, is cuma aistreach nó neamhaistreach iad, agus go háirithe an easpa rochtana a bhíonn acu ar shláintíocht. Ar an iomlán, is iomchuí go dtabharfadh na Ballstáit aird faoi leith ar ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe trí na bearta riachtanacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag na grúpaí sin ar an tsláintíocht. Tá sé tábhachtach go ndéanfar na grúpaí sin a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Threoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle[61]. Ar na bearta a d'fhéadfaí a áireamh chun feabhas a chur ar rochtain ar shláintíocht ag grúpaí leochaileacha agus imeallaithe tá saoráidí sláintíochta a chur ar fáil i spásanna poiblí saor in aisce nó ar tháille seirbhíse íseal, feabhsú nó cothabháil an naisc le córais leordhóthanacha chun fuíolluisce uirbeach a bhailiú, agus feasacht a ardú i leith na saoráidí sláintíochta is gaire.

(27) De réir Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil le hUisce Óil Sábháilte agus leis an tSláintíocht[62], ba cheart aird ar leith a thabhairt ar riachtanais na mban is na gcailíní, ó tharla go bhfuil siad i mbaol go háirithe agus go bhfuil siad neamhchosanta ar ionsaithe, ar fhoréigean gnéasach agus inscne-bhunaithe, ar chiapadh agus ar bhagairtí eile ó thaobh a sábháilteachta de le linn dóibh rochtain á fáil ar shaoráidí sláintíochta lasmuigh dá dtithe. Tá sé sin i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Uisce[63], lena n-athdhearbhaítear an tábhacht a bhaineann le gné na hinscne a chomhtháthú sa taidhleoireacht uisce. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar mhná agus cailíní mar ghrúpa leochaileach agus ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun rochtain shábháilte ar shláintíocht don ghrúpa sin a fheabhsú nó a choinneáil ar bun.

(28) Sa mheastóireacht thángthas ar an gconclúid go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú sloda chun é a ailíniú níos fearr le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus ord na réiteach dramhaíola mar a shainmhínítear le hAirteagal 4 de Threoir 2008/98/CE. Maidir leis na gníomhaíochtaí chun faireachán agus laghdú níos fearr a dhéanamh ar thruailliú ó sceitheadh ábhar neamhthí ag an bhfoinse, cuideoidh siad le feabhas a chur ar cháilíocht an tsloda a tháirgtear agus áiritheoidh siad go n-úsáidfear go sábháilte é sa talmhaíocht. Chun a áirithiú go ndéantar cothaithigh a aisghabháil go cuí agus go sábháilte, lena n-áirítear fosfar, arb é an tsubstaint chriticiúil é, ón sloda, ba cheart íosrátaí aisghabhála a shainiú ar leibhéal an Aontais.

---

[61] Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

[62] Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil le hUisce Óil Sábháilte agus leis an tSláintíocht (10145/19).

[63] Conclúidí ón gComhairle maidir le Dobharthaidhleoireacht (13991/18).

(29) Is gá faireachán breise a dhéanamh chun go bhfíorófaí comhlíontacht leis na ceanglais nua maidir le micreathruailleáin, truailliú neamhthí, neodracht fuinnimh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, forsceitheadh uiscí stoirme agus rití chun srutha uirbeacha. Chun fíorú a dhéanamh ar fheidhmíocht na cóireála ceathartha i ndáil le laghdú na micreathruailleán i bhfuíolluisce uirbeach a sceitear, is leor faireachán a dhéanamh ar shraith theoranta micreathruailleán ionadaíoch. Ba cheart na minicíochtaí faireacháin a ailíniú leis na dea-chleachtais atá ann faoi láthair, mar a fheidhmítear san Eilvéis faoi láthair. Chun go leanfaidh siad de bheith costéifeachtach, ba cheart na hoibleagáidí sin a chur in oiriúint do mhéid na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh agus do mhéid na gceirtleán. Rannchuideoidh an faireachán freisin le sonraí a sholáthar don Chreat Faireachán Comhshaoil arna bhunú faoin 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil[64], agus ar bhealach níos sonraí cothóidh sé an Creat Faireacháin maidir le Truailliú Nialasach atá mar bhonn taca leis[65].

(30) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus leas níos fearr a bhaint as na deiseanna atá ar fáil ón digitiú, ba cheart an tuairisciú ar chur chun feidhme na Treorach a fheabhsú agus a shimpliú trí dheireadh a chur leis an oibleagáid ar na Ballstáit chun tuarascáil a thabhairt don Choimisiún gach 2 bhliain agus ar an gCoimisiún chun tuarascálacha a fhoilsiú gach dara bliain. Ina hionad ba cheart go gcuirfí ceanglas ar na Ballstáit feabhas a chur ar, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), na tacair sonraí caighdeánaithe náisiúnta atá ann cheana faoi Threoir 91/271/CEE, agus iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Ba cheart rochtain bhuan ar na bunachair sonraí náisiúnta a sholáthar don Choimisiún agus do EEA. Chun faisnéis iomlán a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart a áireamh sna tacair sonraí faisnéis maidir le comhlíontacht na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh leis na ceanglais chóireála (pas/teip, ualaigh agus leibhéil tiúchana na dtruailleán a sceitear), maidir le cuspóirí na neodrachta fuinnimh a bhaint amach, maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na ngléasraí cóireála ina bhfuil os cionn 10 000 CD agus maidir leis na bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomhthéacs forsceitheadh uiscí stoirmí/rití chun srutha uirbeacha, rochtain ar shláintíocht agus cóireáil ag córais aonair. Thairis sin, ba cheart comhleanúnachas iomlán le Rialachán (CE) 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[66] chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na sonraí, agus chun tacú chomh maith céanna le trédhearcacht iomlán.

(31) Chun a áirithiú go gcuirtear chun feidhme an Treoir seo go tráthúil agus go cuí, tá sé tábhachtach go mbunóidh na Ballstáit clár náisiúnta cur chun feidhme lena n-áirítear clárú fadtéarmach na n-infheistíochtaí is gá a mbeidh straitéis maoiniúcháin ag gabháil leis. Ba cheart na cláir náisiúnta sin a thuairisciú don Choimisiún. Chun an t-ualach riaracháin a theorannú, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin maidir le

[64] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

[65] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil' [Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách: 'I dtreo Truailliú Nialasach don Aeir, d'Uisce agus don Ithir'] (COM/2021/400 final).

[66] Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le bunú Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán agus lena leasaítear Treoir 91/689/CEE agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) IO L 33, 4.2.2006, lch. 1–17

Ballstát a léiríonn leibhéal comhlíontachta os cionn 95 % maidir leis na príomhoibleagáidí chun fuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil.

(32) Tá earnáil bailithe agus cóireála an fhuíolluisce uirbigh sonrach, ag oibriú mar mhargadh faoi chuing, ina bhfuil fiontair phoiblí agus bheaga arna nascadh leis an gcóras bailithe fuíolluisce gan deis a n-oibreoirí a roghnú. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach rochtain phoiblí a áirithiú ar phríomhtháscairí feidhmíochta na n-oibreoirí, amhail an leibhéal cóireála a bhaintear amach, costais na cóireála, an méid fuinneamh a úsáidtear agus a tháirgtear agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus an lorg carbóin a bhaineann leo. Chun an pobal a dhéanamh níos feasaí maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le cóireáil fuíolluisce uirbigh, ba cheart príomhfhaisnéis maidir le costas bliantúil bailithe agus cóireála an fhuíolluisce a sholáthar,, ar bhealach a bheidh inrochtana go héasca, le haghaidh gach teaghlaigh, mar shampla ar na sonraisc, agus ba cheart faisnéis mhionsonraithe eile a bheith inrochtana ar líne, ar shuíomh gréasáin an oibreora nó an údaráis inniúil.

(33) Le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[67] ráthaítear an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol sna Ballstáit i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus 1998 maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (‘Coinbhinsiún Aarhus’). Le Coinbhinsiún Aarhus cuimsítear oibleagáidí leathana a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil, arna hiarraidh sin, agus le faisnéis den sórt sin a scaipeadh ar bhealach gníomhach. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh forálacha na Treorach seo a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis agus le socruithe comhroinnte sonraí an Treoir sin a chomhlánú, tríd an oibleagáid a bhunú chun faisnéis a chur ar fáil don phobal ar líne, ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir, maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce uirbigh, gan córas dlí ar leith a chruthú.

(34) Maidir le héifeachtacht na Treorach seo agus le haidhm na Treorach an tsláinte phoiblí i gcomhthéacs bheartas comhshaoil an Aontais, ceanglaítear leo go mbeadh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó i gcás inarb iomchuí a gcuid eagraíochtaí atá comhdhéanta go cuí, in ann brath ar an Treoir in imeachtaí dlíthiúla agus go mbeadh na cúirteanna náisiúnta in ann an Treoir seo a chur san áireamh mar ghné de dhlí an Aontais chun, inter alia, athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí de chuid údarás náisiúnta i gcás inarb iomchuí. Ina theannta sin, de réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, faoi phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is faoi chúirteanna na mBallstát cosaint bhreithiúnach ar chearta duine faoi dhlí an Aontais a áirithiú. Sa bhreis air sin, le hAirteagal 19(1) CAE ceanglaítear ar na Ballstáit leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. Anuas air sin, i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus, ba cheart rochtain ar an gceartas a bheith ag an bpobal lena mbaineann chun rannchuidiú le cosaint an chirt chun cónaí i dtimpeallacht atá leormhaith maidir le sláinte agus folláine an duine.

(35) Chun an Treoir seo a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith codanna áirithe de na hIarscríbhinní a

[67] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lgh. 26–32).

leasú i ndáil leis na ceanglais maidir le cóireáil, thánaisteach, threasach agus cheathartha agus i ndáil leis na ceanglais maidir le húdaruithe sonracha le haghaidh fuíolluisce neamhthí a sceitear isteach i gcórais bailithe fuíolluisce agus i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh agus i leith an Treoir seo a fhorlíonadh trí íosrátaí athúsáide agus athchúrsála a bhunú le haghaidh fosfar agus nítrigin ó shloda. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna a fhaigheann saineolaithe na mBallstát iad, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(36) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun caighdeáin a ghlacadh le haghaidh córais aonair a dhearadh, chun modhanna faireacháin agus measúnaithe a ghlacadh le haghaidh tháscairí na cóireála ceathartha, chun coinníollacha coiteanna agus critéir choiteanna a bhunú le haghaidh chur i bhfeidhm an díolmhaithe ón bhfreagracht leathnaithe táirgeoirí do tháirgí áirithe, chun modheolaíochtaí a bhunú chun tacú le pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh a fhorbairt agus chun tomhas a dhéanamh ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus ar mhicreaphlaistigh i bhfuíolluisce uirbeach, agus chun formáid agus módúlachtaí a ghlacadh lena gcuirfear i láthair an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit agus atá le tiomsú ag EEA maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68].

(37) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos i ndáil leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo agus ba cheart dóibh gach beart is gá a ghlacadh lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart go mbeadh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus sainiúlachtaí na bhFiontar Beag agus Meánmhéide á gcur san áireamh.

(38) De bhun an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[69], ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo laistigh de thréimhse ama áirithe ón dáta a shocraítear chun í a thrasuí. Ba cheart don mheastóireacht sin a bheith bunaithe ar thaithí a fuarthas agus ar shonraí a bailíodh le linn don Treoir seo a bheith á cur chun feidhme, ar aon mholtaí atá ar fáil ó EDS, agus ar shonraí ábhartha eolaíocha, anailíseacha agus eipidéimeolaíocha. Sa mheastóireacht, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann oiriúnú a dhéanamh ar an liosta táirgí atá le bheith faoi chumhdach na freagrachta leathnaithe táirgeoirí de réir na héabhlóide ar raon na dtáirgí a chuirtear ar an margadh, de réir fheabhsú an eolais maidir le micreathruailleáin a bheith san fhuíolluisce agus a

---

68 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

69 An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14).

dtionchar ar an tsláinte phoiblí agus ar an gcomhshaol, agus i leith sonraí ó na hoibleagáidí faireacháin nua ar mhicreathruailleáin sna hionraonta agus sna hasraonta de chuid na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh.

(39) Le Treoir 91/271/CEE soláthraítear sprioc-amanna sonracha do Mayotte mar thoradh ar é a bheith curtha san áireamh in 2014 mar réigiún forimeallach de réir bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, maidir le cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí chun córais bailithe fuíolluisce a bhunú agus chun cóireáil thánaisteach a dhéanamh ar an bhfuíolluisce uirbeach ó cheirtleáin ina bhfuil 2 000 CD agus os a chionn, ba cheart é a chur siar i ndáil le Mayotte.

(40) Chun leanúnachas chosaint an chomhshaoil a áirithiú, tá sé tábhachtach go gcoinneoidh na Ballstáit ar bun leibhéal na cóireála treasaí atá ann faoi láthair ar a laghad go dtí go dtiocfaidh na ceanglais nua le haghaidh fosfar agus nítrigin a laghdú chun a bheith infheidhme. Dá bhrí sin, ba cheart go leanfadh Airteagal 5 de Threoir 91/271/CE ón gComhairle d'fheidhm a bheith aige go dtí go dtiocfaidh na ceanglais nua sin chun a bheith infheidhme.

(41) Maidir le cuspóirí na Treorach seo, mar atá, an comhshaol agus an tsláinte phoiblí a chosaint, dul chun cinn a bhaint amach i dtreo na haeráidneodrachta maidir le gníomhaíochtaí bailithe agus cóireála fuíolluisce uirbigh, feabhas a chur ar an rochtain ar shláintíocht agus faireachas rialta ar pharaiméadair atá ábhartha don tsláinte phoiblí a áirithiú, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit iad a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar scála agus iarmhairtí na gníomhaíochta, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(42) Ba cheart an oibleagáid maidir leis an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasuithe substainteacha iad i gcomparáid leis an Treoir a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid maidir leis na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar na Treoracha a bhí ann roimhe seo.

(43) Ba cheart don Treoir seo a bheith gan dochar do na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn [VII], Cuid B, a thrasuí,

---

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)
(adapted)
⇨ nua

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

⌦ Ábhar ⌫

Leis an Treoir seo ⌦ leagtar síos rialacha maidir le ⌫ bailiú, cóireáil, agus sceitheadh fuíolluisce ⌦ uirbigh ⌫ ꞉ chun an comhshaol ⇨ agus sláinte an duine a chosaint agus, ag an am céanna, astaíochtaí gás ceaptha teasa a dhíothú de réir a chéile agus cothromaíocht

fuinnimh na ngníomhaíochtaí bailithe agus cóireála fuíolluisce uirbigh a fheabhsú. Leagtar síos leis freisin rialacha maidir le rochtain ar shláintíocht, maidir le trédhearcacht earnáil an fhuíolluisce uirbigh agus maidir le faireachas tráthrialta ar pharaiméadair a bhaineann le sláinte phoiblí sna fuíolluiscí uirbeacha ⇦ .

*Airteagal 2*

⌦ Sainmhínithe ⌫

Chun críocha na Treorach seo⌦, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas ⌫ :

(1.) ciallaíonn 'fuíolluisce ~~fuíolluisce~~ ⌦ uirbeach⌫' uisce tí⇨ , meascán ina bhfuil fuíolluisce tí agus fuíolluisce neamhthí ⇦ nó meascán ina bhfuil fuíolluisce tí ⌦ agus rití chun srutha uirbeacha ⌫;

(2.) ciallaíonn '⌦ tí ⌫' ~~fuíolluisce~~ ⌦ fuíolluisce ⌫ ~~fuíolluisce~~ ó lonnaíochtaí agus seirbhísí cónaitheacha a thagann go príomha ón meitibileacht dhaonna agus ó ghníomhaíochtaí tí;

(3). ciallaíonn 'fuíolluisce ⇨ neamhthí ⇦ ⌦⌫' aon ⌦ fhuíolluisce ⌫ a sceitear ⇨ isteach i gcórais bailithe fuíolluisce ⇦ ó áitreabh a úsáidtear ⌦ le haghaidh aon cheann de na nithe seo a leanas: ⌫

⌦ (a) ceird ⌫ a fheidhmiú ;

⇩ nua

(b) gníomhaíochtaí a dhéanann institiúid;

🡇 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

⌦ (c) gníomhaíochtaí tionsclaíocha; ⌫

(4). ciallaíonn 'ceirtleáin' limistéar ina bhfuil leibhéal tiúchana ⇨ an ualaigh truaillithe san fhuíolluisce uirbeach ⇦ ard a dhóthain ⇨ (10 CD in aghaidh an heicteáir nó os a chionn) ⇦ chun go ndéanfar ⌦ fuíolluisce ⌫ uirbeach a bhailiú agus a sheoladh chuig gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh nó chuig pointe sceite deiridh;

⇩ nua

(5) ciallaíonn 'rití chun srutha uirbeacha' uisce báistí ó cheirtleáin a bhailítear i gcomhchórais séarachais nó i gcórais séarachais ar leithligh;

(6) ciallaíonn 'forsceitheadh uisce stoirme' fuíolluisce uirbeach neamhchóireáilte a sceitear isteach in uiscí glactha ó chomhchórais séarachais de dheasca uisce báistí;

➜ 91/271/CEE (oiriúnaithe)

(7)~~5.~~ ciallaíonn 'córas bailithe fuíolluisce' córas seolphíobán a bhailíonn agus a threoraíonn ⌦ fuíolluisce ⌫ ~~fuíolluisce~~ uirbeach;

⇩ nua

(8) ciallaíonn 'comhchóras séarachais' seolphíobán a bhailíonn agus a threoraíonn fuíolluisce uirbeach;

(9) ciallaíonn 'córas séarachais ar leithligh' seolphíobán a bhailíonn agus a threoraíonn ar leith óna chéile aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) fuíolluisce tí;

(b) fuíolluisce neamhthí;

(c) meascán ina bhfuil fuíolluisce tí agus fuíolluisce neamhthí;

(d) uisce báistí ó cheirtleáin;

➜ 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~6.~~ (10) ciallaíonn ⌦ 'coibhéis daonra' nó '(CD)' ⌫ ⇨ an t-aonad lena sloinntear meán an ualaigh truaillithe fhéideartha uisce ó dhuine amháin in aghaidh an lae, i gcás inarb é 1 CD ⇦ an t-ualach orgánach in-bhithdhíghrádaithe a bhfuil luach 60 g ocsaigine in aghaidh an lae aige mar éileamh bitheolaíoch ar ocsaigin 5 lá (BOD5);

~~7. ciallaíonn "cóireáil phríomhúil" fuíolluisce uirbeach a chóireáil trí phróiseas fisiceach agus/nó ceimiceach lena mbaineann solaid atá ar fuaidreamh a shocrú, nó trí phróisis eile ina laghdaítear BOD 5 an fhuíolluisce isteach 20 % ar a laghad roimh an sceitheadh agus ina laghdaítear iomlán na solad atá ar fuaidreamh san fhuíolluisce atá ag teacht isteach 50 % ar a laghad;~~

~~8.~~ (11) ciallaíonn 'cóireáil thánaisteach' fuíolluisce uirbeach a chóireáil trí phróiseas lena mbaineann cóireáil bhitheolaíoch ina n-úsáidtear síothlú tánaisteach nó próiseas eile ~~ina n-urramaítear na ceanglais a leagtar síos i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I~~;

~~9. ciallaíonn "cóireáil iomchuí" fuíolluisce uirbeach a chóireáil le haon phróiseas agus/nó córas diúscartha a ligeann do na huiscí glactha, tar éis díscaoilte, na cuspóirí cáilíochta ábhartha agus forálacha ábhartha na Treorach seo agus Treoracha eile de chuid an Chomhphobail a chomhlíonadh;~~

⇩ nua

(12) ciallaíonn 'cóireáil threasach' fuíolluisce uirbeach a chóireáil trí phróiseas lena mbaintear nítrigin agus fosfar as na fuíolluiscí uirbeacha;

(13) ciallaíonn 'cóireáil cheathartha' fuíolluisce uirbeach a chóireáil trí phróiseas lena mbaintear speictream leathan micreathruailleán as na fuíolluiscí uirbeacha;

---

↓ 91/271/CEE
⇨ nua

~~10.~~ (14) ciallaíonn '~~s~~Sloda' ⇨ aon ábhar soladach nó leath-sholadach, nó aon dramhaíl leachtach a bhíonn ann mar thoradh ar fhuíolluisce uirbeach a chóireáil ⇦ ~~plants~~;

~~11.~~ (15) ciallaíonn 'eotrófú' saibhriú uisce ag cothaithigh, go háirithe ag comhdhúile ina bhfuil nítrigin agus/nó fosfar, lena gcuirtear faoi deara fás luathaithe ar algaí agus ar chineálacha níos airde de bheatha plandaí, rud a chuireann ar sceabha ar bhealach neamh-inmhianaithe cothromaíocht na n-orgánach atá san uisce agus cáilíocht an uisce lena mbaineann;

~~12. ciallaíonn "inbhear" an limistéar idirchreasach ag béal abhann idir uiscí fionnuisce agus uiscí cósta. Bunóidh na Ballstáit teorainneacha forimeallacha (i dtreo na farraige) do na hinbhir chun críocha na Treorach seo mar chuid den chlár lena cur chun feidhme i gcomhréir le forálacha Airteagal 17(1) agus (2);~~

~~13. ciallaíonn "uiscí cósta" uiscí lasmuigh den líne lag trá nó de theorainn fhorimeallach inbhir.~~

---

⇩ nua

(16) ciallaíonn 'micreathruailleán' substaint, lena n-áirítear a cuid táirgí díghrádúcháin, a mbíonn leibhéil tiúchana is lú ná milleagraim in aghaidh an lítir di le fáil sa chomhshaol agus san fhuíolluisce uirbeach de ghnáth, agus ar féidir a mheas gur substaint í atá ina guais do shláinte an duine nó don chomhshaol ar bhonn aon cheann de na critéir a leagtar amach i gCuid 3 agus i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán CE[70];

(17) ciallaíonn 'cóimheas caolúcháin' an cóimheas idir toirt shreabhadh bliantúil na n-uiscí glactha ag an bpointe sceite agus toirt bhliantúil an fhuíolluisce uirbigh a sceitear as an ngléasra cóireála;

(18) ciallaíonn 'táirgeoir' aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir a chuireann táirgí ar an margadh de chuid Ballstáit ar bhonn gairmiúil, lena n-áirítear trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/CE;

(19) ciallaíonn 'Eagraíocht um Fhreagracht Tairgeoirí' eagraíocht arna bunú i dteannta a chéile ag táirgeoirí chun a gcuid oibleagáidí faoi Airteagal 9 a chomhlíonadh;

(20) ciallaíonn 'sláintíocht' saoráidí agus seirbhísí a úsáidtear chun fual, faecas agus fuil mhíosta an duine a dhiúscairt go sábháilte;

---

70 Rialachán CE Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(21) ciallaíonn 'frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha' cumas miocrorgánach teacht slán i láthair leibhéal tiúchana oibreáin fhrithmhiocróbaigh ar gnách gur leor é chun miocrorgánaigh den speiceas céanna a chosc nó a mharú;

(22) ciallaíonn 'an pobal lena mbaineann' an pobal dá ndéantar difear nó ar dócha go ndéanfar difear dó, mar thoradh ar na nósanna imeachta cinnteoireachta maidir le cur chun chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann chun cinn cosaint shláinte an duine nó an chomhshaoil, nó an pobal bhfuil leas aige sna nósanna imeachta cinnteoireachta sin;

(23) ciallaíonn 'bithmheán plaisteach' taca plaisteach a úsáidtear chun forbairt a dhéanamh ar na baictéir is gá chun fuíolluiscí uirbeacha a chóireáil;

(24) ciallaíonn 'cur ar an margadh' táirge a chur ar fáil den chéad uair ar mhargadh Ballstáit.

---

↓ 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 3*

⌦ Córais bailithe fuíolluisce ⌫

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh gach ceirtleán⌦ ina bhfuil 2 000 CD agus os a chionn na ceanglais seo a leanas: ⌫

⌦ (a) go mbíonn ⌫ córais bailithe fuíolluisce ar fáil dóibh ~~don fhuíolluisce uirbeach,~~

⇨ (b) go mbíonn a bhfoinsí fuíolluisce tí go léir nasctha leis na córais bailithe fuíolluisce. ⇦

– ~~faoin 31 Nollaig 2000 ar a dhéanaí dóibh siúd ar mó a gcoibhéis daonra (CD) ná 15 000, agus~~

– ~~faoin 31 Nollaig 2005 ar a dhéanaí dóibh siúd a bhfuil a gcoibhéis daonra (CD) idir 2 000, agus 15 000.~~

~~I gcás fuíolluisce uirbigh a sceitheann isteach in uiscí glactha a mheastar a bheith ina "limistéir íogaire" mar a shainmhínítear faoi Airteagal 5, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear córais bhailiúcháin ar fáil ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 1998 do cheirtleáin ar mó iad ná 10 000 CD~~

---

↓ 2013/64/AE Airteagal 1.1 (oiriúnaithe)

~~1a. By way of derogation from the first and second subparagraphs of paragraph 1, in respect of Mayotte as an outermost region within the meaning of Article 349 of the Treaty on the Functioning of the European Union (hereinafter 'Mayotte'), France shall ensure that all agglomerations are provided with collecting systems for urban waste water.~~

– by 31 December 2020 at the latest for agglomerations of more than 10000 CD, which will cover at least 70 % of the load generated in Mayotte;

– by 31 December 2027 at the latest for agglomerations of more than 2000 CD

---

⇩ nua

2. Faoin 31 Nollaig 2030, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh gach ceirtleán ina bhfuil idir 1 000 CD agus 2 000 CD na ceanglais seo a leanas:

(a) go mbíonn córais bailithe fuíolluisce ar fáil dóibh;

(b) go mbíonn a bhfoinsí fuíolluisce tí go léir nasctha leis na córais bailithe fuíolluisce.

---

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 4(2) (oiriúnaithe)

3. ⌦ Comhlíonfaidh ⌫ Comhlíonfaidh córais bailithe fuíolluisce ar a ndéantar cur síos i mír 1 na ceanglais i roinn gCuid A d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh an Coimisiún na ceanglais sin a leasú. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).

---

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 4*

⌦ Córais aonair ⌫

⌦ 1. De mhaolú ar Airteagal 3, ⌫ i gcás ⇨ , go heisceachtúil, ⇦ nach bhfuil bonn cirt le córas bailithe fuíolluisce a bhunú ó tharla nach dtiocfadh aon tairbhe don chomhshaol as nó ó tharla go mbeadh costas iomarcach i gceist leis, ⌦ áiritheoidh na Ballstáit ⌫ go n-úsáidtear córais aonair ⌦ chun fuíolluisce uirbeach a chóireáil ('córais aonair') ⌫ ⌦⌫.

---

⇩ nua

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar córais aonair a dhearadh, a oibriú agus a chothabháil ar bhealach lena n-áiritheofar go ndéanfar an leibhéal céanna cóireála ar a laghad agus dhéantar leis an gcóireáil thánaisteach agus leis an gcóireáil threasach dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar ceirtleáin ina n-úsáidtear córais aonair a chlárú i gclárlann phoiblí agus go ndéanfaidh an t-údarás iomchuí cigireachtaí rialta ar na córais sin.

3. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí íoscheanglais a bhunú maidir le dearadh, oibriú agus cothabháil córas aonair agus trí na ceanglais a shonrú le haghaidh na gcigireachtaí rialta dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír.

4. Maidir leis na Ballstáit a úsáideann córais aonair chun cóireáil a dhéanamh ar níos mó ná sciar 2 % den ualach fuíolluisce uirbigh ó cheirtleáin ina bhfuil 2 000 CD agus os a chionn, soláthróidh siad don Choimisiún bonn cirt mionsonraithe le haghaidh córais aonair a úsáid i ngach ceann de na ceirtleáin. Leis an mbonn cirt sin:

(a) léireofar go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 maidir le córais aonair a úsáid arna gcomhlíonadh;

(b) tabharfar tuairisc ar na bearta a rinneadh i gcomhréir le mír 2;

(c) léireofar comhlíontacht leis na híoscheanglais dá dtagraítear i mír 3 i gcás ina mbeidh an Coimisiún tar éis a chumhacht tharmligthe faoin mír sin a fheidhmiú.

5. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear an fhormáid chun an fhaisnéise dá dtagraítear i mír 4 a thíolacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

*Airteagal 5*

Pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh

1. Faoin 31 Nollaig 2030, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh plean comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh arna bhunú le haghaidh ceirtleáin ina bhfuil 100 000 CD agus os a chionn.

2. Faoin 31 Nollaig 2025, bunóidh na Ballstáit liosta ceirtleán ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD i gcás ina bhfuil feidhm, agus sonraí stairiúla agus réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha á gcur san áireamh, le ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá riosca ann don chomhshaol nó do shláinte an duine de dheasca forsceitheadh uiscí stoirme nó rití chun srutha uirbeacha;

(b) tá forsceitheadh uiscí stoirme ina chion is mó ná 1 % den ualach fuíolluisce uirbigh a bhailítear go bliantúil le linn dálaí aimsire tirime;

(c) ní féidir aon cheann de na nithe seo a leanas a chomhlíonadh de dheasca forsceitheadh uiscí stoirme nó rití chun srutha uirbeacha:

(i) na ceanglais arna mbunú faoi Airteagal 5 de Threoir (AE) 2020/2184;

(ii) na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5(3) de Threoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71];

(iii) na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72];

---

[71] Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena n-aisghairtear Treoir 76/160/CEE (IO L 64, 4.3.2006, lch. 37.

[72] Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina

(iv) na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE.

Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar an liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír gach 5 bliana tar éis a bhunaithe agus déanfaidh siad é a nuashonrú i gcás inar gá.

3. Faoin 31 Nollaig 2035, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh plean comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh arna bhunú le haghaidh ceirtleáin dá dtagraítear i mír 2.

4. Cuirfear pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

5. Beidh ar áireamh i bpleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn V ar a laghad.

6. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) modheolaíochtaí a sholáthar chun na bearta dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn V a shainaithint;

(b) modheolaíochtaí a sholáthar chun táscairí malartacha a chinneadh maidir lena fhíorú an mbaintear amach an cuspóir táscach um laghdú truaillithe dá dtagraítear i bpointe 2(a) d'Iarscríbhinn V;

(c) an fhormáid a chinneadh trína mbeidh pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh le cur ar fáil don Choimisiún i gcás ina n-iarrfar sin i gcomhréir le mír 4.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).7. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh a athbhreithniú gach 5 bliana tar éis a mbunaithe agus go ndéanfar iad a nuashonrú i gcás inar gá.

---

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

Airteagal 6~~4~~

⌦ Cóireáil thánaisteach ⌫

1. ⌦ I gcás ceirtleáin ina bhfuil 2 000 CD agus os a chionn, ⌫ áiritheoidh na Ballstáit go mbíonn ⌦ fuíolluisce ⌫ a théann isteach i gcórais bailithe fuíolluisce ⌦ ⌫ faoi réir cóireáil thánaisteach ⇨ i gcomhréir le mír 3 ⇦ nó faoi réir cóireáil choibhéiseach ⌦ sula sceitear é. ⌫

– ~~faoin 31 Nollaig 2000 ar a dhéanaí maidir le gach sceitheadh ó cheirtleáin atá níos mó ná 15 000 CD,~~

---

dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

– faoin 31 Nollaig 2005 ar a dhéanaí maidir le gach sceitheadh ó cheirtleáin idir 10 000 agus 15 000 CD,

– faoin 31 Nollaig 2005 ar a dhéanaí, i gcás sceitheadh chuig fionnuisce agus inbhir ó cheirtleáin idir 2 000 agus 10 000 CD

---

⇩ nua

I gcás ceirtleáin ina bhfuil idir 2 000 CD agus 10 000 CD agus óna sceitear ábhar isteach i limistéir chósta, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach sa chéad mhír go dtí an 31 Nollaig 2027.

---

🡻 2013/64/AE Airteagal 1.2 (oiriúnaithe)

1a. By way of derogation from paragraph 1, in respect of Mayotte, France shall ensure that urban waste water entering collecting systems is, before discharge, subject to secondary treatment or an equivalent treatment:

– by 31 December 2020 at the latest for agglomerations of more than 15000 CD, which, along with the agglomerations referred to in Article 5 (2a), will cover at least 70 % of the load generated in Mayotte;

– by 31 December 2027 at the latest for agglomerations of more than 2000 CD

---

⇩ nua

2. I gcás ceirtleáin ina bhfuil idir 1 000 CD agus 2 000 CD, áiritheoidh na Ballstáit faoin 31 Nollaig 2030 go mbíonn fuíolluisce uirbeach a théann isteach i gcórais bailithe fuíolluisce faoi réir cóireáil thánaisteach i gcomhréir le mír 3 nó faoi réir cóireáil choibhéiseach sula sceitear é.

3. Maidir le samplaí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 agus Cuid D d'Iarscríbhinn I den Treoir seo, comhlíonfaidh siad na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i dTábla 1 de Chuid B d'Iarscríbhinn I. Leagtar amach i dTábla 4 de Chuid D d'Iarscríbhinn I an líon uasta samplaí ar ceadmhach dóibh gan na luachanna paraiméadracha i dTábla 1 de Chuid B d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh.

---

🡻 91/271/CEE

2. Féadfar sceitheadh fuíolluisce uirbigh chuig uiscí atá suite i réigiúin ardsléibhe (níos mó ná 1 500 m os cionn leibhéal na farraige) ina bhfuil sé deacair cóireáil éifeachtach bhitheolaíoch a chur i bhfeidhm de bharr teochtaí ísle a bheith faoi réir cóireála nach bhfuil chomh dian céanna leis an gcóireáil a leagtar síos i mír 1, ar choinníoll go léiríonn staidéir mhionsonraithe nach ndéanann sceitheadh den sórt sin dochar don chomhshaol.

↓ 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~3. Déanfaidh aon sceitheadh ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh ar a ndéantar cur síos i mír 1 agus i mír 2 na ceanglais ábhartha atá i gcuid B d'Iarscríbhinn I a shásamh. Féadfaidh an Coimisiún na ceanglais sin a leasú. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).~~

↓ 91/271/CEE (oiriúnaithe)

4. Déanfar an t-ualach arna shloinneadh in CD a ríomh ar bhonn an mheánualaigh íosta sheachtainiúil a théann isteach sa ghléasra cóireála ⌦ fuíolluisce uirbigh ⌫ le linn na bliana, cé is moite de dhálaí neamhghnácha ~~amhail iad siúd a tharlaíonn~~ mar gheall ar bháisteach throm.

*Airteagal 7~~5~~*

⌦ Cóireáil threasach ⌫

⇩ nua

1. Maidir le sceitheadh ábhar ó sciar 50 % de ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ina gcóireáiltear ualach 100 000 CD agus os a chionn agus nach ndéantar cóireáil threasach iontu faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sceitheadh ábhar den sórt sin faoi réir cóireáil threasach i gcomhréir le mír 4 faoin 31 Nollaig 2030.

Faoin 31 Nollaig 2035, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh go léir ina gcóireáiltear ualach 100 000 CD agus os a chionn faoi réir cóireáil threasach i gcomhréir le mír 4.

↓ 91/271/CEE (oiriúnaithe)

~~1. Chun críocha mhír 2, sainaithneoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 1993, limistéir íogaire de réir na gcritéar a leagtar síos in Iarscríbhinn II.~~

⇩ nua

2. Faoin 31 Nollaig 2025, bunóidh na Ballstáit liosta de limistéir ar a gcríoch atá íogair i leith an eotrófaithe agus déanfaidh siad an liosta sin a nuashonrú gach 5 bliana dar tús an 31 Nollaig 2030.

Beidh ar áireamh sa liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír na limistéir a shainaithnítear in Iarscríbhinn II.

Ní bheidh feidhm ag an gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír i gcás ina gcuireann Ballstát cóireáil threasach chun feidhme i gcomhréir le mír 4 ina chríoch iomlán.

↓ 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

3~~2~~. ⇨ Faoin 31 Nollaig 2035, ⇦ ⇨ i gcás sciar 50 % de na ceirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD a sceitheann ábhair isteach sna limistéir atá ar áireamh sa liosta dá dtagraítear i mír 2 agus nach ndéanann cóireáil threasach faoin [Oifig na bhfoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] áiritheoidh na Ballstáit go mbíonn ⇦ ⌦ fuíolluisce ⌫ uirbeach a théann isteach i gcórais bailithe fuíolluisce ⇨ faoi réir cóireáil threasach i gcomhréir le mír 4 ⇦ sula sceitear é isteach ⌦ sna ⌫ limistéir sin ~~.~~

⇩ nua

Faoin 31 Nollaig 2040, maidir le gach ceirtleán ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD áiritheoidh na Ballstáit go mbíonn an fuíolluisce uirbeach ann a théann isteach i gcórais bailithe fuíolluisce faoi réir cóireáil threasach i gcomhréir le mír 4 sula sceitear isteach i limistéir a áirítear ar liosta dá dtagraítear i mír 2.

↓ 2013/64/AE Airteagal 1.3 (oiriúnaithe)

~~2 a. By way of derogation from paragraph 2, in respect of Mayotte, France shall ensure that urban waste water entering collecting systems shall before discharge into sensitive areas be subject to more stringent treatment than that described in Article 4 by 31 December 2020 at the latest for agglomerations of more than 10000 CD, which, along with the agglomerations referred to in Article 4(1a), will cover at least 70 % of the load generated in Mayotte.~~

↓ 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~3. Déanfaidh aon sceitheadh ó ionaid cóireála fuíolluisce uirbigh ar a ndéantar cur síos i mír 2 na ceanglais ábhartha atá i gcuid B d'Iarscríbhinn I a shásamh. Féadfaidh an Coimisiún na ceanglais sin a leasú. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).~~

⇩ nua

4. Maidir le samplaí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 agus Cuid D d'Iarscríbhinn I den Treoir seo, comhlíonfaidh siad na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn I. Leagtar amach i dTábla 4 de Chuid D d'Iarscríbhinn I an líon uasta samplaí ar ceadmhach dóibh gan na luachanna paraiméadracha i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh.

Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 27 chun Codanna B agus D d'Iarscríbhinn I a leasú chun na ceanglais agus modhanna dá dtagraítear sa dara fomhír a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

🡻 91/271/CEE
⇨ nua

~~54~~. ~~De rogha air sin, ní gá go mbeadh feidhm ag na ceanglais maidir le gléasraí aonair a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 thuas i limistéir íogaire~~ ⇨ De mhaolú ar mhíreanna 3 agus 4, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcás gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh aonair atá lonnaithe i limistéar a áirítear ar liosta dá dtagraítear i mír 2, nach mbeidh sé faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 ⇦ i gcás inar féidir a léiriú gurb é luach íoschéatadán an laghdaithe ar an ualach iomlán a théann isteach sna gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh go léir sa limistéar sin ~~ar a laghad 75 % don fhosfar iomlán agus ar a laghad 75 % don nítrigin iomlán.~~:

⇩ nua

(a) 82,5 % i gcás fosfar iomlán agus 80 % i gcás nítrigin iomlán faoin 31 Nollaig 2035;

(a) 90 % i gcás fosfar iomlán agus 85 % i gcás nítrigin iomlán faoin 31 Nollaig 2040;

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~65~~. Maidir le sceitheadh ábhar ó ghléasraí cóireála ⌦ fuíolluisce ⌫ uirbigh ~~atá lonnaithe i limistéar a áirítear ar liosta~~ ⇨ ina gcóireáiltear ualach 10 000 CD agus os a chionn a théann isteach i ⇦ ndobharcheantar de chuid ⌦ limistéar ⌫ atá íogair i leith ~~limistéir~~ i leith ⌦ an eotrófaithe ⌫ ⇨ agus atá ar áireamh ar liosta dá dtagraítear i mír 2, ⇦ ~~agus a rannchuidíonn le truailliú na limistéar sin~~ beidh an sceitheadh ábhar sin ⌦ ⌫ faoi réir mhíreanna ~~32~~, ~~3~~ ⇨ 4 ⇦ agus ~~54~~ freisin.

~~I gcásanna ina bhfuil na dobharcheantair thuas suite go hiomlán nó go páirteach i mBallstát eile, beidh feidhm ag Airteagal 9.~~

~~6.~~ ~~Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar athbhreithniú ar shainaithint na limistéar íogair ag eatraimh nach faide ná ceithre bliana.~~

7. Maidir le ⇨ sceitheadh ábhar ó ghléasra cóireála fuíolluisce uirbigh atá lonnaithe i limistéar a chuirtear ar áireamh i liosta dá dtagraítear i mír 2 tar éis ceann amháin de na nuashonruithe rialta ar an liosta a cheanglaítear faoin mír sin, comhlíonfaidh sceitheadh ábhar de sórt sin na ceanglais a leagtar síos i míreanna 3 agus 4 laistigh de 7 mbliana ón limistéar a bheith curtha ar áireamh sa liosta sin ⇦ ~~limistéir a sainaithníodh mar íogair tar éis athbhreithniú faoi mhír 6~~.

~~8.~~ ~~Ní gá do Bhallstát limistéir íogaire a shainaithint chun críocha na Treorach seo má dhéanann sé an chóireáil arna bunú faoi mhíreanna 2, 3 agus 4 a chur chun feidhme ar fud a chríche ar fad.~~

⇩ nua

*Airteagal 8*

Cóireáil cheathartha

1. Faoin 31 Nollaig 2030, maidir le sciar 50 % den ábhar a sceitear as gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ina gcóireáiltear ualach 100 000 CD agus os a chionn, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-ábhar sin faoi réir cóireáil cheathartha i gcomhréir le mír 5.

Faoin 31 Nollaig 2035, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh go léir ina gcóireáiltear ualach 100 000 CD agus os a chionn faoi réir cóireáil cheathartha i gcomhréir le mír 5.

2. An 31 Nollaig 2030, beidh arna bhunú ag na Ballstáit liosta de na limistéir ar a gcíoch náisiúnta ina bhfuil riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol mar thoradh ar an tiúchan nó carnadh micreathruailleán. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar an liosta sin gach 5 bliana agus tabharfaidh siad cothrom le dáta é más gá.

Beidh na limistéir seo a leanas ar áireamh sa liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, mura féidir a léiriú ar bhonn measúnú riosca nach ann do riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol sna limistéir sin:

(a) dobharlaigh a úsáidtear chun uisce a astarraingt atá beartaithe lena thomhailt ag an duine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2020/2184;

(b) uisce snámha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/7/CE;

(c) lochanna mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 5, de Threoir 2000/60/CE;

(d) aibhneacha mar a shainmhínítear in Airteagal (2), pointe (4), de Threoir 2000/60/CE nó srutháin inar lú ná 10 an cóimheas caolúcháin;

(e) limistéir ina dtarlaíonn gníomhaíochtaí dobharshaothraithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (25), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73];

(f) limistéir inar gá cóireáil bhreise a dhéanamh chun na ceanglais a leagtar amach i dTreoracha 2000/60/CE agus 2008/105/CE a chomhlíonadh.

Cuirfear an measúnú riosca dá dtagraítear sa dara fomhír in iúl don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

3. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar formáid an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, agus an modh atá le húsáid chun an measúnú riosca sin a dhéanamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

4. Faoin 31 Nollaig 2035, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás sciar 50 % de na ceirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD, go mbíonn fuíolluisce uirbeach a théann isteach i gcóras

[73] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

bailithe fuíolluisce na gceirtleán sin faoi réir cóireáil cheathartha i gcomhréir le mír 5 sula sceitear isteach é i limistéir a áirítear ar liosta dá dtagraítear i mír 2.

Faoin 31 Nollaig 2040, áiritheoidh na Ballstáit go mbíonn fuíolluisce uirbeach a théann isteach i gcórais bailithe fuíolluisce faoi réir cóireáil cheathartha i gcomhréir le mír 5 sula sceitear isteach i limistéir a áirítear ar liosta dá dtagraítear i mír 2 maidir le gach ceirtleán ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD

5. Maidir le samplaí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 agus Cuid D d'Iarscríbhinn I den Treoir seo, comhlíonfaidh siad na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i dTábla 3 de Chuid B d'Iarscríbhinn I. Leagtar amach i dTábla 4 de Chuid D d'Iarscríbhinn I an líon uasta samplaí ar ceadmhach dóibh gan na luachanna paraiméadracha i dTábla 3 de Chuid B d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh.

Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 27 chun Codanna B agus D d'Iarscríbhinn I a leasú chun na ceanglais agus modhanna dá dtagraítear sa dara fomhír a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

6. Faoin 31 Nollaig 2030, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na modhanna faireacháin agus samplála a bhunú atá le húsáid ag na Ballstáit chun láithreacht agus cainníochtaí san fhuíolluisce uirbeach de chuid na dtáscairí a leagtar amach i dTábla 3 de Chuid B d'Iarscríbhinn I a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

---

🡻 91/271/CEE

~~*Airteagal 6*~~

~~1. Chun críocha mhír 2, féadfaidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 1993, limistéir nach bhfuil chomh híogair sin a shainaithint de réir na gcritéar a leagtar síos in Iarscríbhinn II.~~

~~2. Féadfar cóireáil nach bhfuil chomh dian leis an gcóireáil a leagtar síos in Airteagal 4 a dhéanamh ar sceitheadh fuíolluisce uirbigh ó cheirtleáin idir 10 000 agus 150 000 CD go huiscí cósta agus ar sceitheadh fuíolluisce uirbigh ó cheirtleáin idir 2 000 agus 10 000 CD go inbhir atá suite i limistéir a bhfuil tuairisc orthu i mír 1, ar choinníoll:~~

- ~~go bhfaigheann sceitheadh den sórt sin ar a laghad cóireáil phríomhúil mar atá sainithe in Airteagal 2(7) i gcomhréir leis na nósanna imeachta rialaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I D,~~

- ~~go léirítear i staidéir chuimsitheacha nach rachaidh sceitheadh den sórt sin chun dochair don chomhshaol.~~

~~Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fad is gá maidir leis na staidéir thuasluaite a sholáthar don Choimisiún.~~

~~3. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 á gcomhlíonadh, cuirfidh sé togra iomchuí faoi bhráid na Comhairle.~~

~~4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar athbhreithniú ar shainaithint na limistéar nach bhfuil chomh híogair sin ag catraimh nach faide ná ceithre bliana.~~

~~5. Maidir leis na limistéir sin nach sainaithnítear mar limistéir nach bhfuil chomh híogair a thuilleadh, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh siad, laistigh de sheacht mbliana, ceanglais Airteagail 4 agus 5 de réir mar is iomchuí.~~

*~~Airteagal 7~~*

~~Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2005, go mbeidh fuíolluisce uirbeach a thagann isteach i gcórais bhailithe, roimh an sceitheadh, faoi réir cóireáil iomchuí faoi mar a shainítear in Airteagal 2(9) sna cásanna seo a leanas:~~

- ~~le haghaidh sceitheadh chuig fionnuisce agus chuig inbhir as ceirtleáin ar lú iad ná 2 000 CD,~~
- ~~i gcás sceitheadh chuig uiscí cósta ó cheirtleáin ar lú ná 10 000 CD~~

---

🡻 2013/64/AE Airteagal 1.4

~~By way of derogation from the first paragraph, in respect of Mayotte, the time limit defined therein shall be 31 December 2027.~~

---

🡻 91/271/CEE

*~~Airteagal 8~~*

~~1. Féadfaidh na Ballstáit, i gcásanna eisceachtúla de bharr fadhbanna teicniúla agus i gcás grúpaí den daonra a shainítear go geografach, iarraidh ar leith a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina lorgaítear tréimhse níos faide chun Airteagal 4 a chomhlíonadh.~~

~~2. San iarraidh sin, a gcaithfear na forais don iarraidh a chur in iúl go cuí inti, leagfar amach na deacrachtaí teicniúla atá ann agus ní mór clár gníomhaíochta, le hamchlár iomchuí, a mholadh ar lena linn a dhéanfar cuspóir na Treorach seo a chur chun feidhme. Beidh an tráthchlár sin ar áireamh sa chlár don chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 17.~~

~~3. Is cúiseanna teicniúla amháin a fhéadfar glacadh leo agus ní féidir leis an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 dul thar an 31 Nollaig 2005.~~

---

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~4. Scrúdóidh an Coimisiún an t-iarratas sin agus glacfaidh sé na bearta iomchuí i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).';~~

---

🡻 91/271/CEE

~~5. In imthosca eisceachtúla, nuair is féidir a léiriú nach mbeidh aon tairbhí comhshaoil ann mar thoradh ar chóireáil níos forbartha, féadfar sceitheadh fuíolluiscí isteach i limistéir~~

~~nach bhfuil chomh híogair céanna ó cheirtleáin ar mó iad ná 150 000 CD a chur faoi réir na cóireála dá bhforáiltear in Airteagal 6 le haghaidh fuíolluisce ó cheirtleáin atá idir 10 000 agus 150 000 CD~~

---

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~Sna himthosca sin, cuirfidh na Ballstáit an doiciméadacht ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin roimh ré. Scrúdóidh an Coimisiún an cás agus glacfaidh sé na bearta iomchuí i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).';~~

---

⇩ nua

*Airteagal 9*

Freagracht leathnaithe táirgeora

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go mbeidh freagracht leathnaithe táirgeora ar tháirgeoirí a chuireann ar an margadh aon cheann de na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn III.

Áireofar le bearta den sórt sin go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

(a) na costais iomlána a bhaineann leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na costais a bhaineann le cóireáil cheathartha ar fhuíolluisce uirbeach chun go mbainfear as micreathruailleáin a eascraíonn as na táirgí, agus as a n-iarmhair, a chuireann siad ar an margadh, maidir le faireachán a dhéanamh ar mhicreathruailleáin dá dtagraítear in Airteagal 21(1), pointe (a); agus

(b) na costais a bhaineann le bailiú agus fíorú sonraí maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh; agus

(c) costais eile is gá chun a bhfreagracht leathnaithe tairgeoirí a fheidhmiú.

2. Tabharfaidh na Ballstáit díolúine do thairgeoirí i leith a bhfreagrachta leathnaithe táirgeoirí faoi mhír 1 i gcás inar féidir leis na táirgeoirí aon cheann de na nithe seo a leanas a léiriú:

(a) gur lú ná 2 thona in aghaidh na bliana an chainníocht den táirge a chuireann siad ar an margadh;

(b) nach ngintear micreathruailleáin san fhuíolluisce de na táirgí a chuireann siad ar an margadh ag deireadh a saolré.

3. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun critéir mhionsonraithe a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an choinníll a leagtar síos i mír 2, pointe (b), maidir le catagóirí sonracha táirgí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 a bhfreagracht leathnaithe táirgeoirí a fheidhmiú i dteannta a chéile trí bhallraíocht a bhaint amach in eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí.

Áiritheoidh na Ballstáit na nithe seo a leanas:

(a) go gceanglófar ar na táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 na nithe seo a leanas a sholáthar uair sa bhliain do na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí:

(i) cainníochtaí bliantúla na dtáirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn III agus a chuireann siad ar an margadh i gcomhthéacs a ngníomhaíochta gairmiúla;

(ii) faisnéis faoina ghuaisí is atá na táirgí dá dtagraítear i bpointe (i) san fhuíolluisce ag deireadh a saolré;

(iii) i gcás inarb ábhartha, liosta de na táirgí a fhaigheann díolúintí i gcomhréir le mír 2;

(b) go gceanglófar ar na táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leis na heagraíochtaí um fhreagracht tairgeoirí chun na costais a eascraíonn as a bhfreagracht leathnaithe táirgeoirí a chumhdach;

(c) go gcinnfear an ranníocaíocht ó gach táirgeoir, mar a thagraítear dó i bpointe (b), ar bhonn na gcainníochtaí agus an leibhéil guaise san fhuíolluisce a bhaineann leis na dtáirgí a chuirtear ar an margadh;

(d) go mbíonn eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí faoi réir iniúchtaí neamhspleácha bliantúla ar a mbainistíocht airgeadais, lena n-áirítear an cumas atá iontu na costais dá dtagraítear i mír 4 a chumhdach, cáilíocht agus leordhóthanacht na faisnéise arna bailiú faoi phointe (a) agus leordhóthanacht a gcuid na ranníocaíochtaí arna mbailiú faoi phointe (b).

5. Áiritheoidh na Ballstáit na nithe seo a leanas:

(a) go saineofar go soiléir róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe ábhartha uile lena mbaineann, lena n-áirítear táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, oibreoirí príobháideacha nó poiblí na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh agus údaráis inniúla áitiúla;

(b) go leagfar síos cuspóirí maidir le bainistiú fuíolluisce uirbigh chun comhlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais agus na sprioc-amanna arna socrú faoi Airteagal 8(1), (4) agus (5) a chomhlíonadh agus ar aon chuspóirí cainníochtúla nó cáilíochtúla eile a mheastar a bheith ábhartha ó thaobh chur chun feidhme na freagrachta leathnaithe táirgeoirí;

(c) go mbeidh córas tuairiscithe ar bun chun sonraí a bhailiú maidir leis na táirgí dá dtagraítear mír 1 agus a chuireann na táirgeoirí ar mhargadh an Bhallstáit agus sonraí maidir le cóireáil cheathartha fuíolluisce, chomh maith le sonraí eile atá ábhartha chun críocha phointe (b).

*Airteagal 10*

Na ceanglais íosta maidir le heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na nithe seo a leanas a áirithiú i ndáil le haon eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí arna bunú faoi Airteagal 9(4):

(a) go bhfuil cumhdach geografach aici atá sainithe go soiléir agus atá comhleanúnach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8;

(b) go bhfuil na hacmhainní airgeadais agus eagraíochtúla aici chun na hoibleagáidí leathnaithe freagrachta táirgeoirí atá ar na táirgeoirí a chomhlíonadh;

(c) go gcuireann sí ar fáil go poiblí faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

(i) a húinéireacht agus a ballraíocht;

(ii) na ranníocaíochtaí airgeadais a íocann táirgeoirí;

(iii) na gníomhaíochtaí a dhéanann sí gach bliain, lena n-áirítear faisnéis shoiléir faoin gcaoi a n-úsáidtear a cuid acmhainní airgeadais.

2. Bunóidh na Ballstáit creat leormhaith faireacháin agus forfheidhmithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a gcuid oibleagáidí, go mbainfear úsáid cheart as acmhainní airgeadais na n-eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí agus go ndéanfaidh na gníomhaithe uile ar a bhfuil freagracht leathnaithe táirgeoirí sonraí iontaofa a thuairisciú do na húdaráis inniúla agus, nuair a iarrtar sin, do na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí.

3. Más rud é go mbíonn eagraíochtaí iomadúla um fhreagracht táirgeoirí i gcíoch de chuid Ballstáit, ceapfaidh an Ballstát lena mbaineann comhlacht amháin ar a laghad atá neamhspleách ar leasanna príobháideacha nó cuirfidh sé de chúram ar údarás poiblí chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcur chun feidhme.

4. Áiritheoidh Ballstát go ndéanfaidh na táirgeoirí atá bunaithe i gcríoch de chuid Ballstáit eile, agus a chuireann táirgí ar a mhargadh, an méid seo a leanas:

(a) duine dlítheanach nó nádúrtha a cheapadh atá bunaithe ar a chríoch mar ionadaí údaraithe chun na hoibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh ar a chríoch; nó

(b) bearta a dhéanamh atá coibhéiseach le pointe (a).

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbíonn idirphlé rialta ann idir na páirtithe leasmhara ábhartha a bhíonn bainteach le cur chun feidhme na freagrachta leathnaithe táirgeoirí, lena n-áirítear táirgeoirí agus dáileoirí, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, oibreoirí príobháideacha nó poiblí na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

*Airteagal 11*

Neodracht fuinnimh na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iniúchtaí fuinnimh ar ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh agus ar chórais bailithe fuíolluisce gach 4 bliana. Déanfar na hiniúchtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2012/27/AE agus áireofar iontu sainaithint ar an bhféidearthacht atá ann chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid nó a tháirgeadh ar bhealach costéifeachtach, agus spriocdhíriú ar leith á dhéanamh chun an fhéidearthacht atá ann ó thaobh táirgeadh bithgháis a shainaithint agus a úsáid, agus ag an am céanna astaíochtaí meatáin á laghdú. Déanfar na chéad iniúchtaí:

(a) faoin 31 Nollaig 2025 i gcás gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ina gcóireáiltear ualach ina bhfuil 100 000 CD agus os a chionn agus na gcóras bailithe fuíolluisce atá nasctha leo;

(b) faoin 31 Nollaig 2030 i gcás gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ina gcóireáiltear ualach ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD agus na gcóras bailithe fuíolluisce atá nasctha leo;

2. Maidir leis an méid fuinnimh iomlán bliantúil a fhaightear ó fhoinsí in-athnuaite, mar a shainítear in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/2001, agus a tháirgtear ar an leibhéal náisiúnta ó ghléasra cóireála fuíolluisce uirbigh ina gcóireáiltear ualach ina bhfuil 10 000 CD agus os a chionn, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an méid sin coibhéiseach leo seo a leanas:

(a) sciar 50 % den mhéid fuinnimh iomlán bliantúil a úsáideann gléasraí den sórt faoin 31 Nollaig 2030;

(b) sciar 75 % den mhéid fuinnimh iomlán bliantúil a úsáideann gléasraí den sórt faoin 31 Nollaig 2035;

(c) sciar 100 % den mhéid fuinnimh iomlán bliantúil a úsáideann gléasraí den sórt faoin 31 Nollaig 2040.

---

| ↓ 91/271/CEE (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

*Airteagal 12~~9~~*

⌦ Comhair trasteorann ⌫

1. I gcás ina ndéantar dochar d'uiscí atá laistigh den limistéar dlínse de chuid Ballstáit mar thoradh ar sceitheadh fuíolluisce uirbigh ó Bhallstát eile⇨ nó ó thríú tír⇦, ~~féadfaidh~~ ⇨ tabharfaidh ⇦ an Ballstát a ndearnadh dochar dá gcuid uiscí fógra don Bhallstát eile ⇨nó don tríú tír⇦ agus don Choimisiún faoi na fíorais ábhartha.

---

| ⇩ nua |
|---|

Tabharfar an fógra sin láithreach i gcás truailliú teagmhasach a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh do dhobharlaigh níos faide síos le sruth.

---

| ↓ 91/271/CEE (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

~~Eagróidh na Ballstáit lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí i gcomhar leis an gCoimisiún, an comhbheart is gá~~ ⇨Comhoibreoidh na Ballstáit lena mbaineann⇦ chun sainaithint a dhéanamh ar an sceitheadh ábhar atá i gceist agus ar na bearta atá le déanamh ag an bhfoinse chun na huiscí a bhfuil dochar déanta dóibh a chosaint d'fhonn comhréireacht leis an ~~forálacha na Treorach~~ Treoir seo a áirithiú.

⇩ nua

2. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoi aon chomhoibriú dá dtagraítear i mír 1. Beidh an Coimisiún rannpháirteach sa chomhar sin ar iarraidh chuige sin a fháil ó na Ballstáit lena mbaineann.

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 13~~10~~*

⌦ Dálaí aeráide áitiúla ⌫

Maidir leis na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a thógtar chun go gcomhlíonfar na ceanglais ~~de chuid~~ ⌦ a leagtar amach in ⌫ Airteagail 6~~4~~, 7~~5~~, ~~6~~ agus ~~7~~ ⇨ 8 ⇦, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iad a dearadh, a thógáil, a oibriú agus a chothabháil ar dhóigh a áiritheoidh feidhmíocht leordhóthanach faoi na gnáthdhálaí aeráide áitiúla. Nuair a bheidh na gléasraí á ndearadh, déanfar athraitheas séasúrach an ualaigh a chur san áireamh.

*Airteagal 14~~11~~*

⌦ Sceitheadh fuíolluisce neamhthí ⌫

1. Áiritheoidh na Ballstáit~~, roimh an 31 Nollaig 1993,~~ go mbeidh ~~sceitheadh fuíolluisce neamhthí~~ ⇨ ⌦sceitheadh⌫ fuíolluisce neamhthí⇦ isteach i gcórais bailithe fuíolluisce agus isteach i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ⌦⌫faoi réir ~~réamhrialacháin agus/nó~~ réamhúdaruithe sonracha arna ndéanamh ag an údarás inniúil~~ nó ón gcomhlacht iomchuí~~.

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~2. Comhlíonfaidh na rialacháin agus/nó aon údarú sonrach na ceanglais atá i gcuid C d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh an Coimisiún na ceanglais sin a leasú. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).~~

⇩ nua

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla na nithe seo a leanas:

(a) dul i gcomhairle le hoibreoirí na gcóras bailithe fuíolluisce agus na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a sceitear an fuíolluisce neamhthí isteach iontu sula ndeonaítear údaruithe sonracha;

(b) ligean d'oibreoirí na córas bailithe fuíolluisce agus na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a ghlacann an fuíolluisce neamhthí a sceitear na húdaruithe sonracha arna ndeonú ina ndobharcheantair a cheadú arna iarraidh sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí, lena n-áirítear an t-údarú sonrach a athbhreithniú, chun na foinsí truaillithe i bhfuíolluisce neamhthí dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint, a chosc agus a laghdú a mhéid is féidir i gcás ina dtarlaíonn aon cheann de na cásanna seo a leanas chun cinn:

(a) sainaithníodh truailleáin sna ionraonta agus asraonta de chuid gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh faoi fhaireachán Airteagal 21(3);

(b) tá sloda a eascraíonn as cóireáil fuíolluisce uirbigh le húsáid i gcomhréir le Treoir 86/278/CEE ón gComhairle[74];

(c) tá fuíolluisce uirbeach cóireáilte le hathúsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/741;

(d) úsáidtear na huiscí glactha chun uisce a astarraingt atá beartaithe lena thomhailt ag an duine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2020/2184;

(e) baineann riosca d'oibriú an chórais nó an ghléasra sin le truailliú an fhuíolluisce thionsclaíoch a sceitear isteach sa chóras bailithe fuíolluisce.

3. Déanfaidh na húdaruithe sonracha dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 27 chun Cuid C d'Iarscríbhinn I a leasú chun í a chur in oiriúint do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch i réimse na cosanta comhshaoil.

---

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2) (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~4~~3. ~~Rialacháin agus~~ ⌦ Déanfar ⌫ na húdaruithe ~~údarú~~ ⌦ sonracha dá dtagraítear i mír 1 ⌫ a athbhreithniú agus ~~má~~ ⌦ , i gcás ⌫ inar gá , a oiriúnú⇨ gach 6 bliana ar a laghad ⇦ ~~go tráthrialta~~.

*Airteagal 15~~12~~*

⌦ Athúsáid uisce agus sceitheadh fuíolluisce uirbigh ⌫

~~1. Déanfar fuíolluisce cóireáilte a athúsáid aon uair is iomchuí. Déanfaidh bealaí diúscartha na héifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol a íoslaghdú.~~

---

⇩ nua

1. Déanfaidh na Ballstáit cur chun cinn córasach ar athúsáid fuíolluisce chóireáilte ó gach gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh. I gcás ina n-athúsáidtear fuíolluisce cóireáilte le

[74] Treoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, nuair atá sloda séarachais á úsáid in obair na talmhaíochta (OJ L 181, 4.7.1986, p. 6).

haghaidh uisciú talmhaíochta, comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos faoi Rialachán (AE) 2020/741 .

---

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2) (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. ~~Údaráis inniúla nó comhlachtaí iomchuí~~ ⇨ Áiritheoidh na Ballstáit ⇦ go mbeidh ~~diúscairt fuíolluisce~~ ⇨ ábhair a sceitear ⇦ ó ~~fuíolluisce~~ ⌦ ghléasraí cóireála fuíolluisce ⌫ ~~go mbeidh~~ ⌦ faoi ⌫ réir ~~réamhrialacháin agus/nó réamhúdaruithe sonrachaand/or~~ réamhúdarú sonrach~~z~~. ⇨ Áiritheofar leis an údarú sin go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I. ⇦

---

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~3. Beidh coinníollacha a shásóidh na ceanglais ábhartha atá i gcuid B d'Iarscríbhinn I ar áireamh i réamhrialacháin agus/nó in údarú sonrach a bhaineann le sceitheadh ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh arna ndéanamh de bhun mhír 2 laistigh de cheirtleáin le coibhéis daonra idir 2000 agus 10000 i gcás sceite i bhfionnuiscí agus in inbhir, agus le coibhéis daonra 10000 nó níos mó ná 10000 i gcás gach cineál sceite. Féadfaidh an Coimisiún na ceanglais sin a leasú. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).~~

---

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

3~~4~~. ~~Rialacháin agus/nó~~ ~~údarú~~ ⌦ Déanfar na húdaruithe sonracha dá dtagraítear i mír 2 ⌫ a athbhreithniú ⇨ gach 6 bliana ar a laghad ⇦ agus, más gá, déanfar iad a oiriúnú ~~at regular intervals~~.

*Airteagal 16~~13~~*

⌦ fuíolluisce neamhthí in-bhithdhíghrádaithe ⌫

~~1. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2000, i gcás fuíolluisce in-bhithdhíghrádaithe tionsclaíoch ó ghléasraí a bhaineann leis na hearnálacha tionsclaíocha atá liostaithe in Iarscríbhinn III nach dtagann isteach i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh sula ndéantar é a sceitheadh in uiscí glactha, go gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha a leagtar síos i rialacháin agus/nó in údarú sainiúil ón údarás inniúil nó ó chomhlacht iomchuí, i leith gach sceitheadh ó ghléasraí a sheasann do 4 000 CD nó níos mó.~~

~~2. Faoin 31 Nollaig 1993, déanfaidh an t-údarás inniúil nó an comhlacht iomchuí i ngach aon Bhallstát ceanglais a shocrú a bheidh iomchuí don chineál tionscail lena mbaineann le haghaidh sceitheadh fuíolluisce den sórt sin.~~

~~3. Faoin 31 Nollaig 1994, déanfaidh an Coimisiún comparáid idir ceanglais na mBallstát. Foilseoidh sé na torthaí i dtuarascáil agus, más gá, déanfaidh sé togra iomchuí.~~

⇩ nua

Déanfaidh na Ballstáit ceanglais maidir le sceitheadh fuíolluisce neamhthí in-bhithdhíghrádaithe a leagan síos atá iomchuí maidir le cineál an tionscail lena mbaineann agus lena n-áiritheofar ar a laghad an leibhéal céanna cosanta comhshaoil agus a áirithítear leis na ceanglais a leagtar amach i gcuid B d'Iarscríbhinn I.

Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tagann an fuíolluisce ó ghléasraí ina gcóireáiltear ualach ina bhfuil 4 000 CD agus os a chionn agus a bhaineann leis na hearnálacha tionsclaíocha a liostaítear in Iarscríbhinn IV, agus ar gléasraí iad nach ndéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75];

(b) ní théann an fuíolluisce isteach i ngléasra cóireála fuíolluisce uirbigh sula sceitear é isteach in uiscí glactha ('sceitheadh díreach').

*Airteagal 17*

Faireachas ar fhuíolluisce uirbeach

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar láithreacht na bparaiméadar sláinte poiblí seo a leanas san fhuíolluisce uirbeach:

(a) víreas SARS-CoV-2 agus a chuid athraitheach;

(b) póilióivíreas

(c) fliúvíreas;

(d) pataiginí atá ag teacht chun cinn;

(e) éilleáin ar ábhar imní iad atá ag teacht chun cinn;

(f) aon pharaiméadair sláinte poiblí eile a mheasann údaráis inniúla na mBallstát iad a bheith ábhartha le faireachán a dhéanamh orthu.

2. Chun críche mhír 1, bunóidh na Ballstáit córas náisiúnta le haghaidh comhar agus comhordú buan idir na húdaráis inniúla atá freagrach as an tsláinte phoiblí agus na húdaráis inniúla atá freagrach as cóireáil fuíolluisce uirbigh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sainaithint paraiméadar sláinte poiblí eile seachas na paraiméadar sin dá dtagraítear i mír 1 a bhfuil faireachán le déanamh orthu san fhuíolluisce uirbeach;

[75] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

(b) suíomh na samplála agus minicíocht na samplála a chinneadh don tsampláil agus anailís fuíolluisce uirbigh a dhéanfar i gcás gach paraiméadair sláinte poiblí arna shainaithint i gcomhréir le mír 1, agus na sonraí sláinte atá ar fáil agus na riachtanais atá ann i dtéarmaí sonraí sláinte poiblí agus, i gcás inarb ábhartha, na staideanna eipidéimeolaíocha áitiúla á gcur san áireamh;

(c) eagrú a dhéanamh ar chur in iúl iomchuí agus tráthúil na dtorthaí faireacháin do na húdaráis inniúla atá freagrach as an tsláinte phoiblí agus d'ardáin an Aontais, i gcás ina bhfuil ardáin den sórt sin ar fáil.

3. Nuair a fhógraíonn an t-údarás inniúil atá freagrach as an tsláinte phoiblí sa Bhallstát go bhfuil éigeandáil sláinte poiblí ann de dheasca SARS-CoV-2, déanfar faireachán ar láithreacht SARS-CoV-2 agus a chuid athraitheach san fhuíolluisce uirbeach a thagann ó sciar 70 % ar a laghad den daonra náisiúnta agus tógfar sampla amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine i gcás na gceirtleán ina bhfuil 100 000 CD agus os a chionn. Leanfar den fhaireachán sin go dtí go bhfógróidh an t-údarás inniúil sin go bhfuil deireadh leis an éigeandáil sláinte poiblí de dheasca SARS-CoV-2.

Chun a chinneadh an ann d'éigeandáil sláinte poiblí, cuirfidh an t-údarás inniúil san áireamh na meastacháin ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, cinntí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) arna nglacadh i gcomhréir leis na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta agus cinntí ón gCoimisiún arna nglacadh de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[76]+.

4. I gcás ceirtleáin ina bhfuil 100 000 CD agus os a chionn, áiritheoidh na Ballstáit, faoin 1 Eanáir 2025, go ndéanfar faireachán an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha dhá uair sa bhliain ar a laghad sna hionraonta agus asraonta de chuid na ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh agus, nuair is ábhartha, sna córais bailithe fuíolluisce.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28 chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Treorach seo a áirithiú trí mhodheolaíocht chomhchuibhithe a bhunú chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha san fhuíolluisce uirbeach a thomhas.

5. Déanfar torthaí ón bhfaireachán dá dtagraítear san Airteagal seo a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (g).

*Airteagal 18*

Measúnú agus bainistiú riosca

1. Faoin [IO cuir isteach an dáta = an lá deireanach den dara bliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], sainaithneoidh na Ballstáit na rioscaí a eascraíonn as sceitheadh fuíolluisce uirbigh don chomhshaol agus do shláinte an duine agus na rioscaí sin a bhaineann leis an méid seo a leanas ar a laghad:

[76] + Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá sa doiciméad PE-CONS 40/22 (2020/0322 (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

(a) cáilíocht an dobharlaigh a úsáidtear le linn astarraingt an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2020/2184;

(b) cáilíocht an uisce snámha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/7/CE;

(c) an stádas maith éiceolaíoch a bhaineann le dobharlach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 22, de Threoir 2000/60/CE;

(d) an cháilíocht a bhaineann le dobharlach ina dtarlaíonn gníomhaíochtaí dobharshaothraithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (25), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

2. I gcás inar sainaithníodh rioscaí i gcomhréir le mír 1, glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt orthu, ar na bearta sin áireofar iad seo a leanas i gcás inarb iomchuí:

(a) córais bailithe fuíolluisce a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 3 le haghaidh ceirtleáin ina bhfuil níos lú ná 1 000 CD;

(b) cóireáil thánaisteach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6 ar fhuíolluisce uirbeach a sceitear ó cheirtleáin ina bhfuil níos lú ná 1 000 CD;

(c) cóireáil threasach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 7 ar fhuíolluisce uirbeach a sceitear ó cheirtleáin ina bhfuil níos lú ná 10 000 CD;

(d) cóireáil cheathartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 ar fhuíolluisce uirbeach a sceitear ó cheirtleáin ina bhfuil níos lú ná 10 000 CD;

(e) pleananna comhtháite bainistithe fuíolluisce uirbigh a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 5 le haghaidh ceirtleáin ina bhfuil níos lú ná 10 000 CD agus na bearta dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a ghlacadh;

(f) ceanglais níos déine ná na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 1, cuid B, a chur i bhfeidhm maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh a bhailítear.

3. Déanfar athbhreithniú gach 5 bliana ar an tsainaithint rioscaí a dhéantar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Sna pleananna náisiúnta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 23 agus a chuirfear in iúl don Choimisiún arna iarraidh sin, áireofar achoimre ar na rioscaí a sainaithníodh mar aon le tuairisc ar na bearta a glacadh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 19*

Rochtain ar shláintíocht

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun rochtain do chách ar shláintíocht a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí daoine leochaileacha agus imeallaithe.

Chun na críche sin, faoin 31 Nollaig 2027 déanfaidh na Ballstáit na nithe seo a leanas:

(a) catagóirí daoine a shainaithint nach bhfuil rochtain acu, nó ag a bhfuil rochtain theoranta, ar shaoráidí sláintíochta, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha agus imeallaithe, agus na cúiseanna atá le heaspa rochtana den sórt sin a sholáthar;

(b) measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann chun rochtain ar shaoráidí sláintíochta a fheabhsú do na catagóirí daoine dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) i gcás gach ceirtleáin ina bhfuil 10 000 CD agus os a chionn, spreagadh a thabhairt do bhunú líon leordhóthanach saoráidí sláintíochta i spásanna poiblí, ar saoráidí iad atá inrochtana saor in aisce agus go sábháilte, go háirithe do mhná.

---

↓ 91/271/CEE (oiriúnaithe)

*Airteagal* ~~20~~~~14~~

⌦ Sloda ⌫

~~1. Déanfar sloda a thagann ó chóireáil fuíolluisce a athúsáid aon uair is iomchuí. Déanfaidh bealaí diúscartha na héifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol a íoslaghdú.~~

~~2. Áiritheoidh údaráis inniúla nó comhlachtaí iomchuí go mbeidh, roimh an 31 Nollaig 1998, diúscairt sloda ó ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh faoi réir rialacha ginearálta nó clárú nó údarú.~~

~~3. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 1998, go gcuirfear deireadh de réir a chéile le diúscairt sloda isteach in uiscí dromchla trí dhumpáil ó longa, sceitheadh ó phíblínte nó ar bhealaí eile.~~

~~4. Go dtí go gcuirfear deireadh iomlán leis na cineálacha diúscartha a luaitear i mír 3, áiritheoidh na Ballstáit gur faoi cheadúnas a dhéanfar diúscairt ar mhéid iomlán na n-ábhar tocsaineach, dianseasmhach nó inbhithbhailithe atá i sloda a dhiúscraítear in uiscí dromchla agus go laghdófar é sin de réir a chéile.~~

---

⇩ nua

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh bealaí bainistithe sloda i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE. Leis na bealaí sin uasmhéadófar an úsáid a bhainfear as bearta coisctheacha, uasmhéadófar athúsáid agus athchúrsáil acmhainní, agus íoslaghdófar na héifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol.

2. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na rátaí íosta athúsáide a leagann síos i gcomhair fosfair agus nítrigine ó shloda, chun na teicneolaíochtaí aisghabhála fosfair agus nítrigine i sloda a chur a chur san áireamh.

➜ 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 2115*

⌧ Faireachán ⌫

1. ⌧ Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na ⌫ hhúdaráis inniúla ~~nó na comhlachtaí iomchuí:~~ faireachán ar na nithe seo a leanas:

(a) sceitheadh ábhar ó ghléasraí cóireála ~~fuíoll uisce~~ ⌧ fuíolluisce uirbigh ⌫ ⌧ chun a fhíorú ⌫ go bhfuil na ceanglais de Chuid B d' Iarscríbhinn I ~~B~~ á gcomhlíonadh i gcomhréir leis na ~~nósanna imeachta rialaithe~~ ⇨ modhanna le haghaidh faireacháin agus meastóireacht torthaí ⇦ a leagtar síos i gCuid D d' Iarscríbhinn I ~~.D,~~ ⇨ ; áireofar leis an bhfaireachán sin ualaí agus leibhéil tiúchana na bparaiméadar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn I; ⇦

(b) méideanna, ~~and~~ comhdhéanamh ⇨ agus ceann scríbe ⇦ an tsloda~~s~~ ~~disposed of to surface waters~~;~~.~~

⇩ nua

(c) ceann scríbe an fhuíolluisce uirbigh chóireáilte lena n-áirítear an sciar den uisce athúsáidte;

(d) na gáis ceaptha teasa arna dtáirgeadh agus an fuinneamh arna úsáid i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ina bhfuil os cionn 10 000 CD

➜ 91/271/CEE

~~2. Déanfaidh údaráis inniúla nó comhlachtaí iomchuí faireachán ar uiscí atá faoi réir sceitheadh ó ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh agus faoi réir sceitheadh díreach mar a thuairiscítear in Airteagal 13 i gcás inar féidir a bheith ag dréim leis go ndéanfar dochar go suntasach don chomhshaol glactha.~~

~~3. I gcás aon sceitheadh atá faoi réir fhorálacha Airteagal 6 agus i gcás go ndéantar sloda a dhiúscairt chuig uiscí dromchla, déanfaidh na Ballstáit faireachán orthu agus déanfaidh siad aon staidéir ábhartha eile chun a fhíorú nach ndéanann an sceitheadh nó an diúscairt díobháil don chomhshaol.~~

~~4. An fhaisnéis a bhaileoidh na húdaráis inniúla nó na comhlachtaí iomchuí i gcomhlíonadh mhíreanna 1, 2agus 3 dóibh, déanfar í a choimeád sa Bhallstát agus cuirfear ar fáil don Choimisiún i laistigh de sé mhí ó fhaightear iarraidh chuige sin.~~

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~5. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a cheapadh maidir leis an monatóireacht dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).';~~

⇩ nua

2. I gcás gach ceirtleáin ina bhfuil 10 000 CD agus os a chionn, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar thiúchan agus ualaí na dtruailleán ó fhorsceitheadh uiscí stoirme agus ó rití chun srutha uirbeacha a sceitear isteach i ndobharlaigh.

3. I gcás gach ceirtleáin ina bhfuil 10 000 CD, déanfaidh na Ballstáit faireachán, sna hionraonta agus asraonta de chuid gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh, ar thiúchan agus ualaí na n-eilimintí seo a leanas atá san fhuíolluisce uirbeach:

(a) truailleáin a liostaítear sna háiteanna seo a leanas:

(i) Iarscríbhinní VIII agus X a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2008/105/CE, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE agus Cuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE;

(ii) an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2455/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77];

(iii) Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78];

(iv) Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Treoir 86/278/CEE.

(b) paraiméadair a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2020/2184, i gcás ina sceitear fuíolluisce uirbeach i ndobharcheantar dá dtagraítear in Airteagal 8 den Treoir sin;

(c) láithreacht micreaphlaisteach.

I gcás gach ceirtleáin ina bhfuil 10 000 CD agus os a chionn, déanfaidh na Ballstáit faireachán ar láithreacht micreaphlaisteach sa sloda.

Déanfar an faireachán dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír de réir na minicíochtaí seo a leanas:

---

77 Treoir Uimh. 2455/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2001 lena mbunaítear liosta na substaintí tosaíochta i réimse an bheartais uisce agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 331, 15.12.2001, lch. 1).

78 Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).

(a) dhá shampla ar a laghad in aghaidh na bliana, agus 6 mhí ar a mhéad idir tráthanna glactha na samplaí, le haghaidh ceirtleáin ina bhfuil 100 000 CD agus níos mó;

(b) sampla amháin ar a laghad gach 2 bhliain le haghaidh ceirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD

Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28 chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Treorach seo a áirithiú trí mhodheolaíocht a bhunú chun micreaphlaistigh san fhuíolluisce uirbeach agus i sloda a thomhas.

---

| ➔ 91/271/CEE |
|---|

*~~Airteagal 16~~*

~~Gan dochar do chur chun feidhme fhorálacha Treoir 90/313/CEE ón gComhairle an 7 Meitheamh 1990 maidir le saoirse rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol[79], áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis nó comhlachtaí ábhartha, gach dhá bhliain, tuarascálacha staide a fhoilsiú maidir le diúscairt fuíolluisce uirbigh agus sloda ina limistéir féin. Déanfaidh na Ballstáit na tuarascálacha sin a tharchur chuig an gCoimisiún a luaithe a fhoilseofar iad.~~

---

| ⇩ nua |
|---|

*Airteagal 22*

Faisnéis maidir leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme

1. Déanfaidh na Ballstáit, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA),

(a) faoin 31 Nollaig 2025, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh faisnéis arna bailiú i gcomhréir le hAirteagal 21, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann leis na paraiméadair dá dtagraítear in Airteagal 21(1), pointe (a), agus torthaí na dtástálacha maidir leis na critéir maidir le pas/teip a bhunaítear i gCuid D d'Iarscríbhinn I, agus an tacar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ina dhiaidh sin;

(b) faoin 31 Nollaig 2025, tacar sonraí a bhunú ina léirítear an céatadán den fhuíolluisce uirbeach a bhailítear agus a chóireáiltear i gcomhréir le hAirteagal 3, agus tacar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ina dhiaidh sin;

(c) faoin 31 Nollaig 2025, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh faisnéis faoi na bearta a rinneadh chun Airteagal 4(4) a chur chun feidhme agus faoin ualach fuíolluisce uirbigh ó cheirtleáin ina bhfuil os cionn 2 000 CD agus a chóireáiltear i gcórais aonair, agus an tacar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ina dhiaidh sin;

(d) faoin 31 Nollaig 2025, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh faisnéis faoin líon samplaí a bailíodh agus faoi líon samplaí arna ghlacadh i gcomhréir le Cuid D d'Iarscríbhinn I ar theip orthu;

---

[79] ~~IO L 158, 23.6.1990, lch. 56.~~

(e) faoin 31 Nollaig 2025, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ina mbeidh maille le miondealú ar na gáis éagsúla agus maidir leis an méid iomlán fuinnimh a úsáideadh agus an méid iomlán fuinnimh in-athnuaite a táirgeadh i ngach glas ina bhfuil 10 000 CD agus os a chionn, chomh maith le ríomh ar an gcéatadán a baineadh amach ó thaobh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 11(2), agus an tacar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ina dhiaidh sin;

(f) faoin 31 Nollaig 2025, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh na bearta a rinneadh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn V, agus an tacar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ina dhiaidh sin;

(g) faoin 31 Nollaig 2025, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh na torthaí faireacháin dá dtagraítear i gcomhréir le hAirteagal 17(1) agus (4), agus an tacar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ina dhiaidh sin;

(h) faoin 31 Nollaig 2025, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh liosta na limistéar a sainaithníodh mar limistéir atá íogair i leith an eotrófaithe i gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus, an tacar sonraí son a thabhairt cothrom le dáta gach 5 bliana ina dhiaidh sin;

(e) faoin 31 Nollaig 2030, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh liosta na limistéar a sainaithníodh mar limistéir ina bhfuil riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol mar thoradh ar an tiúchan nó carnadh micreathruailleán i gcomhréir le hAirteagal 8(2), agus an tacar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta gach 5 bliana ina dhiaidh;

(j) faoin 12 Eanáir 2029, tacar sonraí a bhunú ina mbeidh faisnéis faoi bhearta a rinneadh chun feabhas a chur ar an rochtain ar shláintíocht i gcomhréir le hAirteagal 19, lena n-áirítear faisnéis faoin sciar den daonra a bhfuil rochtain acu ar shláintíocht, agus an tacar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta gach 6 bliana ina dhiaidh sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain bhuan ag an gCoimisiún agus ag EEA ar na tacair sonraí dá dtagraítear i mír 1.

3. An fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 166/2006, cuirfear san áireamh í le haghaidh an tuairiscithe a cheanglaítear faoin Airteagal seo.

Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh EEA rochtain don phobal ar shonraí ábhartha tríd an gClár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán arna bhunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 2006/166.

4. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear formáid na faisnéise atá le soláthar i gcomhréir le mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 23~~17~~*

⌦ Cláir náisiúnta cur chun feidhme ⌫

1. ⇨ Faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = an lá deiridh den tríú mí is fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], ⇦ bunóidh na Ballstáit ~~faoin 31 Nollaig 1993~~ ⌦ clár náisiúnta cur chun feidhme ⌫ le haghaidh ~~chur chun feidhme~~ na Treorach seo.

⇩ nua

Beidh ar áireamh sna cláir sin:

a) measúnú ar leibhéal chur chun feidhme Airteagail 3 go 8;

b) sainaithint agus pleanáil na n-infheistíochtaí is gá chun an Treoir seo a chur chun feidhme le haghaidh gach ceirtleáin, lena meastachán táscach airgeadais agus ord tosaíochta do na hinfheistíochtaí sin a bhaineann le méid an cheirtleáin agus leis an tionchar a bhíonn ag fuíolluisce uirbeach neamhchóireáilte ann ar an gcomhshaol;

c) meastachán ar na hinfheistíochtaí is gá chun na bonneagair fuíolluisce uirbigh atá ann cheana a athnuachan, lena n-áirítear córais bailithe fuíolluisce, ar bhonn a n-aoise agus a rátaí dímheasa;

d) sainaithint a dhéanamh, nó ar a laghad léiriú a thabhairt, ar fhoinsí féideartha maoinithe, nuair a bhíonn gá leo mar chomhlánú ar mhuirir ar úsáideoirí.

🡻 2013/64/AE Airteagal 1.5(a) (oiriúnaithe)

~~By way of derogation from the first subparagraph, in respect of Mayotte, France shall establish a programme for the implementation of this Directive by 30 June 2014.~~

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)

~~2. Déanfaidh na Ballstáit, faoin 30 Meitheamh 1994, faisnéis maidir leis an gclár a sholáthar don Choimisiún.~~

🡻 2013/64/AE Airteagal 1.5(b) (oiriúnaithe)

~~By way of derogation from the first subparagraph, in respect of Mayotte, France shall establish a programme for the implementation of this Directive by 30 June 2014.~~

⇩ nua

2. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den chúigiú mí is tríocha tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh na Ballstáit a gcláir náisiúnta cur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin, ach amháin i gcás ina léireoidh siad, ar bhonn na dtorthaí faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 21, go bhfuil siad i gcomhréir le hAirteagail 3 go 8.

---

🡻 91/271/CEE

~~3. Déanfaidh na Ballstáit, más gá, leagan nuashonraithe den faisnéis a dtugtar tuairisc uirthi i mír 2 a thabhairt don Choimisiún faoin 30 Meitheamh gach dhá bhliain.~~

---

⇩ nua

3. Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta gach 5 bliana ar a laghad. Cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin iad faoin 31 Nollaig, ach amháin i gcás inar féidir leo a léiriú go gcomhlíonann siad Airteagail 3 go 8.

---

🡻 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~4. Cinnfidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2), na modhanna agus na formáidí le glacadh chun tuairisciú a dhéanamh ar na cláir náisiúnta. Glacfar aon leasuithe ar na modhanna agus ar na formáidí sin i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin.';~~

---

⇩ nua

4. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear na modhanna agus na formáidí chun na cláir náisiúnta cur chun feidhme a thíolacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

---

🡻 91/271/CEE

~~5. Gach dhá bhliain, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus measúnú ar an bhfaisnéis a fhaightear de bhun mhíreanna 2 agus 3 thuasluaite agus foilseoidh tuarascáil ina leith.~~

⇩ nua

*Airteagal 24*

Faisnéis don phobal

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ar líne ag an bpobal i ngach ceirtleán, ar bhealach saincheaptha is furasta a úsáid, ar fhaisnéis leordhóthanach faoi bhailiú agus cóireáil fuíolluisce uirbigh. Beidh ar áireamh ar a laghad san fhaisnéis na sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn VI.

Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar ar mhodhanna eile ar iarraidh réasúnaithe a fháil.

2. Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh na duine go léir atá nasctha le córais bailithe fuíolluisce an fhaisnéis seo a leanas go tráthrialta agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, san fhoirm is iomchuí, lena n-áirítear ar a gcuid sonrasc nó trí fheidhmchláir chliste, gan call dóibh í a iarraidh:

(a) faisnéis maidir le comhlíonadh na ngníomhaíochtaí bailithe agus cóireála fuíolluisce uirbigh le hAirteagail 3, 4, 6, 7 agus 8, lena n-áirítear comparáid idir an méid iarbhír truailleán a scaoileadh isteach sna huiscí glactha agus na teorainnluachanna a leagtar amach i dTáblaí 1, 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I;

(b) toirt nó toirt mheasta an fhuíolluisce uirbigh, i méadair chiúbacha, a bhailítear agus a chóireáiltear in aghaidh na bliana nó in aghaidh na tréimhse billeála don teaghlach nó don eintiteas nasctha, mar aon le treochtaí bliantúla agus praghas bailithe agus cóireála an fhuíolluisce uirbigh don teaghlach (costas in aghaidh an lítir agus an mhéadair chiúbaigh);

(c) comparáid idir toirt bhliantúil an ualaigh fuíolluisce uirbigh a bhailítear agus a chóireáiltear don teaghlach in aghaidh na bliana agus léiriú ar mheántoirt an chéanna do theaghlach sa cheirtleán lena mbaineann;

(d) nasc chuig an ábhar ar líne dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 27 chun mír 2 agus Iarscríbhinn VI a leasú trí nuashonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le soláthar don phobal ar líne agus do na daoine atá nasctha le córais bailithe fuíolluisce chun na ceanglais sin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus don fháil atá ar shonraí sa réimse sin.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear formáid na faisnéise atá le soláthar i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 agus na modhanna chun an fhaisnéis sin a chur i láthair. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

*Airteagal 25*

Rochtain ar an gCeartas

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair

cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bunú nó arna bhunú le dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh na dlíthiúlachta substaintí nó na dlíthiúlachta nós imeachta de chuid cinntí nó gníomhartha nó neamhghníomhartha faoi réir Airteagail 6, 7 nó 8 den Treoir seo nuair a chomhlíontar ar a laghad ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá leas leordhóthanach acu ann;

(b) áitíonn siad gur sáraíodh ceart, i gcás ina gceanglaítear é sin mar réamhchoinníoll le dlí nós imeachta riaracháin Ballstáit.

Beidh an nós imeachta um athbhreithniú cóir, cothrom, tráthúil agus ní bheidh sé róchostasach, agus déanfar foráil ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí.

2. Cinnfidh na Ballstáit an chéim ag ar féidir agóid a dhéanamh in aghaidh na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 26*

Cúiteamh

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de dheasca sárú ar bhearta náisiúnta a glacadh de bhun na Treorach seo, go mbeidh sé de cheart ag na daoine aonair a ndéantar difear dóibh cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ábhartha atá freagrach as an sárú.

2. Maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar dóibh, mar chuid den phobal lena mbaineann, ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh agus gníomhaíochtaí comhchoiteanna le haghaidh cúitimh a thionscnamh. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh na daoine aonair a ndéantar difear dóibh agus na heagraíochtaí neamhrialtasacha dá dtagraítear sa mhír seo saothrú faoi dhó a dhéanamh ar éileamh mar gheall ar shárú a dtagann dochar as.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar rialacha náisiúnta agus nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le héilimh ar chúiteamh a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach nach mbeidh sé dodhéanta nó ródheacair an ceart chun cúitimh i gcás dochar arb é sárú is cúis leis a fheidhmiú de bhun mhír 1.

4. I gcás ina mbeidh éileamh ar chúiteamh i gcomhréir le mír 1, ar éileamh é a mbeidh fianaise ag tacú leis ónar féidir nasc cúisíoch idir an dochar agus an sárú a thoimhdiú, áiritheoidh na Ballstáit gur ar an duine atá freagrach as an sárú a bheidh an dualgas a chruthú nach raibh an sárú ina chúis leis an damáiste ná nár rannchuidigh sé leis an dochar.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na tréimhsí teorann chun caingne a thionscnamh le haghaidh cúitimh dá dtagraítear i mír 1 níos giorra ná 5 bliana. Ní chuirfear tús leis na tréimhsí sin sula mbeidh deireadh leis an sárú agus sula mbeidh a fhios ag an duine atá ag éileamh cúitimh gur fhulaing sé nó sí damáiste de dheasca sárú de bhun mhír 1.

*Airteagal 27*

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(4), Airteagal 8(5), Airteagal 14(3), Airteagal 20(2), agus Airteagal 24(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(4), Airteagal 8(5), Airteagal 14(3), Airteagal 20(2), agus Airteagal 24(3) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(4), Airteagal 8(5), Airteagal 14(3), Airteagal 20(2), nó Airteagal 24(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

🡻 1882/2003 Airteagal 3 agus Iarscríbhinn III.21 (oiriúnaithe)

*Airteagal 28~~18~~*

⌦ Coiste ⌫

1. Tabharfaidh ~~a~~ ⌦ an ⌫ coiste ⌦ cúnamh don Choimisiún i dtaca leis an treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh a oiriúnú i leith dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus i dtaca leis an treoir a chur chun feidhme ⌫ .

⬇ 1137/2008 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4(2)

~~2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.~~

~~Trí mhí a bheidh sa tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.~~

~~3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.~~

⇩ nua

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 29*

Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Áireofar orthu sin, mar is iomchuí, pionóis airgeadais atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh nó tuarastal an duine nádúrtha a rinne an sárú, agus sainiúlachtaí na bhFiontar Beag agus Meánmhéide á gcur san áireamh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aird chuí ar an nithe seo a leanas sna pionóis a bhunófar de bhun an Airteagail seo:

(a) cineál, tromchúis agus méid an tsáraithe;

(b) cineál an tsáraithe, is é sin é a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí;

(c) an daonra nó an comhshaol dá ndéanann an sárú difear, agus aird á tabhairt ar thionchar an tsáraithe ar an gcuspóir atá ann chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, gan moill mhíchuí, faoi na rialacha agus na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus faoi aon leasú ina dhiaidh a dhéanfaidh difear dóibh.

*Airteagal 30*

Meastóireacht

1. Faoin 31 Nollaig 2030 agus faoin 31 Nollaig 2040, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo ar bhonn na n-eilimintí seo a leanas go háirithe:

(a) an taithí a fuarthas tríd an Treoir seo a chur chun feidhme;

(b) na tacair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 22(1);

(c) sonraí ábhartha eolaíocha, anailíseacha agus eipidéimeolaíocha, lena n-áirítear torthaí ó thionscadail taighde arna gcistiú ag an Aontas;

(d) moltaí EDS, i gcás ina mbeidh siad ar fáil;

(e) anailís ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann an liosta táirgí atá le bheith faoi chumhdach na freagrachta leathnaithe táirgeoirí a oiriúnú i leith na héabhlóide ar raon na dtáirgí a chuirtear ar an margadh, i leith an eolais feabhsaithe maidir le micreathruailleáin a bheith san fhuíolluisce agus a dtionchar ar an tsláinte phoiblí agus ar an gcomhshaol, agus i leith sonraí ó na hoibleagáidí faireacháin nua ar mhicreathruailleáin sna hionraonta agus sna hasraonta de chuid na gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh.

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le príomhthorthaí na meastóireachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus do Choiste na Réigiún.

2. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, a ullmhú.

Airteagal 31

Athbhreithniú

Gach 5 bliana, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chur chun feidhme na Treorach seo, agus beidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil léi, i gcás inarb iomchuí leis an gCoimisiún.

---

🡅

*Airteagal 32*

Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha

1. Déantar Treoir 91/271/CE, arna leasú leis na gníomhartha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir seo, a aisghairm le héifeacht ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = an chéadden cheathrú mí fichead tar éis dháta theacht i bhfeidhm na treorach seo] gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun trasuí isteach sa dlí náisiúnta a dhéanamh ar na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir seo.

---

⇩ nua

2. Beidh feidhm ag Airteagal 3(1) agus Airteagal 6(1) ón 31 Nollaig 2027 i leith Mayotte.

3. I gcás fuíolluisce uirbeach a chóireáiltear sna gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh ina gcóireáiltear ualach ina bhfuil 100 000 CD agus os a chion agus nach gceanglaítear orthu na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7(1) a chomhlíonadh faoin 31 Nollaig 2030, leanfaidh Airteagal 5 de Threoir 91/271/CE ón gComhairle d'fheidhm a bheith aige maidir leo go dtí an 31 Nollaig 2035.

I gcás fuíolluisce uirbeach a sceitear ó cheirtleáin ina bhfuil idir 10 000 CD agus 100 000 CD agus nach gceanglaítear orthu na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7(3) a chomhlíonadh faoin 31 Nollaig 2035, leanfaidh Airteagal 5 de Threoir 91/271/CE ón gComhairle d'fheidhm a bheith aige maidir leo go dtí an 31 Nollaig 2040.

---

🡹

4. Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn [VIII].

---

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 33~~19~~*

⌦ Trasuí ⌫

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun ⇨ Airteagail […] agus Iarscríbhinní […] [déan tagairt do na hairteagail agus na hiarscríbhinní a leasaíodh ó thaobh substainte de i gcomparáid leis an Treoir aisghairthe] a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an lá deiridh den tríú mí is fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ⇦ ~~an Treoir seo tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 1993~~. Cuirfidh siad ~~ar an eolas láithreach~~ ⌦ téacs na bhforálacha sin in iúl ⌫ don Choimisiún láithreach ~~den chéanna~~.

~~2.~~ Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit ⌦ na bearta sin⌫, ~~dá dtagraítear i mír 1~~beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ⌦Áireofar iontu freisin ráiteas go bhforléireofar mar thagairtí don Treoir seo tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo, ar tagairtí iad atá i ndlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin atá ann cheana. ⌫ ~~Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na modhanna le tagairt den sórt sin a dhéanamh~~ Cinnfidh na Ballstáit ⌦ conas a dhéanfar tagairt den sórt sin agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach ⌫ .

2~~3~~. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún téacs~~anna~~ phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a ~~rialaítear~~ ⌦chumhdaítear ⌫leis an Treoir seo.

---

🡹

*Airteagal 34*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm ag Airteagail […] agus Iarscríbhinní […] [déan tagairt do na hairteagail agus na hiarscríbhinní **nár**athraíodh i gcomparáid leis an Treoir aisghairthe] ó […] [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den cheathrú mí is fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

---

🡻 91/271/CEE (oiriúnaithe)

*Airteagal* 35~~20~~

⌦ Seolaithe ⌫

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán* | *An tUachtarán*